# CAIGHDEÁIN AGUS TREOIRLÍNTE CLÁR RTÉ 2008

**Is é an leagan leictreonach (ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ), a nuashonraítear mar is gá, an sainleagan de na Caighdeáin agus Treoirlínte. Iad siúd a bhfuil leagan prionta in úsáid acu, ba cheart dóibh cros-seiceáil a dhéanamh leis an leagan leictreonach le cinntiú go bhfuil siad ag teacht ar an gcomhairle agus na rialúcháin is cothroime le dáta**

**Athcheartaithe go deireannach ……26 Meitheamh 2008**

Nóta

Gabhann an t-eagrán seo 2008 ionad eagráin 2007. Cuireann an t-eagrán seo san áireamh athruithe sa reachtaíocht, sa rialachán agus sa timpeallacht chraolacháin a ndearnadh le cúig bliana anuas. Leanann roinnt mhír gan athrú ó eagrán 2007, tá athcheartú déanta ar roinnt eile acu agus tá cuid acu iomlán nua.

© RTÉ 2008

## Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 4 |
| An Creat Dlíthiúil agus an Craolachán Seirbhíse Poiblí | 5 |
| Cothroime agus Macántacht | 9 |
| Neamhchlaontacht | 11 |
| Oibiachtúlacht agus Cruinneas | 11 |
| Ionracas agus Neamhspleáchas | 14 |
| Ilghnéitheacht Tuairime | 16 |
| Meas orthu siúd atá Leochaileach | 17 |
| Cuntasacht | 18 |
| Clúmhilleadh | 19 |
| Craoladh Ceartúchán, Soiléiriú agus Leithscéalta | 21 |
| Díspeagadh Cúirte | 22 |
| Tuairisciú ar Léigir, Fuadaigh, Leamhsháinneacha, etc. | 24 |
| Tuairisciú in Áiteanna Poiblí agus Príobháideacha | 26 |
| Cláir Tuairimí Pearsanta | 27 |
| Rochtain ar Chláir Bheo | 28 |
| Tuairisciú ar Fhaisnéis Airgeadais | 29 |
| Cosaint ar Fhoinsí Iriseoirí | 30 |
| Eagarthóireacht ar Agallaimh | 31 |
| Tuarisciú ar Fhéinmharú i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha | 32 |
| Príobháideachas | 33 |
| Anaithnideacht | 36 |
| Úsáid Athchruthaithe ar Chláir Nuachta, Cúrsaí Reatha agus Faisnéise | 38 |
| Rannpháirtithe i gCláir | 40 |
| Craolachán agus Foréigean | 42 |
| Caighdeán Clár | 45 |
| Ionracas i gCláir | 46 |
| Graostacht | 48 |
| Collaíocht agus an Craolachán | 49 |
| Caint Dhéistineach i gCláir | 50 |
| Cúram sa Chaint | 51 |
| Taifeadadh faoi Choim, Úsáid Ceamaraí Ceilte agus TFCI (CCTV) | 52 |
| Línte Cúnaimh agus Achainíocha Carthanais | 53 |
| Creidimh | 54 |
| Úsáid Pobalbhreitheanna agus Míreanna Vox Pop i gCláir | 55 |
| Lucht Féachana Stiúideo | 57 |
| Poiblíocht agus Faisnéis | 58 |
| Leanaí agus an Craolachán | 59 |
| Caithreamh Alcóil agus an Craolachán | 68 |
| Cláir Ghaeilge | 69 |
| Meas ar Ilghnéitheacht | 70 |
| Craoladh don Náisiún Iomlán agus don Domhan Mór | 71 |
| Aitheantas do Ghrúpaí Imeallacha | 72 |
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI) | 73 |
| An tAcht um Chosaint Sonraí | 75 |
| RTÉ agus Gníomhaíochtaí Polaitiúla | 76 |
| Feachtais Toghcháin agus Reifrinn | 78 |
| Gníomhaíocht Choiriúil agus an Craolachán | 79 |
| Fógraíocht, Urraíocht agus Cúrsaí Tráchtála | 81 |
| Cóipcheart, Cearta agus Dleachtanna | 83 |
| Cartlanna | 85 |
| Seirbhísí Ar Líne RTÉ | 86 |
| Préimh-Ghlaonna | 87 |
| Ag déileáil le Gearáin faoi Chláir | 88 |
| An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin | 89 |
| Ceisteanna Sláinte agus Sábháilteachta | 91 |
| Rabhaidh Buama agus Slándáil ag RTÉ | 93 |

**NÓTA**

**Tá reachtaíocht Craolacháin dlite i 2008 ar féidir go n-athróidh sí go leor gné de ghníomhaíochtaí agus de struchtúir RTÉ. Chomh maith leis sin, tá athruithe molta le teacht sna na dlíthe maidir le Príobháideachas agus Clúmhilleadh. Nuashonrófar na *Caighdeáin agus Treoirlínte Clár* chomh luath agus a h-achtófar an reachtaíocht nua. Seiceáil, led thoil, an dáta is déanaí athcheartaithe ar an gclúdach.**

## Réamhrá

Fáilte chuig eagrán 2008 de *Chaighdeáin agus Treoirlínte Clár RTÉ.* Feartar an fháilte seo ar gach clárdhéantóir, iad siúd atá ag obair i RTÉ agus ag obair ar chláir atá coimisiúnaithe ag RTÉ, agus chuig an bpobal a dhéanann rochtain ar ár seirbhísí Raidió, Teilifíse, Ar Líne agus Foilsitheoireachta. Leagann na Caighdeáin agus na Treoirlínte seo amach polasaithe eagarthóireachta RTÉ, ár stádas agus ár n-oibleagáidí dlíthiúla, ár bhfreagrachtaí, ár n-ardaidhmeanna chun na caighdeáin is airde a bhaint amach, agus ár dtiomantais.

Is í an mhuinín croílár an chraolacháin seirbhíse poiblí. Má tá an rath le bheith ar RTÉ, níféidir é a bheith bunaithe ach amháin ar mhuinín mhuintir na hÉireann ina bhfeiceann agus ina gcloiseann siad ar an raidió, ar an teilifís agus ar a ríomhairí. Ní mór do RTÉ a bheith cuntasach as a ndéanann sé. Tá an pobal i dteideal bheith ag súil leis an scoth ó RTÉ. Cuireann na treoirlínte seo slat tomhais ar fáil lenar féidir leis an bpobal breithiúnas a thabhairt orainn. Deirimid leis na clárdhéantóirí dul agus na cláir is fearr is féidir a dhéanamh le hionracas, le macántacht agus le samhlaíocht; séard a deirimid leis an bpobal ná sinn a choimeád cuntasach de réir na gcaighdeán is airde. Tá áit lárnach ag RTÉ sa saol poiblí in Éirinn; sinne a chuireann ar fáil mórchuid den fhaisnéis is gá chun castacht na sochaithe freacnairí a thuiscint, léirímid ilghnéitheacht chultúrtha an oileáin, cuirimid siamsaíocht ar fáil, déanaimid saighdeadh, imscrúdaímid, soláthraímid comhthéacsanna, agus cuirimid an spás poiblí ar fáil chun díospóireachta agus anailíse. Caithfidh tiomantas dian do méid áirithe eochairphrionsabal eagarthóireachta a bheith mar bhunús le gach a ndéanaimid.

Cothroime agus Macántacht
Neamhchlaontacht
Oibiachtúlacht agus Cruinneas
Ionracas agus Neamhspleáchas
Ilghnéitheacht Thuairime
Meas orthu siúd atá Leochaileach Cuntasacht

Déantar cíoradh ar na prionsabail eagarthóireachta seo sna míreanna atá le teacht. Cloch choirnéil na craoltóireachta seirbhíse poiblí is ea iad agus imríonn siad tionchar ar gach a ndéanaimid. Tá RTÉ ag craoladh do mhuintir na hÉireann le 80 bliain. Tá clú bainte amach againn i súile ár lucht éisteachta / féachana a bhfuil sé ar intinn againn a chothabháil. Soláthraíonn na Treoirlínte seo cúnamh do chlárdhéantóirí d'fhonn a chinntiú go méadófar arár gclú sna blianta le teacht agus go mairfidh muinín an phobail as RTÉ.

Cumasc de riachtanais shainordaitheacha (i gcló trom) agus treoir do chlárdhéantóirí atá sna treoirlínte. Cuireann siad in iúl don phobal, freisin, na prionsabail eagarthóireachta aguseiticiúla atá mar bhunús le haschur iomlán RTÉ.

Cathal Goan
Príomh-Stiúrthóir

## An Creat Dlíthiúil agus an Craolachán Seirbhíse Poiblí

**An Creat Dlíthiúil**

Cuireadh tús le craolachán Raidió RTÉ ar mhuintir na hÉireann i 1926. Ar feadh an chéad 35 bliana ba lán-státsheirbhísigh iad an lucht fostaithe, ag obair sa Roinn Poist agus Telegrafa. Is tar éis achtaithe an Achta um Údarás Craolacháin, 1960 a tosaíodh ar bhunú neamhspléachais dlíthiúil agus oibleagáidí eagarthóireachta an chraolacháin. Is iad na heochairphíosaí reachtaíochta um chraolachán seirbhíse poiblí Acht 1960, an tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976 agus an tAcht Craolacháin, 2001.

Chuir Acht 1960 an bonn reachtach ina ionad chun bunaithe Údaráis RTÉ agus struchtúir fhoirne RTÉ. Maidir le clárdhéantóirí, is é Alt 18 den Acht an t-eochairalt.

*Beidh de dhualgas ar an Údarás* (i.e. RTÉ) *a áirithiú, go ndéanfar, nuair a chraolfaidh sé aon eolas, nuacht nó sainmhír a bhainfidh le hábhair chonspóide poiblí nó is ábhar díospóireachta poiblí le linn na huaire, go ndéanfar an t-eolas, an nuacht nó an tsainmhír a fhoilsiú go hoibíochtúil agus go neamhchlaon gan tuairimí an Údaráis féin a nochtadh.*

Leagann an t-alt seo amach, gan athbhrí, an riachtanas atá ar RTÉ a bheith oibiachtúil neamhchlaon agus gan úsáid a bhaint as na haertonnta chun a thuairimí féin a chur in iúl. Séard a thuigtear leis an riachtanas deireanach seo ná nár cheart do RTÉ tuairim eagarthóra a thabhairt ina chláir agus nár cheart d'iriseoirí agus léiritheoirí ligean dá dtuairimí pearsanta tionchar míchuí a imirt ar na cláir. Ní chiallaíonn sé seo, áfach, go bhfuil cosc ar láithreoirí a gcuid tuairimí féin a chur in iúl anois is arís chomh fada is a thuigeann an lucht éisteachta / féachana nach gá gurb iad tuairimí RTÉ na tuairimí atá á gcur in iúl.

Rinne Acht 1976 níos caolchúisí na hoibleagáidí i leith oibiachtúlachta agus neamhchlaontacht agus chuir le hoibleagáidí eile

Chuir Alt 3, Acht 1976 le hAlt 18, Acht 1960 agus shonraigh:

*(1)(a)*
*go ndéanfar an nuacht go léir a chraolfaidh sé* (RTÉ) *a thuairisciú agus a fhoilsiú gohoibiachtúil neamhchlaon gan aon tuairimí de chuid an Údaráis féin a chur in iúl*

*(1)(b)*
*go mbeidh an tslí a gcraolfar cúrsaí reatha, lena n-áirítear ábhair chonspóide poiblí nó díospóireachta reatha poiblí, cothrom do gach a mbeidh leas acu iontu agus go ndéanfar ábhar an chraolta a fhoilsiú go hoibiachtúil neamhchlaon gan aon tuairimí de chuid an Údaráis féin a chur in iúl*

Chuir an tAlt seo riachtanas eile leis na riachtanais ar RTÉ a bheith neamhchlaon agus oibiachtúil, is é sin, ní mór do RTÉ a bheith cothrom freisin ina thuairisciú cúrsaí reatha. Gné thábhachtach is ea gur cheadaigh sé chomh maith go mbainfí amach neamhchlaontacht, oibiachtúlacht agus cothroime mar aidhmeanna i gcúrsaí reatha i rith líon áirithe de chraolta gaolmhara. Shonraigh an tAcht:
*Mura féidir mír (b) . . . a chur chun feidhme in aon chlár amháin, féadfar a mheas gur clár iomlán dhá chraoladh ghaolmhara nó níos mó; ar choinníoll go ndéanfar na craoltaí a fhorleathadh laistigh de thréimhse réasúnach.*

Chuir Acht 1976 saoirse amháin ar fáil maidir le craoladh a thuairimí féin ag RTÉ. Cheadaigh an tAcht do RTÉ tuairim eagarthóra a thabhairt ar chúrsaí polasaí craolacháin.

Anuas ar sin, leag an tAcht d'oibleagáid ar RTÉ nach gcraolfaí aon rud *a bhféadfaí a mheas le réasún gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú nó gur de ghné é a dhéanfadh dochar d'údarás an Stáit.*

D'éiligh an tAcht freisin ar RTÉ *gan cúngracht mhíréasúnach ar phríobháideachas pearsan aonair* a dhéanamh*.*

Bhunaigh an tAcht freisin an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin chun breith a thabhairt ar ghearáin gur sháraigh RTÉ aon cheann de na hoibleagáidí thuas.

In Alt 19, d'ordaigh an tAcht Craolacháin, 2001 do Choimisiún Craolacháin na hÉireann códanna a dhréachtadh a mbeadh feidhm acu i gcás na n-eagraíochtaí craolacháin ar fad ceadúnaithe sa Stát. Orthu seo bhí:

*(a) A code specifying standards to be complied with, and rules and practices to be observed, in respect of the taste and decency of programme material…and, in particular, in respect of the portrayal of violence and sexual conduct*

*(ba code specifying standards to be complied with, and rules and practices to be observed in respect of advertising, teleshopping material, sponsorship and other forms of commercial promotion employed in any broadcasting service…*

*(c) a code specifying standards to be complied with, and rules and practices to be observed, in respect of advertising…which relates to matters likely to be of direct or indirect interest to children.*

Rinneadh soláthar chomh maith do dhreachtadh riachtanas craolta le haghaidh daoine atá dall nó lagradharcach..

Rinne Acht 2001 i mír 24 (2)(f) soláthar go ndéanfadh an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin breith maidir le gearáin go ndearnadh i gcraoladh *an assertion . . . of inaccurate facts or information in relation to that person which constituted an attack on that person's honour or reputation.*

Ag meas an chreata dlíthiúla craolacháin dúinn, is gá intinn a choimeád dírithe i gcónaí ar an gceart bunreachtúil do shaoirse chainte atá ag gach saoránach agus an pháirt atá ag na meáin i soláthar áise chun go gcuirfeadh saoránaigh an ceart sin i bhfeidhm. Is cuid thábhachtach í saoirse chainte, pé acu sainmhínithe sa bhunreacht nó sa dlí Eorpach di, d'armlann an chraolacháin seirbhíse poiblí, agus é ag cur chuige chun freastal ar a bpobal trí eolas, tuairimí agus díospóireacht a chur ar fáil.

Is féidir cur síos úsáideach ar struchtúir agus Feidhmeanna RTÉ a fháil ar láithreán gréasáin RTÉ (www.rte.ie) sa rannán *About RTÉ*..

**Craolachán Seirbhíse Poiblí**
Faoin Acht Craolacháin, 2001, tá iallach ar RTÉ craolachán na seirbhísí poiblí a chothabháil ar theilifís agus ar raidió. Deir Alt 28 (2) den Acht go gcaithfidh RTÉ

*(a) provide a comprehensive range of programmes in the Irish and English languages that reflect the cultural diversity of the whole island of Ireland and include…programmes that*

*entertain, inform and educate, provide coverage of sporting, religious and cultural activities and cater for the expectations of the community generally as well as members of the community with special or minority interests, and which, in every case respect human dignity*

*(b) provide programmes of news and current affairs in the Irish and English languages, including programmes that provide coverage of proceedings in the Houses of the Oireachtas and the European Parliament*

*(c) facilitate or assist contemporary cultural expression and encourage or promote innovation and experimentation in broadcasting.*

Tá **Cairt um Chraolachán Seirbhíse Poiblí**, a chuireann síos ar a bhfuil súil leis ó RTÉ ina chraoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, foilsithe ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Tá an doiciméad iomlán ar fáil ag http://www.dcmnr.gov.ie. Sainmhíníonn an Chairt sainchúraim RTÉ

*Mar an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, léireoidh RTÉ luachanna daonlathacha, sóisialta agus cultúrtha shochaí na hÉireann agus an gá atá ann chun iolrachas na meán a chaomhnú*

*Tabharfaidh RTÉ faoi éagsúlacht réigiúnda, chultúrtha agus pholaitiúil na hÉireann agus a cuid muintreacha a léiriú go macánta agus go cothrom an t-am ar fad.*

*Ní thaispeánfar aon chlaonadh eagarthóireachta nó ó thaobh na gclár de maidir le hinscne, aois, míchumas, cine, claonadh gnéiseach, reiligiún nó ballraíocht de phobal mionlaigh .*

*Tabharfar faoi thuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha le héagsúlacht dearcaidh; níor cheart measúnú a dhéanamh ar imeachtaí ná tuairisciú a dhéanamh orthu le dearcadh de chuid Bhaile Átha Cliath amháin.*

*Léireoidh cláir RTÉ éagsúlacht réigiúnda agus ina measc beidh raon agus cion suntasach de chláir dhúchasacha a dhéanfar lasmuigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath .*

*Cinnteoidh RTÉ, ina chuid clár, go mbeidh meas ar pháistí mar shaoránaigh óga le hionchur fiúntach le tabhairt acu agus le guth dá gcuid féin .*

*Glacann RTÉ leis go bhfuil cumas láidir ag an gcraolachán chun dul i bhfeidhm ar dhaoine, go háirithe ar pháistí agus ar dhaoine óga. Tabharfaidh RTÉ aird, ina chuid clár, ar na freagrachtaí a bhaineann leis seo.*

*Agus an dátheangachas i sochaí na hÉireann á léiriú aige, tacóidh RTÉ go gníomhach le húsáid na Gaeilge sa ghnáthshaol trí chláir oiriúnacha a thairgeadh*

*Is cláir chuimsithe shóisialta a mbeidh i gcláir RTÉ agus léireoidh siad beathaí agus cúraimí céimeanna sóisialta uile na hÉireann.*

*Cuirfidh RTÉ riachtanais iad siúd le míchumas fisiciúil, ceadfaíoch agus intleachtúil san áireamh. Glacfaidh RTÉ céimeanna chun rochtain agus ábharthacht clár don lucht éisteachta / féachana sin a mhéadú.*

*Tabharfaidh RTÉ, ina chuid clár agus ábhar eagarthóireachta, faoi chur i gcoinne bhuanchruth inscne.*

*Beidh meas ag RTÉ, ina chuid clár, ar dhosháraitheacht shaol príobháideach pearsa, mura n-éilíonn leas mór an phobail a mhalairt.*

Leanann an Chairt ar aghaidh le cur síos ar na seirbhísí ar cheart do RTÉ a sholáthar ar na cainéil raidió agus teilifíse, lena ghrúpaí oirfide agus a sheirbhísí Ar Líne. Cuireann sí síos chomh maith ar conas ba cheart do RTÉ ghníomhú maidir le cuntasacht.

Tá **Prionsabail Stiúrtha RTÉ - Cur i bhfeidhm na Cairte um Chraolachán Seirbhíse Poiblí** foilsithe ag RTÉ. Tá an doiciméad iomlán le fáil ar láithreán gréasáin RTÉ sa rannóg "About RTÉ" (http://www.rte.ie/about/guiding_principles) Leagann an doiciméad seo amach croíluachanna RTÉ ar ceart dóibh bheith mar thaca faoi sheirbhísí uile RTÉ.

*Croíluachanna RTÉ*

*An lucht féachana agus éisteachta a chur chun tosaigh i gcónaí agus a bheith inár seirbhís uileghabhálach saor ó shíntiús ar an aer*

*Luachanna ilghnéitheacha dhaoine in Éirinn a chur in iúl, go háirithe luachanna cultúir lena n-áirítear teanga, creideamh agus riachtanais réigiúnacha ar fud na n-aoisghrúpaí ar fad*

*Cláir agus seirbhísí ardchaighdeáin a mbeadh tóir choitianta orthu a chur ar fáil, cartlanna san áireamh*

*A bheith ildánach sa soláthar agus é de mhisneach againn dul sa chontúirt*

*Seirbhís éifeachtach den scoth a chur ar fáil ar bhonn luach ar airgead*

*Oibriú ar bhealach cóir, soiléir*

*Bheith cruinn, neamhchlaonta sa tuairisciú Nuachta ar fad*

*Trácht ghrinn ghéar ar Chúrsaí Reatha a chur ar fáil*

## Cothroime agus Macántacht

Is dócha gurb iad cothroime agus macántacht na tréithe is tábhachtaí ar cheart do chlárdhéantóirí a bheith ag dréim lena mbaint amach ina n-aschur. Thar aon rud eile, bacheart do lucht éisteachta raidió RTÉ, lucht féachana teilifíse RTÉ, agus lucht úsáide seirbhísí Ar Líne RTÉ a bhraith go bhfuil aschur RTÉ cothrom macánta. Is ann do RTÉ chun freastal ar mhuintir uile na hÉireann. Is é is lú is féidir leis an bpobal a bheith ag súil leis ó RTÉ ná go bpléifidh sé go cothrom lena leas, a dtuairimí, a gcreidimh, a n-oidhreacht agus a ndóchas. Caithfidh an chothroime a bheith i gcroílár gach a gcraolann seirbhís chraolacháin poiblí. Baineann sé seo leis an bpobal i gcoitinne a úsáideann seirbhísí RTÉ, agus leo siúd a dtugtar cuireadh dóibh a bheith páirteach i gcláir nó a bhíonn mar ábhar i dtuairiscí nuachta. Ní mór don lucht éisteachta / féachana a bhraith go bhfuil na clárdhéantóirí ag déanamh a ndícheall a bheith ionraic, agus nach bhfuil taobh amháin nó taobh eile á dtacú acu, nach ionadaithe iad ar leasanna dílsithe agus nach mbaineann a leas pearsanta féin lena gcraolann siad.

I measc a ndualgas eile don phobal, ciallaíonn sé gur gá do chlárdhéantóirí a bheith macánta maidir le cuirí do rannpháirtithe, a bheith onórach maidir le heagarthóireacht ar agallaimh, agus dílseacht leanúnach don chothroime a léiriú ina gcláir go léir agus ina bplé leis an lucht éisteachta / féachana.

Nuair a thriallann clárdhéantóirí ar bhaill den phobal agus iarrann orthu a bheith rannpháirteach i gcláir, is ceart nádúr agus aidhm an chláir a shoiléiriú dóibh. Ní ceart bob a bhualadh ar dhaoine faoi sprioc an léiriúcháin. Tá sé inghlactha go dtiocfadh gléine ar ghné-chláir le linn taighde agus léiriúcháin, ionas go dtiocfadh fócas chun soiléire ar féidir nach raibh sé follasach ag tús an léiriúcháin. Mar sin féin, is fearr go mbeadh clárdhéantóirí macánta leis na rannpháirtithe ag gach céim. Má thagann athrú suntasach ar fhócas tuairisce i rith a dhéanta, ba cheart go dtabharfaí eolas do na rannpháirtithe faoin athrú fócais. I gcláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha is féidir go ndiúltófaí d'achainí chun tarraingt siar ó am go ham má bhíonn cúis throm eagarthóireachta ann chun leanúint le craoladh mar a bhí beartaithe i dtosach. Níor cheart cinneadh a dhéanamh dul ar aghaidh gan cead an bhainisteora eagarthóireachta cuí.

Ó am go chéile, i gcás clár siamsaíochta, d'fhéadfadh gné éigin den gheit nó den bhob a bheith sníofa sa léiriúchán. I ngach cás is gá fíornádúr an chláir a shoiléiriú do rannpháirtithe sula gcraoltar é. Más mian le rannpháirtí go mbainfí den chlár é, is ceart don fhoireann léirithe déanamh dá réir.

**Tuairisciú Iniúchach**

Uaireanta, d'fhéadfadh go mbeadh méid áirithe den dallamullóg i gceist i gcás tuairisciú iniúchach, chun gur féidir fiosrú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. (Iriseoir, cuir i gcás, atá ag imscrúdú cleachtas mímhacánta sa mhótarthoinscal, ag ligean air gur gnáththomhaltóir é, agus ag iarraidh ar gharáiste a ghluaisteán a dheisiú.) Chun é seo a dhéanamh, is gá cead an Cheannasaí Roinne, agus is gá cead a fháil sula ndéantar taifeadadh. Baineann an ceanglas seo le foireann RTÉ, agus le comhlachtaí neamhspleácha coimisiúnaithe ag RTÉ chun déanta clár. Sa chás deiridh, is gá an t-iarratas chuig an gCeannasaí Roinne a sheoladh tríd an Eagarthóir Coimisiúnaithe cuí. Caithfidh an Ceannasaí Roinne a bheith sásta go bhfuil dallamullóg dá leithéid chun leasa an phobail agus nach bhfuil aon slí eile chomh héifeachtach ann chun an tuairisc a chur ar fáil. I gcás daoine a ndéantar taifeadadh físe nó fuaime orthu trí chluain, is gá sin a chur in iúl dóibh roimh an gcraoladh, agus is gá deis a thabhairt dóibh a gcás a chur i láthair i ndiaidh na scannánaíochta nó an taifeadta. **(Féach an mhír faoi Thaifeadadh faoi Chluain, Úsáid Ceamaraí Ceilte agus TFCI (CCTV))**

**Athchraoladh ábhair**

Is gá do chlárdhéantóirí a bheith rí-chúramach nuair atá ábhar á athchraoladh i gcomhthéacs seachas an comhthéacs inar taifeadadh é, nó má tá athchraoladh ar siúl tamall fada tar éis an chéad taifeadadh. D'fhéadfadh iar-úsáid a bheith leatromach, nó goilliúnach ar na rannpháirtithe, thar mar a bheadh inchosanta. Sula ndéantar athchraoladh, is cóir d'fhoirne léirithe aon doiciméadú, foirmeacha toilithe, conarthaí etc. a thabhairt ar a n-aird. Imeacht an ama, forbairtí ar an ábhar, agus neas-suíomh an ábhair le linn an phróisis eagarthóireachta, is féidir leo go léir athrú a chur ar nádúr an ghiota rannpháirtíochta agus ligean do chraoladh rud éigin leatromaigh.

## Neamhchlaontacht

Príomh-ardán díospóireachta poiblí is ea RTÉ. Ba cheart go mbeadh ar chumas an lucht éisteachta / féachana gach taobh den díospóireacht náisiúnta a chloisteáil ar na haertonnta againne. Ba cheart go bhfeicfidís láithreoirí clár mar dhaoine neodracha, seachas a bheith ar thaobh áirithe i gcás conspóide poiblí. Ba cheart an méid poiblíochta a thugtar do ghrúpa atá i bhfabhar aon chúise ar leith a bheith tomhaiste le cáiréis, mar má chaitear an iomarca spáis le taobh amháin is féidir an díospóireacht phoiblí a chur as a riocht. Ba cheart do RTÉ na príomhthreonna machnaimh agus na sruthanna tuairimíochta is mó a léiriú sa chlár. I súile an phobail, ba cheart go mbeadh sé de cháil ar thuairisceoirí go bhfuil siad neamhchlaonta agus na fíricí á imlíniú acu, gan claonadh ar thaobh nó ar thaobh eile. Ní chiallaíonn seo gur gá go mbeadh paisean agus tiomantas in easnamh ar na cláir. Ciallaíonn sé go nglacann clárdhéantóirí leis an dualgas na fíorais mar a fhaigheann siad iad a chur os ár gcomhair, agus go dtugtar deis do gach taobh a ndearcadh a chur in iúl.

Bheadh sé deacair áibhliú a dhéanamh ar thábhacht Nuacht RTÉ mar eochar-soláthraí faisnéise neamhchlaonta do mhuintir na hÉireann.  Pé díolúine atá ann i leith tuairimí agus cur in iúl dearcadh pearsanta i leith clár i gcoitinne, tá oibleagáid dhian i gcláir nuachta le neamhchlaontacht chuí a choimeád. Ní chuimsíonn oibleagáid dhlíthiúil RTÉ maidir le neamhchlaontacht ach cláir nuachta agus cúrsaí reatha (sainmhínithe in alt 3 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976 mar chláir *lena n-áirítear ábhair chonspóide poiblí nó díospóireachta reatha poiblí*). Is léir go gcaithfear léamh éagsúil a bhaint as freagrachtaí i leith neamhchlaontachta i gcláir ghrinn, spóirt, drámaíochta etc. D’fhéadfadh tosca uathúil a bheith ag feidhmiú i ngach cás.

**Láithreoirí agus neamhchlaontacht**

Tá oibleagáid ar leith ar láithreoirí le bheith neamhchlaonta. Ag cothú díospóireachta dóibh, ba cheart go bhfeicfí na láithreoirí mar mholtóirí idir fhoirne faire éagsúla, ag misniú díospóireachta. Nuair a tharlaíonn agallamh, agus gan ach ionadaí thaobh amháin argóna i láthair, is féidir leis an láithreoir na frith-argóintí a chur. Aithnítear ról *abhcóide an diabhail* a bheith dlisteanach agus, ar uairibh, ina ról riachtanach ag láithreoirí. Is féidir an ról seo aghlacadh gan a bheith claonta. Pearsanú ar RTÉ is ea na láithreoirí i súile fhormhór an phobail. Is iad guth agus aghaidh RTÉ iad i ndáiríre. Is gá don lucht éisteachta / féachana meas na neamhchlaontachta a bheith acu ar chraoltóirí, mar aon le meas na cothroime agus an chruinnis. Caithfidh láithreoirí agus tuairisceoirí nuachta agus cúrsaí reatha, go háirithe, a bheith ríchúramach maidir leis seo. Ní chiallaíonn oibleagáid na neamhchlaontachta nach féidir le hagallóirí tuairimí breithiúnacha gríosaitheacha a chur in iúl ach deis agus am a bheith ag an agallaí freagra a thabhairt ar na ceisteanna a chuirtear.

Tá séanra amháin cláir inar féidir le láithreoir a t(h)uairim féin a thabhairt níos neamhshrianta, agus sin Cláir Tuairimí Pearsanta. Tá áit sa chraolachán ag tuairimí chomh maith le cur i láthair fíricí. Cuirtear le tuiscint an phobail ar cheisteanna agus fáil acu ar Chláir Tuairimí Pearsanta. Chun go n-aireodh an pobal go bhfuil RTÉ neamhchlaonta, tá sé tábhachtach go ndéanfaí sainaithint ar Chláir Tuairimí Pearsanta mar dhearcadh an láithreora. Tá oibleagáid freisin ann a chinntiú nach mbeidh an chothroime thíos leis i gCláir Tuairimí Pearsanta. Go ginearálta, is fearr a fheidhmíonn Cláir Tuairimí Pearsanta nuair a bhíonn an láithreoir neamhspleách, méid áirithe, ó RTÉ. (Féach an mhír ar **Chláir Tuairimí Pearsanta.**)

## Oibiachtúlacht agus Cruinneas

Déanann RTÉ craoladh i dtimpeallacht fíor-iomaíoch. Tá go leor seirbhísí nuachta raidió, teilifíse agus idirlín ar fáil. Tá sé riachtanach, chun go mbeadh áit lár-ábhartha ag RTÉ sa saol poiblí, go mbeadh muinín ag an bpobal as oibiachtúlacht agus cruinneas a gcloiseann,

abhfeiceann agus a léann siad ar sheirbhísí RTÉ. Ní mór go mbeadh sé mar uaillmhian ag RTÉ go mbeadh formhór an phobail ag braith ar sheirbhísí raidió, teilifíse, agus idirlín RTÉ le mórchuid den fhaisnéis a bhíonn uathu mar shaoránaigh an Stáit a sholáthar dóibh le go mbeidís rannpháirteach sa phróiseas daonlathach. Ní mór cruinneas leis na fíricí a chuireannRTÉ ar fáil leis an fheidhm seo a chothú. Caithfear fíricí a dheimhniú agus a athdheimhniú. Ní leor go mbeadh dealramh ann go bhfuil faisnéis fíor nó go bhfuil cuma na diongbháilteachta ar fhoinse. Tugtar tosaíocht do dheimhniú chomhthacaíoch sula gcraoltar mír nuachta ar bith.

Ní ceart ráflaí nó cur i gcás a chraoladh mar fhíricí. Ní féidir ligean don fhonn nádúrtha a bheith ar thús cadhnaíochta an dualgas chun cruinnis a shárú. Ar an dul chéanna, is gá do chlárdhéantóirí teanga na háibhéile a sheachaint ina gcuid tuairisceoireachta. Ba cheart d'iriseoirí a chinntiú go seachnaíonn siad ina gcuid tuairisceoireachta a dtuairimí pearsanta agus a mbreitheanna pearsanta ar fhiúntas. Is fiú an sean-nath a lua arís eile: cruthaíodh na fíricí iad féin. Ná bíodh droch-mheas ar chumas an lucht éisteachta / féachana na fíricí a thuiscint, gan maisiú, gan tráchtaireacht. Bíodh súil chriticiúil ar na haidiachtaí; is féidir le haidiacht aonair fírinne a iompú ina ráiteas gríosaitheach nó mí-oiriúnach. Dá fhaide a imíonn tuairisc ó na fíricí is ea is mó is cosúil go mbeidh an oibiachtúlacht thíos leis. Ní mór d'iriseoirí a bheith fíor-chúramach faoina rogha téarmaíochta mar is féidir an oibiachtúlacht a lot go neamhbheartaithe. Sampla de seo is ea roghnú na dtéarmaí *militant, freedom-fighter, terrorist,* etc. Is féidir malairt céille a bhaint as tuairiscí de réir pé téarma a luaitear le stádas duine.
.

**Muinín an Phobail as RTÉ**

Ní féidir róbhéim a chur ar thábhacht mhuinín an phobail as RTÉ. In am géarchéime nó móreachtra is ar RTÉ go príomha a chasann an pobal le haghaidh eolais agus comhairle. Is thar thréimhse fhada de bhlianta a cruthaíodh an mhuinín seo as ár gcraolachán, agus is gá é a bhuanú. Is tábhachtaí go mór é ná an dúil a bheith chun tosaigh leis an nuacht. Cruinneas ar dtús, luas sa dara háit. Tá sé seo níos tábhachtaí ná riamh agus an saol ag druidim le seirbhísí nuachta atá ionann is a bheith leanúnach. Baineann seo mar an gcéanna le meáin uile RTÉ, raidió, teilifís, Aertel agus Ar Líne.

Téann an riachtanas cruinnis seo níos sia ná ionchur iriseoirí, láithreoirí, etc. RTÉ. Tá ar RTÉ chomh maith a chinntiú a mhéid agus is féidir, go mbíonn rannpháirtithe i gcláir cruinn ina ndearbhú fíricí. Is gá do láithreoirí ar chláir bheo a bheith ar a n-aire i gcónaí ar eagla ráitis mhíchruinn ó rannpháirtithe. Tharlódh go mbeadh ar láithreoirí ráiteas fíricí a cheistiú, más dóigh leo nach bhfuil sé i gceart. D'fhéadfadh gur gá don láithreoir cláir diúltú dá bhfuil á rá ag rannpháirtí. Ní miste do láithreoirí agus a léiritheoirí a bheith san airdeall i gcónaí ar mheascán tuairimí agus fíricí. Má tá amhras ar láithreoir faoi chruinneas rannpháirtí ar an aer, cuimhníodh sé/sí láithreach gur chóir, b'fhéidir, ceist a ardú faoin ráiteas, diúltú dó, nó RTÉ a scaradh uaidh. Ní sheachnóidh RTÉ dliteanas dá bharr seo, má thagann dliteanas dá leithéid i gceist (i.e. clúmhilleadh), Ach d'fhéadfadh gur lú iarmhairtí an dliteanais dá bharr. Má dhírítear aird ar ráiteas míchruinn a rinneadh ar chlár, d'fhéadfadh gur chóir ceartú a chraoladh. I ngach cás ina bhfuiltear ag smaoineamh ar a leithéid, is ceart comhairle an mhaoir chuí eagarthóireachta a lorg. Uaireanta b'fhéidir nárbh fhiú mioneaspa cruinnis a cheartú, nó d'fhéadfadh bealaí eile a bheith ar fáil chun an ceart-ráiteas fíorais a thabhairt don lucht éisteachta / féachana (ar chlár eile mar shampla).

Féach an mhír ar **Chraoladh Ceartuithe, Soiléirithe agus Leithscéalta.**

Cuireann Alt 24 (2) (f) den Acht Craolacháin, 2001 le sainchúram an Choimisiúin um Ghearáin Chraolacháin chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghearán i gcraoladh inar tharla

*… an assertion was made of inaccurate facts or information in relation to that person which constituted an attack on that person's honour or reputation.*

Tugann an t-alt seo den Acht an ceart do bhall den phobal gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin gur chraol RTÉ rud éigin míchruinn a rinne dochar do chlú an duine sin. Sampla a fhéadfadh a bheith i gceist ná clár spóirt ina ndúirt rannpháirtí nár chruthaigh foireann go maith toisc nár tháinig an traenálaí i láthair ag seisiún traenála. Dá mbeadh sé seo bréagach, is fogha ar chlú an traenálaithe a bheadh ann agus seasfaí le gearán leis an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin.

## Ionracas agus Neamhspleáchas

Is cuid lárnach d'eagraíocht craolacháin seirbhíse poiblí rathúil ar bith muinín an phobail as ionracas agus neamhspleáchas a gcloiseann agus a bhfeiceann siad ar na haertonnta. Tá de cheart ag an bpobal súil a bheith acu go mbeidh craolachán seirbhíse poiblí neamhspleách ar gach leas dílsithe agus nach dtarraingeoidh sé amhras air féin ar chúis ar bith.

**Neamhspleáchas Eagarthóireachta**

Ní mór go mbeadh RTÉ neamhspleách ar rialtas, ar leasanna gnó, ar pháirtithe polaitíochta, ar cheardchumainn agus ar bhrúghrúpaí. Tá RTÉ ann mar sheirbhís don phobal. Is fiú a rá le béim go bhfuil sé tábhachtach go bhfeicfí gur amhlaidh atá. Tá ionad tábhachtach tionchair ag na meáin chraolacháin, mar leanann stádas, tionchar agus gradam fáil orthu, agus ó am go chéile, is buntáiste eacnamúil í. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh muinín ag éisteoirí agus breathnóirí as aidhmeanna na léiritheoirí agus na láithreoirí a shocraíonn cad a bhíonn ar na cláir. Is gá go bhfeicfí go soiléir nach ngnóthaíonn láithreoirí agus tuairisceoirí aon bhuntáiste pearsanta as a shocrú cé a bhíonn ar chlár, cad iad na táirgí a bhíonn orthu, nó cad iad na ceisteanna a phléitear. Tá sé chomh tábhachtach céanna nach mbeadh aon chúis lena cheapadh go léiríonn cinntí eagarthóireachta dearcadh pearsanta na bhfoireann léirithe. Mar shaoránaigh, tá clárdhéantóirí i dteideal a dtuairimí príobháideacha féin faoi dhíospóireachtaí reatha, ach ní ceart go dtuigfí don phobal go raibh cláir oibre, treo na gceisteanna, breitheanna eagarthóireachta, etc., ag brath air sin. Ní cheadaíonn RTÉ do láithreoirí suaitheantais nó siombail reiligiúnacha nó polaitiúla a chaitheamh ar scáileán, lasmuigh de chros, chorrán, Réalta Dháiví, etc. a chaitear go discréideach.

**Láithreoirí agus Bronntanais**

Níl cead ag láithreoirí nó foireann léiriúcháin eile RTÉ tairiscint ar bith a tharraingeodh amhras ar neamhspleáchas agus ionracas RTÉ a ghlacadh. Ní cheadaítear go háirithe bronntanais de níos mó ná luach ainmniúil a ghlacadh. Tá obair thionscnaimh d' eagraíochta tráchtála ar bith toirmiscthe. Ní mór gach iarratas um choinne óráidíochta, cathaoirleacht ar chruinnithe, etc. a tharchur ag bainisteoirí cuí le faomhadh roimh ré. Ní cheadaítear do láithreoirí glacadh le tairiscintí d'úsáid gluaisteán ó sholáthraithe, fiú mura bhfuil gealltanas bolscaireachta ar bith i gceist. Caithfidh saorchonraitheoirí a fhostaíonn RTÉ mar láithreoirí nochtadh a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht tráchtála a bhfuil baint acu leis a fhéadfadh amhras a tharraingt ar RTÉ.

**Láithreoirí agus Tionscnaimh Tráchtála**

Níor cheart do láithreoirí RTÉ fiontar tráchtála ar bith lena bhfuil siad i gcomhcheangal nó as ar féidir a mbeadh gnóthachan airgeadais dóibh a chur chun cinn ina gcláir.

**Táirgí i gCláir**

Ní cheadaítear láithriú táirgí (táirgí brandáilte a chur i láthair ar chlár ar íocaíocht) faoi rialacha an AE. Caithfear aird a thabhairt freisin ar shuntais iomarcaigh ar aon táirgí i gcláir a sheachaint. Níl cead ag léiritheoirí glacadh le táirgí ar phraghas íslithe nó saor in aisce le taispeáint ar chláir má tá aird thar chosaint eagarthóireachta le tabhairt do na táirgí. Ní féidir breathnú ar thairiscintí cabhracha taistil nó iostais ach amháin nuair nach gcuireann glacadh leo isteach ar neamhspleáchas eagarthóireachta an chláir. Caithfear faomhadh an bhainisteora eagarthóireachta a lorg i ngach cás roimh ghlacadh le haon tairiscint dá leithéid. Cuirtear sin i bhfeidhm le cláir inmheánacha agus cláir choimisiúnaithe araon.

**Duaiseanna i gCláir**

Is cóir d’fhoirne léirithe a chur san áireamh, chomh maith, an formhuiniú dealraitheach ar tháirgí a fhéadfadh tarlú agus duaiseanna á dtabhairt amach ar chláir. Agus iad ag cur síos ar dhuaiseanna, níor cheart do láithreoirí ábhar fógraíochta a úsáid. Féach an mhír faoi **Fógraíocht, Urraíocht agus Cúrsaí Tráchtála**.

Ba cheart a bheith cúramach agus aíocht á glacadh ar eagla an dealraimh go dtarraingeofaí amhras ar neamhspleáchas RTÉ. D’fhéadfadh baint ball foirne le cúrsaí oiliúna amhras a tharraingt ar RTÉ freisin. Caithfear cead a fháil ó na Stiúrthóirí Bainistíochta ábhartha nó duine coibhéiseach. Níor cheart do láithreoirí ligean dóibh féin a bheith comhcheangailte le leasanna tráchtála táirgí nó seirbhísí. Tá tuilleadh comhairle agus treorach le fáil san **RTÉ Code of Business Conduct** atá ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ sa rannán *RTÉ Policies*.

D’fhéadfadh dealramh tarraingthe amhrais ar RTÉ a bheith ar spreagadh an luchta éisteachta / féachana le húsáid glaonna teileafóin préimh-ráta nó téacsáil. Féach an mhír ar **Ghlaonna Teileafóin Préimh-ráta.**

**Seirbhísí Ar Líne RTÉ agus Naisc Chomhcheangailte**

Baineann na comaoineacha ar fad thuas le Seirbhísí Ar Líne RTÉ. Maidir le naisc le láithreáin tráchtála a bheith ar láithreáin RTÉ, caithfear a bheith cáiréiseach gan amhras a tharraingt ar ionracas agus neamhspleáchas RTÉ. Cé nach féidir freagracht a lua le RTÉ maidir le rochtain ábhair agus seirbhísí ar láithreáin nasctha, ba cheart do RTÉ a chinntiú nach ndéanfar dochar dá chlú trí bheith comhcheangailte leis na láithreacha seo. Ba cheart naisc chomhcheangailte a rochtain go rialta chun a n-oiriúnacht a chinntiú. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar rabhadh a thabhairt d’úsáideoirí go bhfuil siad ag fágáil láithreáin RTÉ.

Féach na míreanna faoi **Tuairisciú ar Fhaisnéis Airgeadais** agus **Línte Cabhair agus Achainíocha Carthanais.**

## Ilghnéitheacht Tuairime

Tá oibleagáid ar RTÉ seirbhís raidió agus teilifíse a sholáthar atá ar fáil do mhuintir uile na hÉireann. Ba cheart go léireodh a aschur taithí agus ábhar suime an phobail uile. Is leis na daoine úinéireacht RTÉ. Is é RTÉ craoltóir an phobail. Séard is ciall leis seo ná go bhfuil an pobal i dteideal súil a bheith acu le luachanna agus tuairimí a léiríonn a dtaithí féin ar an saolin Éirinn sa lá inniu sna cláir lena mbíonn siad ag éisteacht agus ag breathnú. Is gá fairsinge a thabhairt do thuairimí chun é seo a bhaint amach. Is é seo an dúshlán lena dtugann clárdhéantóirí aghaidh. De réir mar a athraíonn sochaí na hÉireann, caithfidh RTÉ a bheith mothálach leis na hathruithe sin. Caithfidh rannpháirtithe clár agus na luachanna a fhaightear i gcláir an t-ilghnéitheacht seo a léiriú. Tá oibleagáid ar chlárdhéantóirí an tsochaí chomhaimseartha a léiriú, i roghnú rannpháirtithe, i gcumadh na bpainéal, i roghnú agallaithe, i bhforbairt scripteanna drámaíochta, i rogha na n-ábhar le haghaidh clár faisnéise. Ba cheart go léireodh aschur RTÉ an mhósáic is Éire sa lá inniu, lena creidiúintí reiligiúnacha agus sprioradálta, a héagsúlacht eitneach, a próifíl aoise, a gnóthachtálacha oideachais, a tuairimí polaitíochta, a suímh eacnamaíochta, a héagsúlacht teanga, an tsuim ilghnéitheach atá sna healaíona agus sa spórt, a hilghnéitheacht chultúrtha, etc. Ba cheart gur cláir iad a bheadh cuimsitheach ar a gcumann Éire an lae inniu. Caithfear fairsinge a thabhairt do thaithí agus luachanna réigiúnda chomh maith le luachanna uirbeacha.

Anuas air sin, níor cheart d'aschur RTÉ a bheith cúng ina dhearcadh. Ba cheart dár gcláir tuiscint agus caoinfhulaingt ar an domhan mór a chuimsiú. Ba cheart go mbeadh áit ar aerthonnta RTÉ do shaibhreas ilghnéitheachta an chine daonna.

Is féidir na hoibleagáidí seo a fháil in Alt 13 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976, mar a shonraítear faoi RTÉ, ina chláir,

*Beidh aird aige ar leasanna agus ar chúraimí an phobail uile, coimeádfaidh sé i gcuimhne a riachtanaí atá comhthuiscint agus síocháin ar fud oileán na hÉireann uile, cinnteoidh sé go léireoidh na cláir na haraíona éagsúla dá bhfuil saíocht phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta, agus beidh cás ar leith aige do na haraíona a shainíonn an tsaíocht sin agus go háirithe don Ghaeilge*

*Tacóidh sé leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh*
*Beidh aird aige ar a riachtanaí atá sé an pobal a dhéanamh eolach tuisceanach ar fhiúchais agus ar thraidisiúin tíortha seachas an Stát, go háirithe na tíortha sin is comhaltaí de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa*

Ba cheart gurb í tuiscint clárdhéantóirí ar a bhfeidhm ná soláthar meán chun nochtaithe tuairimí daoine eile seachas meán chun cur in iúl a dtuairimí féin. Ba cheart go mbeadh teacht ag an lucht éisteachta / féachana ar bhreith ghairmiúil na láithreoirí, seachas a dtuairimí pearsanta féin de ghnáth.  .

Féach an mhír faoi C**láir Tuairimí Pearsanta.**

## Meas orthu siúd atá Leochaileach

Is meán cumhachtach é an craolachán, a bhfuil de chumas aige tionchar a imirt ar aigne an phobail agus ar pholasaí poiblí. Bíodh clárdhéantóirí comhfhiosach ar an bhfreagracht atá orthu an cumas seo a chur chun leasa an phobail. Ina gclárdhéantóirí dóibh, beidh siad faoi anáil leasanna neamhionanna iomaíocha ag coimhlint chun rochtana an mheáin chumhachtaigh seo. Caithfear aird a dháileadh de réir cothroime. Séard is ciall leis seo ná aithint gur féidir go mbeidh leasanna dlisteanacha gan eagrú gan deaslabhairt, agus leasanna eile saibhir ar acmhainní agus dea-eagraithe. I ngach sochaí, go háirithe, tá daoine aonair agus grúpaí atá leochaileach agus gur dóchúil iad a bheith faoi ghannionadaíocht sa chraolachán mura mbíonn clárdhéantóirí gníomhach ag cinntiú go gcloisfear a bhfuil le rá acu.

Is trí pháirtithe polaitíochta, brúghrúpaí, ceardchumainn, stocairí agus cumainn ghairmiúla a tharlaíonn mórchuid díospóireachta poiblí. Cuireadh clárdhéantóirí san áireamh nach mbíonn ionadaíocht ag gach aon duine trí na heagraíochtaí seo, agus ní mór i gcónaí fairsinge a bheith sa chraolachán seirbhíse poiblí don duine aonair chun a scéal féin a insint. Agus roghnú á dhéanamh ar na daoine a mbeidh rochtain acu ar na haertonnta, ní mór aire ar leith a thabhairt do dhaoine aonair agus grúpaí atá leochaileach.

Chomh maith le rochtain ar Raidió, Teilifís agus Ar Líne a sholáthar do dhaoine imeallaithe agus daoine leochaileacha, tá sé riachtanach go gcinnteodh clárdhéantóirí go dtugtar meas cuí dóibh siúd nach bhfuil eolach ar dhíospóireacht phoiblí nó gan ró-mhuinín as a gcumas díospóireachta.

Cuireadh clárdhéantóirí iad féin ar an eolas faoin reachtaíocht ábhartha maidir leis an gceist seo, reachtaíocht mar an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (ar fáil ar www.achtanna.ie) agus an tAcht um Míchumas, 2005 (ar fáil as Béarla mar *Disability Act, 2005* ar www.irishstatuebook.ie). Is iad na naoi gcúinsí sonraithe mar a bhfuil leithcheal mídhleathach inscne, stádas pósta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus ballraíocht sa Lucht Taistil.

## Cuntasacht

Sonraítear i b**Prionsabail Stiúrtha RTÉ** *gur eagraíocht neamhbhrabúis é RTÉ faoi úinéireacht mhuintir na hÉireann* agus go mbíonn sé ag dréim le soláthar ar an bpobal *an t-ábhar dúchasach is fearr is féidir ag tabhairt luach airgid ar bhonn iomlán freagrach.* Mar sin, caithfidh RTÉ a bheith freagrach as na cláir a dhéanann sé agus as mar a chaitheann sé a ioncam. Maidir le cuntasacht, is iad cúraimí na gclárdhéantóirí sa chéad áit na cúraimí a bhaineann le hábhar cláir. Ba cheart do chlárdhéantóirí, chomh fada agus is féidir, nuair a éilítear orthu é, a gcinntí eagarthóireachta agus a dtosaíochtaí a dhlisteanú. Tá RTÉ tiomanta d'fhreagairt fhiúntach a thabhairt ar gach gearán a fhaigheann sé faoi chaighdeáin clár agus gnéithe eile dár n-aschur. Tá d'oibleagáid ar gach clárdhéantóir a bheith rannpháirteach sa phróiseas seo. Féach na míreanna faoi **Déileáil le Gearáin faoi Chláir** agus **Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin.**

**Fáil ar Eolas**

Más le muintir na hÉireann a bheith in úinéireacht éifeachtach ar RTÉ , tá sé riachtanach go mbeadh an fháil is léire is féidir ag an bpobal, agus iomaíochas á chothú, ar an oiread eolaisagus is féidir faoina ndéanann RTÉ agus faoi conas mar a ndéantar é. Tá gach seirbhís a sholáthraíonn RTÉ sa bhfearann poiblí. Mar sin, is den loighic é go dtuigfí, chomh fada agusis féidir, ar mheicníocht clárdhéanta RTÉ.

**Cuntasacht Airgeadais**

Mar an gcéanna, agus RTÉ ag fáil riar maith airgid phoiblí in aghaidh na bliana, ba cheart dó a bheith cuntasach as mar a chaitear an t-airgead sin. An t-aon agús ba cheart a chur san áireamh ná an riachtanas le bheith iomaíoch le freaschraoltóirí. Ní mór do chlárdhéantóirí  a gcaiteachas ar a gcláir a dhlisteanú. De réir ceisteanna iomaíochais, d'fhéadfadh sé seo a bheith inmheánach nó seachtrach.

## Clúmhilleadh

Tá saoirse cainte dlite do gach saoránach. Ach tá gach saoránach i dteideal a c(h)lú a chaomhnú chomh maith. Tá cothrom leasa ann. Dáileadh eolais bunús an chraolacháin. Mar sin, is cuid riachtanach d'armas craoltóra ar bith é saoirse cainte. Ach is cóir do chlárdhéantóirí a bheith fíor-chomhfhiosach freisin go bhféadfadh ábhar clúmhillteach a bheith ar a gcláir, agus go mbeadh iarmhairtí air sin.

**Sainmhíniú ar Chlúmhilleadh**

Is gnách go sainmhínítear clúmhilleadh mar *ráiteas éithigh faoi dhuine a laghdódh meas ar an duine sin i dtuairim daoine ceart-smaointeacha i measc an phobail, nó a luífeadh le ceap fuatha, magaidh nó díspeagtha a dhéanamh den duine, nó a bhfuil sé mar éifeacht aige go nobfadh nó go seachnódh baill ceart-smaointeacha den tsochaí é.* Nuair a chraoltar ráiteas dá leithéid go héagórach, nó nuair a fhoilsítear ar bhealach eile é, d'fhéadfadh caingean chlúmhillte a bheith ag an duine sin faoin dlí sibhialta. Is cóir cuimhneamh nach dtarraingeofaí dliteanas ag gach ráiteas nó ábhar clúmhillteach a fhoilsítear, nó ní fhéadfaí cumarsáid a dhéanamh sa sochaí.

Is gá cúram i gcónaí i gcás ráitis a fhéadfadh damáiste a dhéanamh do chlú duine i súile an phobail. Cinntíodh clárdhéantóirí gach fíric go grinn agus deimhnídis gach ráiteas. Ní bheidh sé seo indéanta, áfach, ar gach ócáid. Ach ba cheart do chlárdhéantóirí, agus iad ag eagarthóireacht ábhair taifeadta agus i mbun clár beo, a bheith feasach faoin gcuntar ábhair chlúmhilltí a chraoladh. Tá sé riachtanach chomh maith a bheith meabhrach, má leanann dlíthíocht craoladh, gur féidir go mbeidh éileamh ar leibhéal cruthúnais thar mar a fheidhmíonn de ghnáth san iriseoireacht. Tharlódh go mbeadh leibhéal cruthúnais cúirte ag teastáil. I gcúis leabhail is ar an duine a dhearbhaigh an ráiteas (nó an foilsitheoir) a thiteann an dualgas cruthúnais, agus ní ar an duine arbh ábhar an ráitis. Ba cheart do chlárdhéantóirí a aireachtáil nach aon chosaint athbhrí d'aon ghnó nó claontagairt. Má thagann clár nó tuarascáil os comhair na cúirte is iad an breitheamh nó an giúiré a shocraíonn cén bhrí a bhaineann siad as tuairisc. De ghnáth, ní bhaineann intinn nó cuspóir an chlárdhéantóra le hábhar. An t-aon rud a chuirtear san áireamh ná tuairim an bhreithimh nó an ghiúiré faoi bhrí an chláir.

Is gá cúram ar leith nuair a úsáidtear ábhar "neamhurchóideach" físe i dtuairisc. Cuir i gcás go bpléifeadh tuairisc le drugaí mídhleathacha, thabharfadh seatanna de dhaoine óga ag dioscó le fios, b'fhéidir, go bhfuil na hógánaigh áirithe sin i mbun gníomhaíochta mídhleathaí. Má tá siad so-aitheanta, d'fhéadfadh cás a bheith acu clúmhilleadh a chur i leith an chraoltóra.

**Cosaintí in aghaidh Éileamh Clúmhillte**

Tá trí phríomhchosaint in aghaidh éilimh chlúmhillte faoi rialacha fadmharthanacha dhlí an chlúmhillte.

- Ar an gcéad dul síos, an ráiteas a foilsíodh a bheith fíor. Beidh an leibhéal cruthúnais mar atá i gcásanna cúirte eile. Is gá finnéithe a ghlaoch agus go ndéanfaí iad a chroscheistiú.
- An dara cosaint gur trácht macánta ar ábhar leasa poiblí a bhí ann (i dtéarmaí dlí, imchaint dhlisteanach, ach le bheith cruinn ní gá an imchaint nó an tuairim a bheith cothrom). Tá tábhacht go háirithe leis an gcosaint seo i ndíospóireacht phoiblí, áit a ndéantar éilimh áibhéalacha go minic agus a dtéann reitric thar fóir. Má thugtar le fios

ar chor ar bith go raibh mailís nó cuspóir míchuí i gceist ag an gclárdhéantóir sa trácht seo nó a chraolta, teipeann ar an gcosaint.

- Pribhléid an tríú cosaint. I gcúinsí áirithe, agus an cothrom á lorg aici idir ceart cainte agus ceart cosanta clú, measann an dlí go mbíonn cosaint tuillte ag foilseacháin áirithe ina bhfuil ábhar clúmhillteach, os cionn aon éilimh ar cheart a dhearbhaíonn an duine nó daoine a ndearnadh na ráitis fúthu. Baineann pribhléid le tuairiscí ar imeachtaí an Oireachtais. Baineann pribhléid chomh maith le tuairiscí ar imeachtaí cúirte. Is le tuairisceoireacht chothrom chruinn chomhaimseartha amháin a bhaineann sé seo. Tá liosta neamhiomlán de theagmhais a mbaineann pribhléid leo leis an dara sceideal den Acht um Chlúmhilleadh, 1961 (sampla is ea tuairiscí ar chruinnithe comhairlí áitiúla). Tugann an dlí ginearálta cosaint do chraoltóir nó foilsitheoir, chomh maith, i gcúinsí áirithe

I gcláir bheo d'fhéadfadh aoi stiúideo rud a rá gan coinne a bhfuil cuma an leabhail air. Tá sé an-tábhachtach go dtuigfeadh an láithreoir stiúideo go bhféadann leabhal tarlú. Ach focal a chur isteach go pras, d'fhéadfadh láithreoir deireadh a chur le baol leabhail, nó a éifeacht a laghdú. Is cinnte má théann caingean leabhail chun na cúirte gur chun leasa RTÉ é más féidir a léiriú nach bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta leis an leabhal, agus go ndearna an láithreoir iarracht an baol leabhail a chosc.

Nuair a chraoltar rud atá míchruinn nó bréagach, d'fhéadfadh iarratas teacht ar cheartú a fhoilsiú. Uaireanta is féidir fadhb a réiteach go tapa le ceartú ar an míchruinneas. Ach ní chloíann craoladh ceartúcháin nó leithscéil cás dlí ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh go laghdódh sé damáiste. **Is ceart comhairle a lorg i gcónaí má tá leithscéal nó ceartú á bheartú.** (Féach an chéad mhír eile faoi **Craoladh Ceartúchán, Soiléiriú agus Leithscéalta**). Ba cheart do chlárdhéantóirí a chur san áireamh gur féidir ceartú i bhfabhar páirtí amháin a bheith ina leabhal ar dhuine eile..

Aon uair a fhéadfadh craoladh ráitis éileamh clúmhillte a mhúscailt, caithfidh clárdhéantóirí an bhainistíocht líne a chur ar an eolas, chun go mbeadh am acu cinneadh meáite a dhéanamh faoin gcraoladh. **Is gá am a bheith ann, chomh maith, le comhairle dhlíthiúil a lorg.**

## Craoladh Ceartúchán, Soiléiriú agus Leithscéalta

Is cuma cé chomh cúramach a bhíonn ullmhú clár, beidh ócáidí ann i gcónaí nuair is gá athchuairt ar ábhar chun a craoladh a shoiléiriú nó a cheartú. Déanann RTÉ tréaniarracht chun go mbeidh an t-eolas ar fad a chraobhscaoileann sé cruinn. Ach tarlóidh earráidí. Má thaispeántar do RTÉ go bhfuil dearmad ann agus má mheastar gur dearmad sách mionchúiseach é, ní dhéanfar tagairt ar an aer dó. Ach caithfear gach iarracht a dhéanamh gan an earráid a dhéanamh in athuair. Má tá earráid níos substaintiúla i gceist agus má chinntear gur gá an cuntas poiblí a leasú, déanfar soiléiriú ar an gceist ar an aer sa chlár atá freagrach as craoladh an eolais mhíchruinn chomh luath agus is féidir.

Má lorgaíonn treasphháirtí an soiléiriú agus má tá seans go leanfadh aon rud as a tharraingeodh amhras ar RTÉ, ní mór aon soiléiriú molta a chur i bhfoirm scripte agus a bheith ceadaithe ag bainisteoireacht eagarthóireachta an chláir roimh chraoladh.

**Más féidir go leanfaidh aon cheist dhlíthiúil as an gclár bunaidh nó as an soiléiriú, téadh clárdhéantóirí i gcomhairle, ar an gcéad dul síos, lena mbainisteoirí eagarthóireachta. Lorgaítear comhairle dhlíthiúil sula ndéantar aon aontú chun craolta. Má chinntear ar shoiléiriú a chraoladh cuirtear i bhfoirm scripte é roimh ré agus déantar é a cheadú. Má tá an scéal tromchúiseach go leor chuige, ba cheart an soiléiriú a thaifeadadh agus gan craoladh beo a dhéanamh air.**

**Leithscéalta**

Más cineál don chraoladh bunaidh gur gá leithscéal foirmiúil, caithfear an craoladh a fhaomhadh ag an mbainistíocht eagarthóireachta, caithfear comhairle dhlíthiúil a lorg agus i gcoitinne, caithfear an leithscéal a bheith thaifeadta roimh an gcraoladh. Cuireadh clárdhéantóirí san áireamh tuin chainte agus cineál gutha an duine a léann an soiléiriú nó an leithscéal.

## Díspeagadh Cúirte

Ceist thábhachtach eile dlí is ea díspeagadh cúirte. Tá coinníollacha ar leith ann a bhaineann le tuairisciú ar imeachtaí, a gcaithfear cloí leo. Is gá a bheith cáiréiseach maidir le scannánú daoine atá ag dul isteach nó ag teacht amach as an gCúirt. Clisé is ea é go bhfuil gach duine neamhchiontach go gcruthaítear a mhalairt. Ach is fiú cuimhneamh ar sin agus daoine a bhfuil coir curtha ina leith á scannánú. B'fhéidir gur buanmharthanaí in aigne an phobail íomhá an duine á thabhairt isteach sa chúirt seachas cinneadh na cúirte gan é a chiontú.

**Neamhnochtadh a gCéannachta siúd os comhair na gCúirteanna**

Tá dhá thoisc ar leith faoina bhfuil toirmeasc ar chéannú dhaoine a bhfuil coireanna curtha ina leith. An chéad cheann díobh seo nuair a bhíonn céannacht duine ina saincheist i gcás cúirte. Mar shampla, má chuirtear ionsaí i leith duine, mar is gá d'fhinné an duine a chonaic sé/sí i mbun an ionsaithe a chéannú, d'fhéadfadh íomhánna teilifíse den chúisí dochar a dhéanamh do chothroime triailach. Tagann an dara toisc i gceist nuair a fhéadfadh sainaithint na n-íospartach, a bhfuil sé socair ag an dlí a gcéannacht a cheilt, tarlú de bharr sainaithint an chúisí. Léirshampla is ea cúiseamh gaoil ghairid in ionsaí gnéis. D'fhéadfaí an t-íospartach a shainaithint go héasca má ainmnítear nó má scannánaítear an té atá cúisithe i dtuairisc. Cuimhníodh iriseoirí gur féidir go sainaithneófaí íospartach le húsáid téarma mar "ciorrú coil" má shainaithnítear cúisí. I gcásanna áirithe mar a gcúisítear duine in éigniú, nó tromchúiseanna collaí áirithe eile, ní cheadaítear an duine sin a shainaithint roimh nó le linn na trialach, agus d'fhéadfadh, i gcúinsí áirithe, nach gceadófaí sainaithint an duine go deo fiú má chinntear ciontach é.

Nuair nach bhfuil toirmeasc dlí ar an té atá cúisithe a shainaithint, is faoi bhreithiúnas na dtuairisceoirí agus na n-eagarthóirí atá sé ar chóir an té a gabhadh agus a cúisíodh a shainaithint i dtuairiscí Nuachta. Ba cheart go gcuimhneódh tuairisceoirí i gcónaí go bhfuil duine neamhchiontach go gcinntear ciontach é. Ní chiallaíonn sé seo, áfach, nach féidir na daoine a cúisíodh a shainaithint. Is ceart a dhéanamh ríshoiléir don lucht éisteachta / féachana gur gá an cás a chruthú, agus nach féidir deimhin a dhéanamh de bhreith roimh ré. Is gá a bheith cáiréiseach, agus clár Nuachta teilifíse i gceist, faoi chraoladh íomhánna daoine faoi dhornaisc mar d'fhéadfadh comhcheangal smaointe a bheith idir caitheamh dornaisc agus ciontacht *sula* dtugtar fíorasc isteach. Caithfidh iriseoirí leas an phobail a choimeád os comhair a n-aigne. Má tá an choir tromchúiseach go leor d'fhéadfadh sé a bheith chun leas an phobail a fhios a bheith acu cé atá cúisithe. Ach ní hionann leas an phobail agus an pobal a bheith ag cur suime i scéal. Tá leas an phobail cothrom leis an mhaith choiteann, lena fhéadfadh sainaithint daoine cúisithe a bheith i gceist. I bhformhór cásanna ní shainaithneoidh RTÉ duine go dtí go bhfuil an duine sin cúisithe. Lena rá ar chaoi eile, ní ceart duine a shonraítear mar amhrastach a shainaithint.

**Oibleagáid le Tuairisciú ar Thorthaí Cásanna**

Nuair a chraoltar ainm duine atá cúisithe i gcoir thromchúiseach, tá freagracht ar RTÉ toradh an cháis a thuairisciú. B'fhéidir nach dtiocfadh breithiúnas na cúirte go ceann i bhfad. Tá sé ag dul do dhaoine a cinneadh neamhchiontach go dtuairisceofaí san chomh suntasach leis an gcraoladh a bhain lena gcúiseamh.

Is gá d'iriseoirí cúirte a bheith ar a n-aire chomh maith faoin mhíthuiscint a d'éireodh de bharr tráth na tuairisce le linn trialach. Tharlódh nach bhfeicfeadh agus nach gcloisfeadh lucht éisteachta / féachana tuairisc níos cuimsithí níos déanaí, agus bhainfeadh a dtuiscint ar an gcás le luathchuntas ar na himeachtaí. Seachnaíodh tuairisceoirí imchaint ar fhianaise na bhfinnéithe nó measúnú ar chonas a d'éirigh le finnéithe. Tá sé seo tábhachtach, go háirithe nuair a bhíonn giúiréithe i gceist. Ní mór d'iriseoirí tuairisciú ar argóintí dlí a tharlaíonn agus an

giúiré as láthair a sheachaint. Má deir ball den ghiúiré gur fhoghlaim sé/í ó chraoladh faoi cheist agus é/í as láthair d'fhéadfadh go mba ghá an cás a scor. D'fhéadfadh go gcaithfeadhRTÉ costas atriaileach a sheasamh ina leithéid de chás. Cuimhnigh, má dhéantar dearmad sa réimse seo, tharlódh go nglaofadh an breitheamh ionadaí de chuid RTÉ isteach sa chúirt chun a ghníomhuithe a chosaint.

Ar ndóigh, ní ceart do chlárdhéantóirí taifead cóiriúil cúisí nó eolas faoina dhroch-charachtar san am atá caite a chur i dtuairisc. Cuireann eolas mar seo isteach ar neamhchlaontacht breithimh na trialach, ar fheidhmiú an ghiúiré, agus ar thabhairt na fianaise ag finnéithe. Is fiú a chur san áireamh go bhféadfadh ceist díspeagtha éirí fiú nuair atá an t-ábhar atá á bhreithniú chun foilsithe i bhfabhar an chúisí.

Tá tábhacht ar leith leis na rialacha maidir le díspeagadh do chlárdhéantóirí maidir le tuairisciú cúirte ach is ceart cuimhneamh go dtagraíonn na rialacha lán chomh maith do chláir a bhaineann le himeachtaí dlí, nó do dhaoine arb iad ábhar na n-imeachtaí sin iad. I mbeagán focal, cosnaíonn na cúirteanna a bhfeidhmiú, trí fhoilseacháin a chosc a réamhchlaonfadh stiúradh na n-imeachtaí coiriúla nó sibhialta. Is léir, ar ndóigh, go dtagann saincheisteanna díspeagtha san áireamh i dtriail choiriúil, ach go háirithe i dtriail os comhair breithimh agus giúiré, agus caithfidh clárdhéantóir na fíricí a bhaineann le hábhar a choimeád in aigne, is é sin gur cúisíodh duine, nó go bhfuiltear ar tí é a chúiseamh, cuir i gcás. Fiú nuair atá duine á thriail i gcúirt gan giúiré, an Chúirt Choiriúil Speisialta mar shampla, is ceart do thuairisceoir nó do chlárdhéantóir a bheith an-aireach i gcónaí ar eagla dispeagtha, mar gabhann tosaíocht le riaradh ceartais ag na Cúirteanna agus seasamh cearta an chúisí. Fiú tar éis a chiontaithe is gá cuimhneamh go bhfuil srianadh ar imchaint i dtaobh an duine a cinneadh ciontach, ar an mbonn go bhfuil an ceart ann go dtabharfaí an bhreith in atmaisféar nach spreagann an pobal chun a bheith ag súil leis an uasmhéad díoltais as an gcoir a rinneadh, agus nach bhfeicfí go raibh an breitheamh á chur faoi bhrú le pianbhreith ar leith a ghearradh.

**Tuairisciú ar Imeachtaí Sibhialta**

I gcomhthéacs imeachtaí sibhialta, amhail cásanna díobhála pearsanta nó cásanna dlí poiblí (Athbhreithniú Breithiúnach), is léir go bhfuil baol bearnaithe an toirmisc chúirte níos lú. Ach bíonn an baol ann i gcónaí. Níl toirmeasc ar chlárdhéantóirí déileáil le cás mar a bhfuil na himeachtaí dlí tosaithe (nó má tá sé ar tí dul chun éisteachta), i cúinsí gur dhiúltaigh páirtí amháin imchaint a dhéanamh nuair a iarradh orthu, ar an mbonn go raibh an t-ábhar *sub judice*. Níl iriseoirí agus clárdhéantóirí faoi smacht tola páirtí amháin i ndíospóid dlí, agus caithfidh siad a mbreithiúnas féin a chur ag obair maidir leis an sórt tuairiscithe a thabharfar ar dhíospóid atá le réiteach i bhfearann phoiblí na gcúirteanna dlí, ach na saincheisteanna a chur san áireamh – díspeagadh cúirte, cothroime agus neamhchlaontacht. I gcúinsí mar seo, ba cheart comhairle eagarthóireachta agus dlí a lorg.

Cé go bhfuil na gnéithe thuas tábhachtach ba cheart do chlárdhéantóirí cuimhneamh go riartar formhór na n-imeachtaí cúirte i gCúirt oscailte, ach amháin nuair a bhíonn cúrsaí mionaoiseach nó dlí teaghlaigh i gceist, agus go bhfuil iriseoirí i dteideal tuairisciú ar imeachtaí. Tá sé tábhachtach don phróiseas dlí go bhfeicfí an ceartas a bheith déanta. Mar sin, is cuid thábhachtach den iriseoireacht an tuairisciú ar imeachtaí cúirte. Mar an gcéanna, tá cláir chúrsaí reatha i dteideal an caoi ina fheidhmíonn próiseas an dlí a anailísiú agus a phlé. Ní mór cothromaíocht a shuíomh idir ceart an phobail a bheith ar an eolas, cearta an duine aonair agus seachaint ar chur isteach ar an bpróiseas dlíthiúil.

## Tuairisciú ar Léigir, Fuadaigh, Leamhsháinneacha, etc.

Ní mór d'iriseoirí agus do chlárdhéantóirí a bheith faichilleach faoin dtionchar a fhéadfadh a dtuairisceoireacht a imirt ar léigir, fuadaigh etc. Caithfidh siad a bheith feasach gur féidir go mbeidh rochtain ag daoine a bhfuil baint díreach acu leis na heachtraí seo agus go mbeadh lámh ainbhiosach ag tuairisciú RTÉ ina dtiteann amach. Is gá bail intinne duine i lár léigir a chur san áireamh chomh maith leis an bhféidireacht go gcuirfeadh aire na meán cor nios measa i scéal atá luchtaithe cheana féin. Is ceart, go háirithe, cloí le comhairle ón nGarda Síochána maidir le heolas gan a bheith nochtaithe a fhéadfadh dul chun tairfe dóibh siúd a bhfuil lámh acu ins an heachtraí nó cur isteach ar láimhseáil na n-eachtrai ag na fórsaí slándála. D'fhéadfadh riachtanas a bheith ann ar ócáidí áirithe, áfach, breathnú ar eolas a phoibliú ar iarr an Garda Síochána é a choinneáil siar. Ní ceart go dtarlódh sé seo gan tarchur na ceiste in airde. Ní féidir cinneadh mar sin a dhéanamh ach le faomhadh an Cheannasaí Roinne ábhartha (de ghnáth, na Ceannairí Bainistíochta Nuachta, Raidió nó Teilifís, nó a leas-cheannairí ainmnithe). **Nuair a iarrann an Garda Síochána go gcoimeádfaí siar eolas, bíonn iriseoir RTÉ freagrach as a bhainisteoir eagarthóireachta líne agus aon chomhpháirtí eile atá ag tuairisciú na n-eachtraí a chur ar an eolas. Caithfear an t-eolas a scaipeadh trí gach réimse ábhartha i RTÉ chomh luath agus is féidir.**

**Comhordú Tuairiscithe**

Chun cur chuige comhsheasamhach a chinntiú, agus dianchloí le pé cinntí comhchoitinn a ndearnadh faoi chineál tuairiscithe RTÉ, tá riachtanas le leibheál ard comhoibrithe agus cumarsáide idir na cláir ar fad atá ag tuairisciú agus ag imchaint ar eachtraí dá leithéid. Tá an príomhfhreagracht ar ócáidí mar seo ar an Roinn Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus ní mór an tuairisceoireacht ar fad, pé acu laistigh den Roinn sin nó i gcláir eile, a chomhordú tríd an Roinn Nuachta agus Cúrsaí Reatha. **Is é Deasc na Nuachta an príomhchainéal cumarsáideagus téadh gach ionad de chuid RTÉ atá ag breathnú ar thuairisciú i dteagbháil le Deasc na Nuachta sula dtéann siad ar aghaidh.** Baineann sé seo le seirbhísí Ar Líne chomh maith le raidió agus teilifís. Beidh Deasc na Nuachta freagrach as comhoibriú le comhfhreagraithe, tuairisceoirí, bainisteoireacht nuachta, cláir agus Oifig Dlíodóirí RTÉ. Má tharlaíonn léigear nó fuadach beidh Deasc na Nuachta freagrach as cruinniú luath a eagrú idir na ranna ábhartha ar fad chun tuairisciú a chomhordú agus eolas a chomhroinnt. Cuirfidh Deasc na Nuachta nuashonruithe rialta ar fáil ar an sceal ar ríomhphost inmheánach agus ba cheart do gach duine a bhfuil lámh acu sa tuairisciú súil a choinneáil orthu seo. Is gá aire breise a thabhairt ag deireadh na seachtaine agus ag tréimhsí saoire nuair is féidir nach mbeadh fáil chomh héasca ar an mbainistíocht eagarthóireachta. Pointe maith tosaithe i gcónaí do thuairisceoirí is ea dul i gcomhairle le comhfhreagraí Coireachta RTÉ.

**Tuairisciú ar Thuairisceoireacht Nuachtán**

Is gá aire ar leith agus tuairisciú ar siúl ar raidió agus ar theilifís ar thuairisceoireacht nuachtán ar eachtraí mar seo mar d'fhéadfadh go mbeadh níos mó saoirse tuairiscithe i nuachtán i gcúinsí nach mbeadh fáil ar nuachtáin ag na príomhpháirtithe i léigir agus fuadaigh. D'fhéadfadh gur gá do sheirbhísí Ar Líne RTÉ a chur san áireamh go bhféadfaí go mbeadh fáil ar an idirlíon ag daoine a bhfuil lámh acu i léigir nó fuadaigh.

**Cláir Bheo agus Cláir Rannpháirtíochta Lucht Éisteachta / Féachana**

Cláir lena mbaineann rannpháirtíocht lucht eisteachta / féachana trí ghlaonna gutháin, ní mór dóibh a bheith cáiréiseach nach mbeadh siad mar chuid ainbhiosach de shaint poiblíochta ag daoine a bhfuil lámh acu i léigir nó leamhsháinneacha. Ní ceart riamh do chláir fhónála isteach scairteoir a chraoladh i dtoscaí mar seo gan cead eagarthóireachta.

**Comhairle Dhlíthiúil**

Má thagann aon cheist dlí aníos i gcúinsí mar seo, tá sé sainordaitheach go gcuirfí Oifig Dlíodóirí RTÉ san airdeall chomh luath agus is féidir chun go mbeadh am acu breithniú dóthanach a dhéanamh ar na hiarmhairtí dlíthiúla a fhéadfadh a bheith ar phíosaí tuairiscithe ar leith.

## Tuairisciú in Áiteanna Poiblí agus Príobháideacha

Is ionann cearta iriseoirí agus cearta saoránach eile. Cuimsíonn sé seo an ceart bheith i láthair in áit phoiblí. Leanann sé, mar sin, go bhfuil tuairisceoirí i dteideal tuairisciú as áiteanna poiblí. Tá cead ag teilifís agus raidió taifeadadh in áiteanna poiblí. D'fhéadfadh go mbeadh teorannú áirithe i bhfeidhm de bharr ceisteanna sábháilteachta, ach níl aon amhras faoin gceart tuairiscithe. Maidir le taifeadadh in áiteanna príobháideacha, is iondúil go mbíonn cead riachtanach. D'fhéadfadh go mbeadh an cead seo intuigthe. Mar shampla, má thugann comhlacht cuireadh duit dul isteach ina bhfoirgneamh chun agallamh a thaifeadadh, is féidir glacadh leis go bhfuil cead agat. Tá "ionaid phoiblí" ann, atá faoi úinéireacht phríobháideach, ar nós ionaid siopadoireachta, mar is iondúil go mbeidh cead riachtanach. Tá "ionaid phoiblí" eile ann mar stáisiúin traenacha, aerfoirt, etc., áit ar dóigh go mbeadh cead riachtanach, cé go bhfuil siad faoi úinéireacht phoiblí. Tá áiteanna poiblí eile ann, atá maoinithe trí chánachas, mar ar féidir go dtarraingeofaí anuas ceisteanna fíor-ghoilliúnacha maidir le príobháideachas. Ar na samplaí is suntasaí tá ospidéil agus príosúin. Tá cead foriomlán riachtanach sna hinstitúidí seo. Ba cheart, chomh maith, cead a fháil ó aon duine a shainaithnítear ar thaifeadadh. Má bhíonn mionaoisigh i gceist sa taifeadadh, tá toiliú tuismitheora nó caomhnóra riachtanach.

Tá ceart scannánú in áit phoiblí agus tuairisciú don teilifís ar siúl. Cuimsíonn sé seo, níos minicí ná a mhalairt, an ceart a bhfuil le feiceáil ó áit phoiblí a scannánú. Ach d'fhéadfadh go mbeadh ceisteanna príobháideachais le cur san áireamh. B'fhéidir, mar shampla, nár mhaith le híospartach coireachta a t(h)each a bheith sainaitheanta, fiú má tá sé le feiceáil ón sráid. Tarraingíonn úsáid súmlionsa ar cheamaraí atá á n-oibriú in áiteanna poiblí chun seatanna teanna a sholáthar d'imeachtaí príobháideacha cesiteanna anuas. Bíodh ciall choiteann i réim. Is ceart na cursaí chéanna a chur san áireamh maidir le scannánú ón aer.

Ar ócáidí fánacha sa tuairisciú imscrúdaitheach, d'fhéadfadh clárdhéantóirí breathnú ar dhul isteach i maoin príobháideach gan cead. Níl de chosaint air seo ach gur le leas an phobail é. Is cinneadh tromchúiseach é seo i gcónaí. **Lorgaítear cead roimh ré ó bhainistíochteagarthóireachta RTÉ i gcás aon scannánaíochta atá molta**. Ba cheart go gcuimseodh aon iarratas mar seo fianise gur cuireadh san áireamh gach rogha eile agus go ndeanfar leas an phobail i ndáiríre leis an ngníomh seo. Tabhair faoi deara nach ionann cead taifeadta i láthair phoiblí agus cead craolta an ábhair sin. Is gá machnamh ar leith a dhéanamh sar is féidir cinneadh a dhéanamh ar chraoladh.

## Cláir Tuairimí Pearsanta

Ní cheadaíonn an reachtaíocht craolacháin do RTÉ tuairimí eagarthóra a thabhairt (is é sin, a thuairimí pearsanta a chur in iúl). An t-aon eisceacht amháin air seo is ea nuair is é polasaí craolacháin an cheist faoi chaibidil. Ciallaíonn sé seo nár cheart go mbeadh dearcadh nó “ionad faire” ar leith i gceist i gcláir. Ní chiallaíonn sé seo áfach nach féidir le láithreoir tuairim pearsanta a nochtadh ó am go ham. Tá sé fíor-thábhachtach i gcláir nuachta dóigh na neamhchlaontachta agus na hoibiachtúlachta a chothú. Tá fairsinge éigin i gcláir eile a ligeann do láithreoirí tuairimí a chur in iúl. Is chun spreagadh díospóireachta a dhéantar seo go minic, chun gníomhú mar abhchóide an diabhail nó chun tuairim leasa gan ionadaíocht sa chlár a chur a chur in iúl. Is féidir é a úsáid freisin ó am go ham chun greann nó taithí pearsanta a thabhairt isteach. Cinntíodh clárdhéantóirí, áfach, go maireann a gcraoltar cothrom do gach leas.

Uaireanta is féidir cothroime agus oibiachtúlachta a bhaint amach i rith líon áirithe clár gaolmhar. D’fhéadfadh clár thuairimí pearsanta a bheith ann, mar sin, áit ab fhéidir le haoi-láithreoir a t(h)uairimí agus a d(h)earcadh ar cheisteanna arb ábhar díospóireachta reatha iad, a nochtadh. Má tá clár a chothroma sin riachtanach, is ceart pleanáil agus sceidealú an chláir a bheith pleanáilte agus aontaithe ag an gCeannasaí Roinne ábhartha sula gcraoltar an chéad chlár. Ní ceart an fhoráil cothroime seo a úsáid má lochtaítear clár as a bheith neamhchothrom. Sa chás annamh a bhfuil clár “neamhchothrom” pleanáilte, is ceart clár a “chothroime” a bheith in aigne cheana féin, sula gcraoltar an chéad chlár.

Lena mheas an bhfuil clár cothrom nó a mhalairt, tá breithiúnas eagarthóireachta le déanamh. Tá go leor ceisteanna a mbíonn formhór daoine ar aon fhocal fúthu agus gan ach mionlach beag ar malairt tuairime. Níl oibleagáid ar bith ar RTÉ a bheith “neodrach” ina thuairisciú ar fad ar a leithéid de cheisteanna. Mar a bhfuil comhdhearcadh tuairimíochta ar cheisteanna áirithe ba cheart do chláir an comhdhearcadh sin a léiriú ina gcuid tuairiscithe. Ní gá do chláir na tuairimí a “chothromú” ar bhonn 50:50.

D’fhéadfadh deacrachtaí dosháraithe éirí as cláir tuairimí pearsanta aimsir toghchán agus reifreann, agus is cóir iad a sheachaint. D’fhéadfadh go mbeadh mar thoradh ar uainiúcháin craolta go mbeadh buntáiste éagórach ag taobh amháin i ndíospóireacht náisiúnta.

## Rochtain ar Chláir Bheo

Is gléas luachmhar clárdhéantóireachta é soláthar rochtana beo ar aertonnta don phobal mar tugann sé deis do dhaoine a dtuairimí féin a nochtadh go poiblí ar cheisteanna um dhíospóireachtaí reatha. Cuireann díospóireacht saor leis an sochaí dhaonlathach agus cumasaíonn sé daoine aonair. Méadaíonn rochtain ar na haertonnta an mothú úinéireachta ar RTÉ mar an craoltóir seirbhíse poiblí náisiúnta. Téann an rochtain seo i bhfad siar ar raidió agus ar theilifís agus is gné thábhachtach den idirlíon chomh maith é. Ba cheart don rochtain seo a bheith chomh saor agus chomh direach, gan idirghabháil, agus is féidir. Ach bíonn baol ag gabháil leis an rochtain seo ó thaobh sárú freagrachtaí dlíthiúla de, trí clúmhilleadh,cothroime, cuibheas agus cuibhiúlacht, díspeagadh cúirte etc. Is gá do chlárdhéantóirí RTÉ a ndícheall a dhéanamh an riosca a bhaineann le rochtain, atá gan idirghábháil don chuid is mó, a laghdú.

Ní cuid de pholasaí RTÉ é úsáid a bhaint as mheicníocht moille, marar féidir imchaint a scagadh roimh chraolta. Tá dhá chúinse mar bhunús leis an bpolasaí seo. Ar an gcéad dul síos, is cur isteach gan gá an cleachtas seo ar chearta saoirse chainte, agus, sa dara háit, ní dócha go maolódh meicníocht moille morán na rioscaí a bhaineann le craolachán beo.

Ní mór don fhoireann léirithe a bheith ar an airdeall, ar a gcéad teagmháil le baill den phobal, faoi chomhartha ar bith ó ábhair rannpháirtithe go mbeidís neamhiontaofa nó go nochtódh siad tuairimí nár cheart iad a chraoladh. Cuireann RTÉ oiliúint ar fáil chun cabhrú le haithint a leithéidí. Ba cheart iarracht a dhéanamh i gcónai céannacht iontaofa agus uimhir ghutháin teagmhála a chinntiú.

**Cláir á *scaradh* féin ó Ráitis**

Nuair a deireann rannpháirtí rud ar aer ar féidir, i dtuairim na foirne léirithe, go dtarraingeodh sé amhras ar chaighdeáin na gclár nó ar riachtanais dlíthiúla, tá sé fíorphráinneach go scarfadh an láithreoir cláir RTÉ ón imchaint chomh tapa agus is féidir. Má leanann aon rud as, d’fhéadfadh tábhacht a bheith ina dhiaidh sin le tarraingt siar imchainte nó leathsceal ar an toirt. Ní mór do láithreoirí agus do léiritheoirí a bheith i gcónai ar an airdeall don seans go ndéarfaí rud eigin ar ghá dul ina cheann láithreach. Fiú i bhfianaise tarraingthe siar nó scartha ar an toirt, seans go mbeadh sé riachtanach dul i gceann an scéil in athuair ag deireadh an chláir nó sa chéad eagrán eile. Caithfear comhairle eagarthóra sínsearaigh agus dhlíthiúl a lorg má tá sé seo á mheas. Is gá d’fhoirne léirithe gnáthaimh a chleachtadh chun an ceann is fearr a fháil ar rannpháirtithe a sháraíonn caighdeáin inghlactha. Is gá gnáthaimh a chleachtadh agus a aontú chun rannpháirtithe a scor agus dul i gceann ceisteanna sáraithe oibleagáidí. Ba cheart ábhair rannpháirtithe ar chláir bheo a chomhairliú maidir leis na riachtanais dlíthiúla agus a bhfreagrachtaí féin gan aon rud a rá ar an aer a sháródh dlithe nó a chuirfeadh isteach ar riachtanais. Tugtar an t-eolas seo do dhaoine aonair ar ghlaonna gutháin agus do lucht féachana beo sa stiuideó araon. Bíodh oifigeach slándála i láthair i stiúideónna i rith craolta beo mar a dtugann an lucht féachana i láthair a mbaruil ar cheisteanna. Is foinsí sáraithe ar fad iad cuntais faoi ghlaonna gutháin agus ríomhtheachtaireachtaí leaschraolta ag láithreoirí, línte nóta tráchta scrollaithe trasna scáileán agus gléasanna aiseolais ar láithreáin gréasáin, agus ní mór iad a scagadh go cúramach.

Níl aon ghnáthamh a thabharfaidh ráthaiocht iomlán i gcoinne míúsáide soláthar rochtana bheo ar chláir ag baill aonair den phobal. Cuireann forbairt gnáthamh soiléir chun rannpháirtithe a scagadh agus chun deachrachtaí a láimhseál nuair a thagann siad chun cinn le cumas RTÉ leanúint leis an seirbhís luachmhar seo a sholáthar. Is iad forairdeall agus aird na foirne léirithe an eochairghné i laghdú coir.

## Tuairisciú ar Fhaisnéis Airgeadais

Riartar foilsiú faisnéise airgeadais ar raidió, ar theilifis, i gcló agus ar an ngréasán ag Treoirón gComhphobal Eorpach ar a dtugtar Treoir Mhí-Úsáid Mhargaidh 2003 (2003/6/CE). Feidhmíodh an Treoir seo i ndlí na hÉireann i 2005. Ceapadh an Treoir seo le toirmeasc a chur ar dhaoine trádáil a dhéanamh agus faisnéis ón dtaobh istigh ina seilbh agus ó bheith bainteach in ionramháil mhargaidh. Iriseoirí a chuireann faisnéis margaidh ar fáil, ní mór dóibh a bheith feasach ar an acmhainn chun an margadh a ionramháil trí nochtadh roghnach ar fhaisnéis a fhéadfadh, ar a foilsiú di, tionchar a imirt ar luach scaranna. Agus faisnéis airgeadais ar bith á hullmhú acu chun craolta nó foilsithe ar an ghreasán, cinntíodh clárdhéantóirí a leanas:

Is ceart cur i dteannta aon mholtaí (e.g., ceannach, sealbhú nó díol scar, súil le brabús de bhreis ar réamhfhaisnéis etc.) nochtadh sainaitheantais an duine atá freagrach as an moladh agus a f(h)ostóirí agus, más infheidhme, an comhlacht nó an gníomhaireacht a choimisiúnaigh an taighde a imir tionchar ar an moladh. Is gá fíricí a idirdhealú ó léirmhínithe, meastacháin, tuairimí nó faisneis neamhfhíorasach eile.

Tá oibleagáid ar iriseoirí aon choimhlint leasa pearsanta a sheachaint (e.g. níor cheart dóibh féin ná d'aon duine dá dteaghlaigh a bheith i seilbh scaranna a raghadh craoladh aon tuarascála ar leith chun tairfe dóibh). **Má tharraingítear amhras ar iriseoir ní mór dó/di a sceal a chur in iúl dá b(h)ainisteoir eagarthóireachta roimh thabhairt faoi chraoladh ar bith.**

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Rialtóir Airgeadais, ar a dtugtaí roimhe seo An t-Údarás um Rialaithe Seirbhísí Airgeadais (http://www.ifsra.ie)

## Cosaint ar Fhoinsí Iriseoirí

Cé go nglactar leis nach bhfuil aon bhonn daingean dlíthiúil ann le foinsí iriseoirí a chosaint, léirigh na Cúirteanna an-drogall cur isteach ar an gceist seo. Caithfidh craolachán seirbhíse poiblí seasamh le prionsabal na saorála faisnéise. D'fhéadfadh gur gá foinsí iriseoirí a chosaint chun tacú leis an bprionsabal sin, agus d'fhéadfadh gur chun leas an phobail é eolas a chur ar fáil. Uaireanta ní féidir sin a dhéanamh ach trí fhoinsí rúnda. Ar ócáidí mar sin, caitheann iriseoirí díth ainm a bhfoinsí a ráthú. Toisc nach mbeidh sa chraoladh, dá bharr, ach dearbhú an iriseora gur chualathas rud éigin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí creidiúnacht an eolais a sheiceáil. Is cóir fianaise chomhthacaíoch a lorg, oiread agus is féidir, agus creidiúnacht na foinse a fhiosrú. **Is cóir d'iriseoirí comhairle a gcuid maor eagarthóireachta a lorg sula n-úsáideann siad aon fhoinsí dochurtha i leith.**

Níl dlí agus cleachtais na gcúinsí ina gceadóidh na Cúirteanna d'iriseoir gan a f(h)oinsí eolais a nochtadh dea-fhorbartha in Éirinn. Is é an cleachtas go dáta ná déileáil le gach ócáid a iarrtar go nochtfaí eolas ar bhonn na bhfíoras sa chás sin, pé acu an cás sibhialta nó coiriúil é. Murab ionann agus an Ríocht Aontaithe níl aon reachtaíocht Éireannach ann a phléann go sonrach leis an scéal. Sa Ríocht Aontaithe, ní éileoidh cúirt ar iriseoir foinse an eolais i bhfoilseachán nó ar chraoladh as a bhfuil sé/sí freagrach a nochtadh, ná ní fhaighfear an tiriseoir ciontach i ndíspeagadh cúirte as diúltú na foinse eolais a nochtadh, mura bhfuil sin riachtanach ar mhaithe le ceartas nó slándáil náisiúnta nó chun coir nó mí-iompar a chosc.

Dhaingnigh an Chúirt Eorpach um Chearta Daonna an tábhacht a bhaineann le coimeád na díth ainme d'fhoinsí iriseora sa bhreithiúnas i gcás Goodwin v U.K. (1996). Dúirt an Cúirt:

*Protection of journalistic sources is one of the basic conditions for press freedom, as is reflected in the laws and the professional codes of conduct in a number of Contracting States and is affirmed in several international instruments on journalistic freedoms. Without such protection, sources may be deterred from assisting the press in informing the public on matters of public interest. As a result the vital public watchdog role of the press may be undermined and the ability of the press to provide accurate and reliable information may be adversely affected. Having regard to the importance of the protection of journalistic sources for press freedom in a democratic society and the potentially chilling effect an order of source disclosure has on the exercise of that freedom, such a measure cannot be compatible with Article 10 of the Convention unless it is justified by an overriding requirement of public interest.*

Ar na cúinsí ina mbeadh nochtadh inchosanta, tá cásanna maidir le cosaint na beatha daonna, mórchoir a chosc, agus cosaint duine atá cúisithe nó a fuarthas ciontach i mórchoir. Tugtar faoi deara nach bhfuil rochtain ar thaifid iriseoirí de bhun iarratas a dhéantar faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

## Eagarthóireacht ar Agallaimh

Ní ceart don phróiseas eagarthóireachta ar agallaimh le haghaidh raidió agus teilifíse ciall ná brí an bhunagallaimh a chur as a riocht. Bíodh urraim ag an bpróiseas eagarthóireachta d'iomláine rannpháirtíocht na n-agallaithe. Rannpháirtithe clár atá beacht agus soiléir atá de dhíth ar an gcraolachán. Is gá eagarthóireacht ar agallaimh go minic dá réir. Tá sé tábhachtach nach mífhaisnéis an toradh ar an obair chomhbhrúite seo. San eagarthóireacht, mar shampla, is féidir an cheist bhunaigh a chuir an t-iriseoir a ghearradh, agus réamhrá a chur ina ionad. Caithfidh an réamhrá seo a bheith dílis do bhrí na ceiste. Mar an gcéanna, ní ceart gurb iad freagraí a neas-suíodh go héagórach le hais a chéile agus as a gcomhthéacs an toradh ar an bpróiseas eagarthóireachta. Nuair a thaifeadtar ceisteanna scoite tar éis an agallaimh chun glaneagarthóireacht a éascú, caithfidh an cheist ataifeadta a bheith dílis don cheist bhunaidh. Tá "néatacht" áirithe ceadaithe, ach caithfear cloí le brí bhunaidh agus le treo na ceiste.

## Tuarisciú ar Fhéinmharú i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha

Áitíonn saineolaithe gur féidir go mbeadh tionchar ag an gcaoi ina dtugtar cuntas ar fhéinmharú ins an meáin ar uimhir na bhféinmharú a tharlaíonn. Áitíonn siad go bhfuil ról tábhachtach ag na meáin in oiliúint an phobail faoi fhéinmharú agus na ceisteanna níos leithne a théann leis a fhéadfadh claonadh féinmharafach a chur ar dhaoine. Bíonn RTÉ ag plé le féinmharú mar ábhar ina thuairisciú nuachta agus cúrsaí reatha agus sa drámaíocht araon. I measc na bpointí a tharraingíonn saineolaithe anuas táid seo leanas:

Níor cheart tuairisciú sainiúil a dhéanamh ar fhéinmharú maidir leis an modh inar chuir daoine lámh ina mbásanna féin.

Ba cheart do thuairisciú an dóichiúileacht a sheachaint go ndéanfadh daoine leochaileacha iad féin a ionannú le duine a chuir lámh ina b(h)ás féin.

Níor cheart féinmharú a léiriú go rómánsach nó mar ghaisce.

Is ábhar cásmhaireachta ar leith é ról an idirlín i dtuairisciú féinmharaithe.

Ba cheart do na meáin na hiarmhairtí ar mhuintir agus cháirde féinmharfóirí a thuairisciú.

Ba cheart machnamh a dhéanamh ar eolas faoi sheirbhísí comhairliúchána a thairiscint mar chuid de thuairiscí ar fhéinmharú le haghaidh daoine a mbeadh claonadh chun féinmharaithe orthu.

Is gá a bheith cáiréiseach maidir leis an gcaint a bhíonn i dtuairiscí ar fhéinmharú. Dar le saineolaithe, déanann na leagain cainte seo dochar

*A successful suicide attempt, an unsuccessful suicide attempt, committing suicide, suicide victim, epidemic of suicide.*

Is fearr leo

*A suicide, died by suicide, a suicide attempt, take his/her life, kill oneself, a completed suicide, person at risk of suicide*

Tá treoir ar thuairisciú féinmharaithe ar fáil ó http://www.hse.ie agus ó http://www.irishhealth.com

## Príobháideachas

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar RTÉ gan *cúngracht mhíréasúnach ar phríobháideachas pearsan aonair* a dhéanamh agus cláir á ndéanamh. Tá an fhoráil seo in alt 3 (1B) den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976. Baill den phobal a chreideann gur féidir gur rinne clárdhéantóirí cúngracht ar a bpríobháideachais, tá de cheart acu gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin (CGC) faoi alt 24 (1) (c) den Acht Craolacháin, 2001. Tá seans ann freisin go gcuirfí RTÉ faoi urghaire agus/nó agra damáistí de bharr sáraithe príobháideachais.

Is gá go dtuigfeadh clárdhéantóirí go bhfuil tábhacht le ceist an phríobháideachais, agus nuair a chuireann clár isteach ar shaol príobháideach duine go gcaitheann cúiseanna maithe a bheith leis. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir pearsana poiblí agus pearsana probháideacha, cé go bhfuil ceart dlíthiúil chomh maith ag pearsana poiblí sa dlínse seo ar urraim do ghnéithe áirithe dá bpríobháideachta. Ní mór a bheith fíor-íogaireach in amanna bróin, mar shampla sochraidí, timpistí etc.

**Leas an Phobail**

D'fhéadfadh go mbeadh triail leasa pobail ann a cheadódh cúngracht ar phríobháideacht dhuine. Ar na samplaí bheadh duine a bheith gafa i ngníomhaíocht mhídhleathach nó fhrithshóisialta, mar a bhfuil neamhréir idir a s(h)easamh poiblí agus a s(h)easamh pearsanta. **Má bhíonn cúiseanna láidre leas pobail ann go ndéanfaí breathnú ar chúngracht a dhéanamh ar phríobháideacht daoine, ní mór do chlárdhéantóirí faomhadh a mbainisteoirí eagarthóireachta a lorg ar an gcéad dul síos.** Baineann an riachtanas seo le cláir inmheánacha agus cláir choimisiunaithe araon. Ba cheart faomhadh a lorg in am go leor chun gur féidir measúnacht iomlán a dhéanamh ar an scéal, an toradh dlíthiúil ar cúngracht mar atá beartaithe san áireamh, más ábhartha.

.

Má tá cúiseanna maithe ann le príobháideacht duine a sháru ar son leas an phobail, d'fhéadfadh go mbeadh sé inchosanta dul chun cinn le tuairisc nó clár. Is cóir do chlárdhéantoirí a chur san áireamh nach ionann leas an phobail agus an pobal a bheith ag cur suime i scéal. Ó thaobh iriseoireachta de, cuimsíonn leas an phobail nochtadh coireanna agus gníomhaíochtaí frithshóisialta eile, nochtadh truaillithe agus neamhdhleathachta agus nochtadh neamhinniúlachta agus faillí agus bagairtí ar shláinte agus sábháilteacht an phobail. Ní liosta uileghábhálach é seo. D'fhéadfadh réimsí eile nochtaithe a bheith le leas an phobail, mar shampla fimínteacht pearsan poiblí, dul chun chinn pearsanta agus an pobal thíos leis etc.

**Príobháideachas agus Leanaí**

Is gá aire ar leith i gcás agallaimh le leanaí. I mbeagnach gach cás is gá toiliú na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóiri a fháil roimh ré. Ó thaobh dlí, tá leanbh faoi chúram agus smacht a t(h)uismitheoirí nó caomhnóirí go dtí go mbíonn se/sí in aois 18. Is é seo an riail láimhe: áit nach mbaineann conspóid le comhthéacs an chláir, is féidir toiliú pearsanta a fháil ó leanbh atá os cionn a 16 bliana. Níl aon

bhonn dlí leis an riail láimhe seo. Is gá a bheith cúramach, mar sin má tá agallamh á chur ar dhuine óg faoi 18 mbliana. Mar an gcéanna, is gá a bheith cúramach i gcás taifeadta i scoil nó i seomra ranga. D'fhéadfadh gur leor toiliú múinteora nó príomhoide i gcómhtheacs neamhchonspóideach.

Baineann na treoirlínte seo leanas le h-ábhar:

1. D'fhéadfadh ceart ar phríobháideachas a bheith fós ag duine agus é nó í in áit phoiblí.

2. Is éigean do chlárdhéantóiri ceart duine aonair a shaol a chaitheamh gan cur isteach míchuí nó brú míchothrom, bagairtí nó asluithe a aithint chomh maith le ceart duine diúltú do pháirt a ghlacadh i gcláir.

3. Glacann RTÉ leis go bhfuil eagraíocht nó duine, bídís príobháideach nó poiblí, i dteideal cuireadh ar chlár a dhiúltú. Ní ceart do chlárdhéantóirí breathnóirí nó éisteoirí a spreagadhchun brí ar leith a bhaint as diúltú dá leithéid. Áit a bhfuil gá a dheimhniú gurb í aidhm an chláir a bheith cuimsitheach, neamhchlaonta agus cothrom i leith gach leas atá san áireamh, ansin amháin is cóir a lua nár glacadh le cuireadh a bheith i láthair. Is rí-annamh is cóir tagairt don *Chathaoir Fholamh*. Caithfear fógra réasúnta a thabhairt, nuair is féidir san, má iarrtar daoine chun agallaimh. Más amhlaidh nach féidir fógra cuí a thabhairt, toisc go dtagann sprioc-am i gceist, d'fhéadfadh sé a bheith tábhachtach tagairt a dhéanamh don ghearrfhógra a tugadh, má luaitear nach bhfuil duine nó eagraíocht páirteach.

4. Ní gá cead ó dhaoine a bheith ag clárdhéantóir chun iad a scannánú agus iad i mbun a ngnóthaí in áit phoiblí. Is léir gur láthair phoiblí iad áiteanna áirithe (an tsráid mar shampla). I gcásanna eile, d'fhéadfadh gur ionaid poiblí a bheadh i gceist, ach é faoi úinéireacht phríobháideach (ionad siopadóireachta, mar shampla), nó faoi úinéineacht comhlachtaí poiblí (aerfoirt, mar shampla). D'fhéadfadh gur gá cead a lorg sula ndéanfaí taifeadadh sna láthair deireanacha seo. Is gá a bheith cúramach agus úsáid chineálach á baint as íomhánna den tsórt seo i dtuarascála. I dtuarascáil faoi leibhéil fiach príobháideach, mar shampla, d'fhéadfaí léirléamh a dhéanamh ar úsáid íomhánna de dhaoine ag siopadóireacht go rabhthas ag tabhairt le tuiscint go raibh pearsana so-aitheanta á n-iompar féin go místuama.

5. Is gá an comhthéacs ina n-úsáidfear an scannán a chur san áireamh, áfach. Mar shampla, más ag plé mí-úsáid leanaí atáthar ar an nguthú, níor chóir íomhánna de dhaoine a fhéadfaí a aithint a úsáid. D'fhéadfadh go mbainfí de thátal as go raibh mí-iompar agus briseadh dlí ar siúl ag na daoine a scannánaíodh, go dtiocfadh cás dlí in aghaidh RTÉ de. Ach ní ar chúinsí dlí amháin is cóir cuimhneamh. Tá tuilleadh i gceist. An bhfuil sé cothrom go seasfadh craoltóir lena cheart scannán a úsáid, má dhírítear aird ar náire phearsanta nach mbaineann le hábhar, nuair a "bheireann" an ceamara ar dhuine ar chóir dó nó di a bheith in áit eile, nó má tá sé nó sí in éineacht le duine arbh fhearr leo nach mbeadh a fhios ag a bhfostóirí nó a muintir ina thaobh? Caithfidh an clárdhéantóir an tionchar a fhéadfadh a bheith ag an gcraoladh ar shaol príobháideach duine a chur san áireamh. D'fhéadfadh náire pearsanta a bheith ina leorchúis gan an t-ábhar a chraoladh. Tá clárdhéantóirí i dteideal

scannánú nó taifeadadh in áiteanna poiblí, ach a fhios a bheith acu go bhféadfadh na Gardaí nó baill eile de na Fórsaí Cosanta a iarraidh orthu gan scannánú ar chúiseanna slándála nó sábháilteachta. Is cóir don fhoireann léirithe a leithéid d'iarratas a bhreithniú go cúramach sula ndiúltófaí géilleadh dó. Éiríonn saincheisteanna eile as scannánú a dhéanamh in áit phríobháideach (daoine ina dtithe, mar shampla) as áit phoiblí. Is gá cead chun scannánú in áit phríobháideach. Ba cheart foirmeacha toilithe a lorg i gcásanna mar sin. Is gá iarrachtaí réasúnta a dhéanamh a chur in iúl do bhaill den phobal atá i láthair go bhfuil scannánú ar siúl. Maidir le hiarratas gan scannán a úsáid, ina léirítear duine nach mian leis/léi go n-aithneofaí é/í, is faoi bhreithiúnas proifisiúnta na foirne an t-iarratas a mheas.

6. Is gá do chlárdhéantóirí a bheith an-chúramach i gcás scannáin a úsáid de chásanna ar chúis chiaptha iad (timpiste, tubaistí, láithreacha coire etc.). De bharr luachanna clár nuachta, d'fhéadfaí go mbeadh ábhar dá leithéid sin á chraoladh ag an am a tharla an eachtra. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis phéine gan ghá do na híospartaigh, a gcairde agus a gclann, áfach, dá gcraolfaí ina dhiaidh sin é. Is ceart d'fhoirne scannánaíochta gan taifeadadh ag sochraidí, de ghnáth, má iarrtar sin orthu. Má thugtar toiliú, is ceart gach iarracht a dhéanamh gan a bheith treallúsach. Ar an ócáid annamh, agus leas an phobail curtha san áireamh, a ngabhtar chun cinn le scannánú in aghaidh toil na clainne, is ceart seatanna teanna a sheachaint agus an ceamara a choimeád chomh fada agus is féidir óna bhfuil i láthair. Nuair is féidir, is ceart comhairle an bhainisteora eagarthóireachta cuí a lorg sula sáraítear toil na clainne. Is cóir d'fhoirne léirithe a sábháilteacht féin a chur san áireamh i gcúinsí mar seo.

7. Gabhann cúram breise, a chaithfear a chur san áireamh, le scannánú istigh nó i ngar do stáisiúin Gardaí, príosúin etc. Tá príosúnaigh i dteideal a bpríobháideachta mar chách. Má tá clárdhéantóir ag scannánú áit ina bhféadfaí príosúnaigh a aithint, is gá toiliú a fháil ó gach phríosúnach ar leith. Agus is gá athchead a fháil más mian le clárdhéantóirí ábhar cartlainne a úsáid i gclár níos déanaí. Ar scannán príosúin a taifeadadh trí bliana níos luaithe, mar shampla, d'fhéadfadh seatanna de phríosúnaigh a thug a dtoiliú ag an am sin a bheith i ceist. Trí bliana ar aghaidh, d'fhéadfadh na daoine seo a bheith saor, a dtréimhsi príosúin istigh acu, agus iad ag caitheamh gnáthshaol athshlánaithe. D'fhéadfadh íomhánna díobh mar phríosúnaigh, trí bliana roimhe sin, cur as dá n-athshlánú. Is gá a gcéannachtaí a cheilt, nó a dtoiliú a fháil arís.

I ngach cás, nuair a thagann príobháideacht príosúnaigh i gceist, is cóir do thuairisceoirí agus léiritheoirí a maoir eagarthóireachta a chur ar an eolas.

**Foirmeacha Toilithe**

Is den chleachtas caighdeánach é toiliú duine a lorg chun taifeadta nó scannánaithe. Táfoirmeacha toilithe ag RTÉ ar cheart iad a bheith sínithe sula gcuirtear tús leis an taifeadadh. I gcúinsí áirithe bailithe nuachta, d'fhéadfadh nach mbeadh sé indéanta nó praiticiúil na sínithe seo a fháil. Sna toscaí seo, is féidir glacadh le haontú le rannpháirtíocht sa taifeadadh mar chineál toilithe. Cuirtear san áireamh gur féidir aontú rannpháirtíochta i dtaifeadadh a tharraingt siar tar éis an taifeadta.

Féach an mhír faoi **Taifeadadh faoi Choim, Úsáid Ceamaraí Ceilte agus TFCI (CCTV).**

## Anaithnideacht

Is iomaí cúis nach mbeadh daoine sásta páirt a ghlacadh i gclár ach amháin ar an gcoinníoll go gcoinnítear a gcéannacht faoi cheilt ón lucht éisteachta agus féachana. Mar shampla lucht nochta scéil agus cásanna ina bhféadfaí leanaí a aithint tríd an ngaol a mbeadh acu le rannpháirtí an chláir.

Sá chás go ndéantar líomhaintí tromchúiseacha maidir le hiompar éagórach, ní féidir foinsí leictreonacha nó 'idir mise agus tusa' a úsáid ach amháin tar éis don bhainistíocht eagarthóireacht mionscúdú a dhéanamh orthu. Agus úsáid mar sin á moladh acu beidh ar dhéantóirí clár a chur ina luí ar bhainistíocht eagarthóireachta RTÉ go bhfuil na foinsí cruinn, iontaofa agus go seasfaidh siad i gcoinne mionscrúdaithe. Caithfear an bhainistíocht eagarthóireachta a chur ar an eolas maidir le haon mholadh i leith tuairisce nó cláir a bheadh bunaithe ar fhianaise a d'fhéadfadh a bheith deacair a fhíorú. D'fhéadfadh go mbeadh ar an mbainistíocht eagarthóireachta a scrúdú féin a dhéanamh ar na foinsí. Sa chás go mbeifí in amhras maidir le hiontaofacht na bhfoinsí arna n-úsáid, tar éis an scrúdú sin a dhéanamh, níor chóir cead a thabhairt na líomhaintí atáthar á ndéanamh a bheith sa chlár, bíodh sin trí athchruthú nó ar shlí ar bith eile.

Sa chás go n-iarrann foinsí anaithnid, nó sa chás nach dtugann siad ach insint 'idir mise agus tusa' ar imeachtaí, beidh sé tábhachtach go gcoimeádfaidh déantóirí clár cuntais chruinne ar agallaimh leis an gcineál sin foinse. Is fearr taifeadtaí leictreonacha ná nótaí comhuaineacha nó comhaimseartha. Mar sin féin, aithnítear nach mbeifear in ann comhaontú a fháil i gcónaí maidir le taifeadadh leictreonach ar fhaisnéisithe leictreonacha nó 'idir mise agus tusa'. Fiú amháin nuair a thugtar ráthaíocht maidir le hanaithnideacht d'fhéadfadh go mbeadh ar fhoinsí comhaontú go ndéanfaí taifeadadh chun críocha maoirseoireachta eagarthóireachta. Ar ócáidí thar a bheith sonracha agus teoranta d'fhéadfadh go mbeadh gá na foinsí a chur ar an eolas go mbeadh seans ann go gcaithfí a gcéannacht a nochtadh don bhainistíocht eagarthóireachta sinsearach. D'fhéadfadh an riachtanas sin a bheith riachtanach chun an méid a d'éileofaí a tharla a fhíorú go neamhspleách sula gcraolfaí clár.

In imthosca ina gcomhaontaítear anaithnideacht, caithfidh déantóirí clár a bheith an-chúramach go mbeidh aon díchumadh nó doiléiriú rannpháirtithe leordhóthanach chun a gcéannacht a chur i bhfolach. D'fhéadfadh go mbeadh gá aird a thabhairt an an mbaol go bhféadfaí leasuithe leictreonacha tar éis craolta, nach bhfuil smacht ag déantóirí clár orthu, céannacht rannpháirtithe a nochtadh. Má thugann déantóirí clár ráthaíocht do rannpháirtithe nach mbeidh siad le haithint i gclár caithfear réamhchúraimí móra a dhéanamh lena

chinntiú go mbainfear amach an gealltanas sin. D’fhéadfaí go mbeadh gá guth aisteora a úsáid. Má úsáidtear aisteoir caithfear é sin a chur in iúl le tharghuthú nó le fotheideal. Ba chóir an taifeadadh iarbhír de ghlór an agallaithe a choimeád ar feadh achar ama réasúnta tar éis don chraoladh ar fhaitíos go n-eascródh ceisteanna faoi fhíre an mhéid a dúradh. Caithfear an taifeadadh a choimeád in áit shábháilte nach bhfuil rochtain éasca uirthi. Tar éis achar ma réasúnta ba chóir an taifeadadh sin a scrios le toiliú ón mbainistíocht eagarthóireachta. Ba chóir go mbeadh déantóirí clár ar an eolas go bhféadfadh an cúlra i láthair agallaimh an céannnach agallaí is mian leis/léi a bheith anaithnid a nochtadh.

Ní mór go mbreithneofaí freisin an éifeacht laghdaithe a bhíonn ag guthanna díchumtha ar raidió agus ar teilifís agus a bhíonn ag rannpháirtithe a ndéantar taifeadadh scáile nó thar ghualainn orthu. I bhformhór na n-imthosca ní choinníonn agallaimh dhíchumtha nó folaithe mar sin spéis an lucht féachana a oiread agus a choinníonn gnáth-agallaimh agus dá bharr sin níor chóir ach beag-úsáid a bhaint astu. Mar sin féin, d’fhéadfadh go n-éileodh  riachtanas leas an phobail, atá níos tábhachtaí, úsáid den sórt sin.

D’fhéadfadh sé go n-iarrfadh orduithe cúirte agus comhlachtaí eile ar iriseoirí agus ar dhéantóirí clár eile a gcuid foinsí a aithint. Ní mór do dhéantóirí clár agus dá mbainisteoirí eagarthóireachta a bheith ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bhíonn ann má dhiúltaíonn siad iarratais den sórt sin.

Féach an chuid faoi **Fhoinsí Iriseoirí a Chosaint**
.

## Úsáid Athchruthaithe ar Chláir Nuachta, Cúrsaí Reatha agus Faisnéise

Tá sé tábhachtach agus an pobal ag féachaint ar/nó ag éisteacht le cláir Nuachta, Cúrsaí Reatha agus cláir Fhíorasacha nó cur chun cinn na gclár sin go gcreideann siad i bhfíre an méid a fheiceann siad ar an scáileán agus a chloiseann siad ar an raidió. Sa chás go mbeidh athchruthuithe riachtanach mar chuid de thráchtaireacht clár caithfear iad a aithint mar athchruthuithe. Is féidir leis an tráchtaire sin a dhéanamh nó, i gcás teilifíse, is féidir fotheideal a úsáid. Má bhíonn roinnt athchruthuithe in úsáid i dtuairisc d'fhéadfadh sé go mbeidh gá an rabhadh tráchtaireachta a thabhairt nó an fotheideal a thaispeáint an athuair mar ní féidir glacadh leis go mbeidh aird an lucht féachana dírithe orthu nó nár tháinig siad isteach ar an gclár i rith a chraolta. I roinnt clár, nuair nach mbíonn imeacht faoi leith á athchruthú, ach nuair a bhíonn athchruthú ginearálta gníomhaíochta á léiriú, d'fhéadfadh sé a bheith níos iomchuí an téarma "Insamhlú" nó téarma cosúil leis a úsáid.

Maidir le teilifís, is féidir seifteanna mar úsáid íomhánna dubha agus bána nó sepia nó mallghluaiseacht a bhreithniú mar rogha ar fhotheidil, a fhad is nach dócha go mbeadh míthuiscint ar an lucht féachana. Maidir le raidió is féidir éifeachtaí fuaime a bhreithniú ar an gcaoi chéanna.

De ghnáth, níor chóir d'fheasacháin nuachta athchruthuithe ar imeachtaí reatha a dhéanamh mar gheall ar an mbaol go mbeadh míthuiscint ar an lucht féachana. Bheadh athchruthuithe bunaithe ar imeachtaí cúirte, binsí fiosrúcháin, srl. mar eisceachtaí. Is féidir iad sin a úsáid go cúramach ar an gcoinníoll go dtuigfeadh an lucht féachana gur athchruthuithe iad agus ar an gcoinníoll go mbeadh píosaí den sórt sin aitheanta mar 'athchruthuithe'.

Is saincheist thábhachtach í fíre athchruthuithe. Tá sé riachtanach go léirítear imeachtaí a athchruthaítear go cruinn agus ar shlí a léiríonn an méid a tharla i ndáiríre. Ní mór a bheith cúramach nach ndéantar an méid a tharla i ndáiríre ró-dhrámatúil trí obair cheamara, éifeachtaí fuaime nó ceol.

Maidir le cláir faisnéise an cheamara chúlráideach, d'fhéadfadh go mbeadh gá uaireanta cuid den ghníomh a ath-ghníomhú mar dheis d'uillinneacha ceamara nó gníomhartha nár thaifeadaigh an ceamara. Sna cásanna sin d'fhéadfadh úsáid an téarma "Athchruthú" an lucht féachana a chur amú. Bíonn an lucht féachana ag súil le roinnt athchruthaithe i gcláir faisnéise an cheamara chúlráidigh. Tá sé tábhachtach, mar sin féin, go n-úsáideann déantóirí clár a mbreithiúnas sna suíomhanna sin agus nach gcuireann siad isteach ar fhíre clár den sórt sin.

Sa chás go bhfuil an t-ord inar tharla sraith imeachtaí tábhachtach maidir leis na himeachtaí sin a léiriú go cruinn, beidh sé doghlactha eagarthóireacht a

dhéanamh ar ábhar ar bhealach a thabharfaidh ar an lucht féachana a chreidiúint gur tharla na himeachtaí in ord difriúil, maidir le cláir nuachta, chúrsaí reatha agus fhíorasacha.

Sa chás go mbíonn páirteanna móra de chlár nó clár iomlán comhdhéanta d'athchruthuithe, caithfidh an lucht féachana nádúr an chláir a thuiscint go cruinn. Ba chóir go dtuigfeadh an lucht féachana an fhianaise ar a mbunaítear na hathchruthuithe agus cibé an bhfuil aon léirmhíniú drámatúil imeachtaí ag baint leo.

Caithfidh déantóirí clár a chinntiú go mbeidh an fhianaise ar a mbíonn athchruthuithe bunaithe iontaofa. Ní féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht fhianaise phríomh-fhinnéithe seachas finnéithe tánaisteacha. Bíonn saincheisteanna inchreidteachta breise le sárú sa chás go mbíonn an fhianaise bunaithe ar insint dara láimhe ar imeachtaí. De réir gnáthchleachtais iriseoireachta, ba chóir an dara foinse a lorg agus níor chóir brath an iomarca ar aon fhoinse amháin. Tá comhthacaíocht fianaise mar chuid thábhachtach de dhéanamh clár maidir le cláir Nuachta, Chúrsaí Reatha, Fhíorasacha agus cláir faisnéise.

Níor chóir do RTÉ brath ar tríú páirtithe chun foinsí a fhíorú. Ba chóir don déantóir cláir seiceáil neamhspleách a dhéanamh agus ba chóir don próiseas sin a bheith oscailte lena scrúdú ag bainistíocht eagarthóireachta RTÉ.

## Rannpháirtithe i gCláir

Is minic a thugann déantóirí clár cuireadh do thráchtairí agus do shaineolaithe teacht ar chláir chun a ndearcaí agus a dtuairimí a thabhairt i leith na n-ábhar a bhíonn á bplé. Bíonn muinín ag an lucht féachana go roghnaíonn an fhoireann léirithe daoine cuícháilithe agus rannpháirtithe i gcláir á roghnú acu. In go leor cásanna glacfaidh an lucht féachana leis an méid a deir rannpháirtithe mar ráitis údarásacha agus críochnaitheacha. Tá sé ríthábhachtach mar sin go gcinnteoidh déantóirí clár go mbíonn fíor-shaineolas ag rannpháirtithe agus go dtugann a gcáilíochtaí údar lena roghnú. Caithfear a bheith níos cúramaí fós má bhíonn rannpháirtithe ag tabhairt comhairle ar sláinte nó ar shaincheisteanna iompraíochta. Tá comhlachtaí rialála ag na gairmeacha ar fad agus ag go leor soláthróirí seirbhísí agus mar sin is minic gur féidir a chinneadh cibé an bhfuil dea-cháil ar rannpháirtithe lena rialtóirí.

**Oiriúnacht rannpháirtithe a sheiceáil**

Mura bhfuil aithne ag déantóir cláir ar rannpháirtí a d'fhéadfaí a úsáid ba chóir dul i mbun seiceála chun oiriúnacht an duine sin a chinneadh. D'fhéadfadh go mbeadh i gceist leis sin stádas poist, taithí gnóthachtálacha acadúla, taifead foilseoireachta duine, etc, a dhearbhú. Ní mór é sin a dhéanamh go híogaireach agus le tuiscint ar chearta príobháideachais rannpháirtithe a d'fhéadfaí a úsáid. Ba chóir gur leor seiceáil ar an idirlíon sa chuid is mó de chásanna. Murar leor seiceáil ar an idirlíon d'fhéadfaí go mbeadh gá seiceáil le fostóirí nó le piaraí. Ba chóir an rannpháirtí a d'fheádfaí a úsáid a chur ar an eolas má bhítear ag breithniú seiceáil a dhéanamh ag an leibhéal sin. Sa chás go dtéann déantóirí clár i gcomhairle le piaraí rannpháirtithe d'fhéadfadh go mbeadh gá seasamh na bpiaraí sin a fhíorú chomh maith. Má oibríonn rannpháirtí d'eagraíocht nó má fhaigheann sé/sí maoiniú ó eagraíocht a bhfuil leas dílsithe aici in ábhar, d'fhéadfadh go mbeadh gá é sin a thabhairt san áireamh. D'fhéadfaí go mbeadh gá an lucht féachana a chur ar an eolas faoi nádúr an ghaoil idir cuideachta an rannpháirtí agus ábhar an chláir. Má bhíonn an teideal "Dochtúir" ag duine d'fhéadfaí go mbeadh gá an lucht féachana a chur ar an eolas cibé an dtagraíonn an teideal do PhD nó do cháilíocht liachta. Má thagraíonn an teideal do PhD d'fhéadfaí go mbeadh gá an lucht féachana a chur ar an eolas faoin ábhar inar baineadh an PhD amach.

Má bhíonn amhras ar bith ar dhéantóir cláir faoi cháilíochtaí rannpháirtí ba chóir comhairle a lorg ón mbainistíocht eagarthóireachta sula ndearbhaítear cuireadh a bheith rannpháirteach i gclár.

**Mífhaisnéis a sheachaint agus rannpháirtithe á roghnú**

Ba chóir do dhéantóirí clár a bheith cúramach gan teorainn a chur ar a gcuardach do rannpháirtithe ar bhealach a choinneodh amach codanna den tsochaí. Go háirithe, d'fhéadfach go mbeadh claonadh neamhbheartaithe nó eiseamh dearcaí agus taithí mar thoradh ar ró-spleáchas ar aithne phearsanta ar rannpháirtithe. Ní mór a bheith cúramach lena chinntiú nach

mbíonn claonadh polaitiúil, geografach nó aicme i gceist agus rannpháirtithe á roghnú. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh a bheith chomh huilechuimsitheach agus is féidir maidir le gach cuid den tsochaí agus rannpháirtithe á roghnú. Áirítear leis sin pobail inimirce agus grúpaí mionlaigh eile, nuair is cuí sin.

Tabhair ar aird, le do thoil, go bhfuil an chomhairle ar fad thuasluaite maidir le rannpháirtithe infheidhme le RTÉ.ie, Aertel agus seirbhísí Fón Póca.

## Craolachán agus Foréigean

Is ábhar aiféala é gur cuid den saol laethúil an foréigean agus ní féidir léiriú an fhoréigin ar an raidió agus ar an teilifís a sheachaint. Bíonn ar chlárdhéantóirí a bheith faichilleach faoi ar thionchar léirithe an fhoréigin ar a lucht éisteachta / féachana. Is ceist thábhachtach í seo chomh fada is a bhaineann le cláir fhíorasacha agus le cláir fhicsin. D'fhéadfadh go ngoillfeadh an caoi a phléitear leis an bhforéigean ar raidió agus ar theilifís ar an lucht éisteachta agus an tuairim a chothú go spreagann sé iompar foréigneach. Caitheann clárdhéantóirí idirdhealú íogair a dhéanamh idir cruinnléiriú ar an saol agus aon ní a ghríosfadh foréigean.

**Tuairisceoireacht Nuachta ar Eachtraí Foréigneacha**

Is minic a léirítear eachtraí foréigneacha i dtuairisciú nuachta teilifíse. Is gá do thuairisceoirí agus eagarthóirí am craolta na nuachta a chur san áireamh agus séanra na gclár sa sceideal thart ar an gclár nuachta. D'fhéadfadh gur gá an craoladh a shrianadh má tá an clár nuachta i sceideal luath sa ló, nó má tá clár do leanaí sa sceideal thart ar an gclár nuachta. Is gá d'eagarthóirí breathnú go cúramach ar phíosaí faoi eachtraí foréigneacha, agus a bheith faichilleach maidir le hoiriúnacht na n-íomhánna. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach anois is arís faisnéis a thabhairt do lucht féachana go bhfuil íomhánna i dtuarascáil a fhéadfadh stuaic a chur ar roinnt breathnóirí. Bíonn foréigean tromchúiseach i gcónaí, agus is minic a bhíonn sé tragóideach. Is minic lot agus bás i gceist. Ní mór d'eagarthóirí a chur san áireamh mothúcháin na dteaghlaigh íospartach an fhoréigin. Caithfear breithniú a dhéanamh ar cheist an phríobháideachais. Ní ceart an foréigean a thaispeáint in aisce riamh, ná ar mhaithe le "siamsaíocht". Ba chóir tábhacht nuachta a bheith leis ach go dtuigfí go bhféadfadh sé goilliúint ar an lucht féachana. Fiú i gcás cogaidh, is gá a bheith mothálach i leith an bhróin agus na fulaingthe. Seachnaítear súmáil isteach ar loit, moilliú ar fhuil etc. Is cóir iarmhairtí na heachtra a chur in iúl don bhreathnóir (agus don éisteoir nuair a atá fuaim reatha á húsáid ar an raidió), gan aon rómhoilliú ar an eachtra fhoreigneach. Tá traidisiún iomráiteach i dtuairisciú nuachta nach dtaispeántar móimint báis duine, más féidir. Sampla de seo ab ea píosa scannáin TFCI (CCTV) i 2005 d'ionsaí gan saighdeadh ar shráid i Sasana mar ar sceanadh macléinn chun báis. Rinne seirbhísí nuachta teilifíse an RA craoladh ar chuid den phíosa scannáin, ach níor thaispeáin siad an sá marfach.

Is minic a áitíodh go maolaíonn íomhánna foréigin íogaireacht dhaonna. Tá imní ag méadú, go háirithe maidir le daoine óga go bhfuil siad faoi lé an iomarca íomhánna foréigneacha, agus go bhfuil drochthionchar aige seo ar a n-iompar. Is gá eachtraí tábhachtacha nuachta a thuairisciú go cruinn ar an Nuacht. Nuair atá foréigean á léiriú orthu seo, is gá a bheith ríchúramach faoin tionchar a fhéadfadh a bheith ag an léiriú. Má tá íomhánna anfhoréigneacha ag tuairisceoir nó eagarthóir, is cóir comhairle a lorg óna mbainisteoirí eagarthóireachta.

I gcláir chúrsaí reatha agus scannáin faisnéise, mar a bhfuil iompar foréigneach ina chuid den ábhar atá faoi scrúdú, tagann na cúinsí chéanna i gceist is a thagann i gcás na gclár nuachta.

**Drámaíocht agus Léiriú Eachtraí Foréigneacha**

Is ábhar cúraim an foréigean do chlárdhéantóirí a bhíonn ag obair ar fhicsean chomh maith. Is gné den saol an foréigean, agus is ábhar dlisteanach drámaíochta é. Ach ní mór do léiritheoirí a thuiscint go bhféadfadh daoine soghonta a bheith i measc na mbreathnóirí, agus daoine a gcuireann iompar foréigneach isteach orthu. Seo mar atá sé go háirithe nuair a bhíonn baint ag leanaí le radhairc fhoréigin. Maidir le cuid den lucht féachana, gabhann an cúram chéanna le foréigean ar ainmhithe chomh maith. Sa bhficsean, bíonn cuid den fhoréigean stílithe go leor, agus is lú an seans go ngoillfeadh sin ar dhaoine. Tá séanra an scéinséara aicsin seanbhunaithe mar fhoirm siamsaíochta, agus is minic a bhíonn foréigean sna scéinséirí seo neamhréadúil, agus neamhbhararthach dá réir. Tá cúiseanna drámaíochta ann go ndéanfaí léiriú ar an bhforéigean, ámh, agus uaireanta d'fhéadfadh cuid mhaith foréigin a bheith i gceist, agus a bheith pianmhar le feiceáil nó le cloisteáil. Is gá a bheith ríchúramach nuair a bhaineann an foréigean a léirítear le saol an teaghlaigh, go háirithe foréigean ar mhná nó ar leanaí, ní ar bith a bhaineann le héigniú nó foréigean collaí, nó má tá an foréigean leanúnach, nó má tá féinmharú nó iarrachtaí féinmharaithe i gceist. Nuair a bhaintear feidhm as foréigean réadúil i ndrámaí, tá sé tábhachtach nach mar "shiamsaíocht" a úsáidtear é ach le haonaidhm drámaíochta, déileáil le fíorcheisteanna ar bhealach éifeachtach. Ní cóir beag is fiú a dhéanamh d'íarmhairtí an fhoréigin. Bíonn íospartaigh ann i ngach cás agus ní ceart neamhshuim a dhéanamh díobh. Fiú nuair nach orthu féin a imrítear an foréigean, is féidir saol na n-íospartach seo a bheith loite mar thoradh ar ghníomhartha foréigneacha.

**An Tairseach**

Tá an tairseach do chláir nach bhfuil oiriúnach do leanaí tábhachtach, mar ceadaítear ábhair nach gcraolfaí murach sin. Ach ní leor mar chosaint an tairseach ann féin. D'fhéadfadh daoine leochaileacha, ina n-aonar, b'fhéidir, a bheith ag breathnú tar éis 9.00pm, nó leanaí gan daoine fásta i láthair. Tá sé an-tábhachtach go gcraolfadh lucht láithreachais rabhaidh cruinne guth-oiriúnacha roimh ré. Is ceart a chur san áireamh gur fearr, b'fhéidir, craoladh ag amanna níos déanaí, nuair is lú seans go mbeadh leanaí sa lucht féachana. Ach toisc gléasanna taifeadta a bheith forleathan, ní leor am craolta amháin mar chosaint. I gcás íomhánna sár-fhoréigneacha, d'fhéadfadh gá a bheith le rabhadh léir beacht arís agus arís eile le linn na dtréimhsí fógraíochta.

I ngach cás ina mbeartaítear foréigean réadúil a thaispeáint, caithfidh léiritheoirí dul i gcomhairle leis an mbainistíocht eagarthóireachta, am scríofa na scripte. Tá sé seo ríthábhachtach i gcás sobalchláir mar *Fair City* a chraoltar roimh an tairseach, le lucht féachana teaghlaigh. Is éasca go mór plé le cuid de na ceisteanna a ardaítear sa mhír seo nuair a bhíonn an script á scríobh, seachas le linn an phróisis léiriúcháin níos déanaí. I gcás teilifíse, ba chóir do bhreathnóirí inglacthachta na gclár a bheith ar an airdeall maidir le hábhar a fhéadfadh fadhb a bheith leis sna cláir a cheannaítear. Is cóir breathnú le cáiréis ar leith ar shraitheanna leanúnacha a bhíonn sa sceideal roimh an tairseach de ghnáth. D'fhéadfadh go mbeadh gá le hathsceidealú, nó eagarthóireacht a dhéanamh ar eipeasóid ar leith.

Craolann Roinn Láithreachais RTÉ sa rannóg teilifíse siombal ar scáileán ag tús gach cláir a chuireann in iúl oiriúnacht an chláir atá le teacht le haghaidh lucht féachana ar leith. D'fhéadfadh go mbeadh gá ar raidió le fógra láithreachais ag tabhairt eolais dá leithéid. Ba cheart do chlárdhéantóirí ar chláir raidió agus teilifíse araon rannóga láithreachais a chur ar an rolas maidir le hábhair clár ar

féidir go mbeadh gá le heisiúint rabhaidh nó comhairle ina leith leis an lucht éisteachta / féachana.

**Craoladh Réamhbhlaiseanna ina bhfuil Radhairc Fhoréigin**

Is gá sárchúram maidir le léiriúcháin agus sceidealú réamhbhlaiseanna de chláir ina bhfuil foréigean. Fiú nuair nach mbíonn radhairc foréigin sna réamhbhlaiseanna féin, ach go gcuireann siad ar aghaidh cláir ina bhfuil a leithéid, d'fhéadfadh nach mbeidís oiriúnach lena gcraoladh nuair a bhíonn líon mór leanaí ag breathnú. Is comaoin thábhachtach í seo freisin i sceidealú fógraíochta le haghaidh scannán cinematach.

Ba chóir do na clárdhéantóirí uile agus do bhreathnóirí inghlacathachta na gclár, mar aon leis an bhfoireann láithreachais, a bheith ar a n-aire go bhféadfadh eachtra tarlú a d'fhágfadh blas fuarchroíoch ar chraoladh cláir ar leith. Mar shampla, d'fhéadfadh nach mbeadh sé inmholta scannán ina dtarlaíonn timpiste traenach a chraoladh tar éis nuachta ina fheictear timpiste traenach.

## Caighdeán Clár

Go hiondúil, tá muinín ag an bpobal as RTÉ. Caithfidh RTÉ an mhuinín sin a chaomhnú agus gan déistin a chur ar éisteoirí agus lucht féachana gan ghá. Tá tairseach de 9.00pm tábhachtach ó thaobh cothaithe na muiníne seo. Maidir le raidió, ní mór ionchais an luchta éisteachta agus líon na ndaoine óga a ar dhócha iad a bheith ag éisteacht a chur san áireamh. Níl na caighdeáin cuibhis agus cuibhiúlachta buanseasamhach. Is gá do chraoltóirí athruithe i meon an phobail a bhraith, ach ní cóir caint nach bhfuil inghlactha a úsáid díreach leis an lucht féachana a mhéadú. Seachas ceist na droch-chainte, is mó ábhar eile gur gá plé go díscréideach leis. Beidh ábhair áirithe ann i gcónaí a ghoillfidh ar aicme éigin den lucht féachana. Ach seachnaítear an déistean a spreagadh gan tuilleamh. Is minic a ghoilleann easpa múineadh agus modh a ráite seachas ábhar na cainte. B'fhéidir gur beag buanriail a bhaineann le caighdeáin cuibhis agus cuibhiúlachta, ach is féidir mian caighdeáin a chothú agus muinín an phobail a choinneáil i gcraolachán RTÉ.

**Cláir Ghrinn**

Níl aon dul as go raghaidh cláir ghrinn ina bhfuil tuairimí ar an ngnáthshaol i ngar do stuaic a chur ar dhaoine. Bíonn baol ann stuaic a chur ar dhaoine, pé acu ábhar a bhíonn i gceist, collaíocht, teaghlach, reiligiún, polaitíocht, cine nó eitneachas. Seans go mbeadh dea-chláir ghrinn gar do bheith urghránna. Caithfear an bonn cirt a fháil laistigh den gclár ghrinn féin. An tráchtaireacht ar an saol is ábhar don sceitse grinn, an ábhar aire do na scríbhneoirí scripte iad na spriocanna? Cé chomh ealaíonta is a chuirtear i gcrích an sceitse? An raibh coinne leis an sórt áirithe seo grinn ón gclár? Cén t-am ar craoladh é?

**Cód Caighdeán Cláir**

Baill den phobal a chreideann gur sháraigh clár na caighdeáin maidir le cuibheas agus cuibhiúlacht, tá ar a gcumas gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin (CGC). Déanann an CGC meastúchán ar ghearáin ar bhonn Cód Caighdeáin Chláir an Choimisiuin um Ghearáin Chraolacháin a mbeidh éifeacht leis go luath i 2007. Baineann an cód seo le hocht saghas cláir:

a) Foreigean
b) Iompar Collaí
c) Caint Gharbh
d) Léiriú Daoine agus Ghrúpaí sa Sochaí
e) Cláir Fhíriciúla, Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Cláir Fhaisnéise san Áireamh
f) Cláir do Leanaí
g) Léiriú Drugaí, Alcóil agus Mí-úsáid Tuaslagóirí
h) Iompar Aithriseach

## Ionracas i gCláir

Tá muinín as macántacht agus as ioncracas craoltóirí ag croílár chraoladh na seirbhíse poiblí. Tá sé riachtanach go gcoimeádfaí muinín an phobail agus ba chóir go mbeadh gach a chraoltar ar an gcaighdeán is fearr is féidir agus go mbeadh an t-eolas i gcónaí ar son leas an phobail. Tá sé ríthábhachtach ar mhaithe le todhchaí na craoltóireachta seirbhíse poiblí nach mbeidh aon lagú ar mhuinín an lucht éisteachta as RTÉ in aon slí.

D'fhéadfadh léiriú clár an dallamullóg a chur ar an lucht éisteachta mura mbeadh macántacht ag croílár an phróisis sin. Sampla amháin de sin is ea ceist scoite a thaifeadadh ar an teilifís. Déanann an tuairisceoir an cheist a thaifeadadh i ndiaidh an agallaimh agus déantar eagarthóireacht ar an gceist ina dhiaidh sin. Is é an léargas a fhaigheann an lucht féachana ná go mbíonn an cheist a fheictear ar an scáileán taifeadta ag an am céanna leis an agallamh. Tá sé ríthábhachtach nuair a dhéantar ceisteanna scoite a thaifeadadh go léiríonn an cheist a dhéantar a thaifeadadh an cheist a cuireadh i ndáiríre. Tá sé ceart go leor an cheist a ghiorrú nó a ghlanadh síos beagán, ach níl sé inghlactha in aon chor ceist éagsúil ar fad a thaifeadadh agus eagarthóireacht a dheánamh ar an gceist sin agus í a chur isteach roimh an bhfreagra a thugann an té a bhíonn faoi agallamh ar cheist eile ar fad. Is amhlaidh an cás leis an raidió nuair a dhéantar eagarthóireacht ar an gcéad cheist in agallamh agus cuireann an láithreoir an cheist i láthair ina fhocail féin

Áirítear ar shamplaí eile den phróiseas léiriúcháin atá inghlactha ná nuair a thugtar le fios go bhfuil clár á thaifeadadh beo ach go mbíonn an clár taifeadta cheana féin i ndáiríre. Bíonn sé sin inghlactha tríd is tríd, ach ní bhíonn sé inghlactha má bhíonn aon idirghníomhaíocht phoiblí i gceist sa chlár mar chomórtais le frámaí ama a choiscfeadh cláir thaifeadta nó línte teileafóin tuairimí a léiriú, cinn nach féidir a úsáid mura bhfuil an clár beo.

Tá sé de cheart ag an bpobal a bheith ag súil go mbeadh an craoladh cruinn. Sampla de sin is ea cúrsaí aistriúcháin. Tá sé tábhachtach nuair a dhéantar rud éigin a chraoladh i dteanga iasachta go mbeadh an t-aistriúchán ar an méid a deirtear cruinn. Sampla eile is ea eagarthóireacht a dhéanamh ar shraith imeachtaí go cróineolaíoch. Tá an lucht éisteachta i dteideal a bheith ag súil leis gurb ionann an méid a fheictear ar an scáileán agus an tsraith imeachtaí mar a tharla siad i ndáiríre. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go n-úsáidtear ábhar ag an gcéim eagarthóireachta sa tsraith ina dtarlaíonn na himeachtaí i ndáiríre. Ar ndóigh i gcúrsaí drámaíochta, is féidir radhairc a thaifeadadh ar leithligh ón ord ina dtarlaíonn siad agus eagarthóireacht a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin. Ach ó thaobh cúrsaí nuachta, cúrsaí reatha agus cláir faisnéise, ní mór don ord tarchuradóireachta meas a bheith acu ar an tsraith imeachtaí mar a tharlaíonn siad. Sa chás go mbeadh sé neodrach go hiomlán ó thaobh na heagarthóireachta de, d'fhéadfadh sé a bheith ceart go leor an t-ábhar a úsáid as ord, ach amháin go gcaithfí a chinntiú nach mbeadh aon tionchar ag an eagarthóireacht ar fhírinne an méid atáthar a rá. Sa seánra Cláir Faisnéise Drámaíochta ina mbaintear leas as leagan amach na gclár faisnéise, ach go mbíonn an scéal féin bréagach, ní mór an lucht éisteachta a chur ar an eolas faoi sin roimh ré.

Sna cineálacha cláir faisnéise sin “ina mbíonn an ceamara sa chúlra” bíonn saorgacht éigin i gceist leo toisc fios a bheith ann roimh ré go bhfuil an ceamara nó an micreafón ann agus go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar iompar na ndaoine a bhíonn i láthair. Tá sé tábhachtach nach ligfí d’aon athchruthú tarlú a chuireann isteach ar mhacántacht an chláir. D’fhéadfaí roinnt athchruthaithe a cheadú ach ní mór go mbeadh an t-athchruthú mar léiriú cruinn ar an méid a tharla i ndáiríre.

Tá sé riachtanach maidir le comórtais ar an raidió agus ar an teilifís go reáchtáiltear gach comórtas de réir rialacha an chomórtais. Níl sé inghlactha in aon chor an lucht éisteachta a spreagadh a bheith rannpháirteach i gcomórtas nach mbeidh ar a gcumas a bhuachan nó iad a spreagadh iontráil nuair nach gcuirfear san áireamh i gcomórtas iad. Níor chóir deireadh a chur le comórtais roimh an am a bhíonn socraithe. Ní mór an t-eolas iomchuí go léir maidir leis an gcostas iontrála agus rialacha an chomórtais a thabhairt don lucht éisteachta. Sa chás go mbeadh an comórtas ar an teilifís, ba chóir an t-eolas a thabhairt trí theidil a bheidh le feiceáil ar an scáileán agus ba chóir go mbeadh na litreacha sách mór chun ligean don lucht féachana iad a léamh go soiléir. Sa chás go mbeadh an comórtas ar an raidió, ba chóir go luafaí an costas, na rialacha nó na rialacháin go soiléir agus níor chóir iad a rá ró-thapa.

Sa chás go mbriseann an mheicníocht a bheidh ag rith an chomórtais síos, ní mór do dhéantóirí an chláir an lucht éisteachta a chur ar an eolas nach féidir leo an comórtas a chríochnú. Níor chóir go gcraolfaí toradh bréige i gcás ar bith.

## Graostacht

Sáraíonn graostacht teorainn inghlacthachta. Níl áit dá leithéid sa chraolachán seirbhíse poiblí. *Ábhar a chorbann nó a éillíonn* an sainmhíniú ar ghraostacht. Má chuimhníonn clárdhéantóirí gur féidir na cláir a dhéanann siad a chloisteáil in gach teaghlach in Éirinn, nach féidir leo a fhios a bheith acu cé atá ag éisteacht nó ag faire, ná a fhios a bheith acu an bhfuil leanaí sa lucht éisteachta, is léir nach bhfuil graostacht d'aon sórt inghlactha. Is sólás teoranta é an tairseach (ábhar do dhaoine fásta a thabhairt isteach de réir a chéile ó 9.00pm ar aghaidh) d'ábhar atá i ngar do theorainn inghlactha cuibhis agus cuibhiúlachta, ach ní sólás ar bith é ar ghraostacht.

Ní bhaineann an tairseach leis an raidió. Caithfidh clárdhéantóirí a mheabhrú cathain a bhíonn leanaí in ann éisteacht, agus ba chóir dóibh a chinntiú go mbíonn cláir na laethanta saoire scoile in oiriúint don éisteacht teaghlaigh. Nuair a phléitear ceisteanna leochaileacha ar an raidió de ló, pornagrafaíocht agus mí-úsáid gnéasach leanaí, mar shampla is gá d'fhoirne léiriúcháin an tionchar ar éisteoirí óga a chur san áireamh.

Is gá do chlárdhéantóirí a chur san áireamh go bhfuil aschur iomlán RTÉ trí raidió, theilifís agus idirlíon saor go dleathach ar an aer (cé gur féidir go roghnóidh teaghlaigh áirithe córas seachadta a úsáid a bhfuil costais ag gabháil leis). Ciallaíonn sé seo, go teoiriciúil, go bhfuil gach duine in ann cláir RTÉ a ghlacadh. Is mó an fhreagracht, dá réir, aon chraoladh a fhéadfaí a cheapadh a bheith graosta a sheachaint. Ní faoin gclárdhéantóir aonair atá sé a dhearbhú cad is graostacht ann. Ar deireadh thiar, is é an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin nó cúirt dlí a chinnfidh cad tá amhlaidh.

# Collaíocht agus an Craolachán

Tá athrú mór ar mheon an phobail i leith na collaíochta in Éirinn le scór bliain nó níos mó anuas. Is minic anois go bhfuil glacadh le hábhar nach bpléití riamh go poiblí tráth. Is féidir an t-athrú meoin seo a fheiceáil i gcláir fónála isteach ar raidió., áit a mbíonn díospóireacht fhorleathan ar réimse ceisteanna collaíochta. Mar sin féin, caithfidh an fhoireann léiriúcháin a thuiscint i gcónaí go bhfuil céatadán den lucht éisteachta / féachana ann nach bhfuil ar a suaimhneas le plé oscailte ar aon cheist a bhaineann le collaíocht. An t-am craolta, go bhféadfadh leanaí a bheith sa lucht féachana / éisteachta, blas na díospóireachta, an sort cainte a úsáidtear sa phlé, ionchais an luchta éisteachta / féachana, is gá iad ar fad a chur san áireamh le cáiréis. Is gá do chraoltóirí a mheabhrú go dtagann rogha mórálta i gceist i ngníomhaíocht collaí, chomh fada is a bhaineann le formhór an lucht éisteachta / féachana, agus nár cheart go mbeadh sé le tuiscint go raibh craoltóirí ag cothú aon iompair ar leith. An phríomhcheist i gcónaí ná meas an luchta éisteachta / féachana. Baineann aithint ilghnéitheachta na meon atá ann maidir leis an gcollaíocht leis an meas seo..

**An Lucht Éisteachta / Féachana**

Nuair a bhíonn gníomhaíocht collaí á léiriú, ar an raidió nó ar an teilifís, caitheann clárdhéantóirí an fhreagairt is dóichí ón lucht éisteachta / féachana a chur san áireamh. Is minic is féidir an insint a thabhairt chun cinn le comhartha ar iompar collaí seachas lena léiriú. Más gá iompar collai a thaispeáint ar chúiseanna drámata, is ceart do chláir a bheith chomh díscréideach agus is féidir. Glacfaidh cuid mhaith daoine fásta le gníomhaíocht léir chollaí ar an scáileán nuair atá leanaí imithe a chodladh, ach is ábhar náire dóibh é má bhíonn na leanaí fós ag breathnú ar an teilifís.Is léir gur gá an tairseach a chur san áireamh. Is cóir don Rannóg Láithreachais rabhadh a thabhairt ina gcuid réamhfhógraí faoin ábhar collaíoch atá le teacht.

**Léiriú Gníomhaíocht Chollaí i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha**

I gcláir nuachta, cúrsaí reatha nó cláir faisnéise, mar a bhfuil gníomhaíocht chollaí á tuairisciú is ceart í a chur i láthair ar bhealach neamh-scailéitheanach. Is coir é seo a dhéanamh go háirithe nuair atá gníomhaíocht chlaonaí faoi chaibidil. Níor cheart craoladh a dhéanamh ar ghníomhaíocht chollaí idir dhaoine fásta agus leanaí. Is gá d’eagarthóirí am craolta na tuairisce a chur san áireamh, chomh maith. Is léir go bhféadfadh tuairiscí áirithe a bheith oiriúnach le craoladh ag 11.00pm seachas 6.00pm.

Baineann an imní chéanna le réamhfhógraí i dtaobh gníomhaíochtaí collaí is a bhaineann le foréigean a thaispeáint.

Is gá a bheith aireach, chomh maith, i gcás cláir a léiríonn nochtacht. Goilleann nochtacht ar chuid den lucht féachana chomh mór is a ghoilleann gníomhaíocht chollaí.

## Caint Dhéistineach i gCláir

Is ábhar tromchúiseach í an chaint bhéal-láidir i gcás a lán daoine, agus tá sí ar cheann de na cúiseanna gearáin is mó ó bhreathnóirí agus éisteoirí. Is nuair a bhaintear geit as an lucht éisteachta is mó a ghoilleann caint bhéal-láidir orthu nó nuair nach rabhthas ag súil leis nó nuair a bhraithtear é a bheith neamhriachtanach. Is mó a ghoilleann caint mar seo ar dhaoine, má úsáidtear í ag an am is dóichí leanaí a bheith ag féachaint agus ag éisteacht gan mhaoirseacht.

Cloch choirnéil dár gconradh le lucht féachana teilifíse is ea an tairseach, agus an tuiscint gur chóir go mbeadh an t-ábhar a chraoltar roimh 9.00pm oiriúnach don teaghlach. Ba cheart go léireodh gnáthchiall don chlárdhéantóir cad is caint dhéistineach ann. I gcás aon amhrais is ceart do chlárdhéantóirí dul i gcomhairle leis na maoir cuí eagarthóireachta a luaithe agus is féidir le linn phróiseas an léiriúcháin.

Is gá a bheith cúramach ar raidió i gcláir bheo ina bhfuil baill den phobal ina rannphháirtithe. Nuair a úsáidtear caint dhéistineach i gcláir bheo nuair atá sé réasúnta an lucht éisteachta a bheith ag súil le lena mhalairt, ba cheart don láithreoir RTÉ a scaradh ón gcaint agus an rannpháirtíocht a scor más gá.

**Drámaíocht agus Cláir Fhaisnéise**

Is féidir go n-éileodh an dearfacht i gcláir drámaíochta agus fhaisnéise ar raidió agus ar theilifís araon go gcuimseofaí caint a chuirfeadh déistin ar bhaill den lucht éisteachta / féachana. Ní mór am craolta agus ionchais luchta éisteachta / féachana a chur san áireamh. Nuair a úsáidtear a leithéid de chaint, d’fhéadfadh go mbeadh gá le rabhadh a thabhairt. Ar an teilifís, d’fhéadfadh go mbeadh gá le ham níos déanaí sa sceideal. Is ceart breathnú ar an dtréimhse craolta díreach i ndiaidh 9.00pm mar thréimhse chéimnithe i dtreo craoladh ábhair atá níos oiriúnaí do dhaoine fásta, agus nuair atá cinntí á ndéanamh i leith eascainí agus caint dhéistineach a bheith ar chlár lena linn, is gá a chur san áireamh go bhféadfadh leanaí a bheith fós sa lucht éisteachta / féachana.

Ba cheart go dtuigfeadh clárdhéantóirí an tarcaisne a ghabhann le téarmaí cinedhíblithe agus ainmneacha díblithe míchumais, chomh maith le heascainí gnéis. Is minic chomh maith, a thugtar masla le húsáid neamhchúiseach ainmneacha naofa lucht creidimh. Goilleann úsáid “Íosa Críost” mar eascaine i seónna drámaíochta agus siamsaíochta, cuir i gcás, go mór ar chodanna den lucht éisteachta / féachana, nó ainmneacha eile a áirítear a bheith naofa.

## Cúram sa Chaint

Uaireanta is féidir masla a thabhairt go neamhthoiliúil le caint neamhmhothálach. Tá téarmaíocht áirithe i mBéarla na ndaoine, *spastic, invalid, retarded, dumb, defective, tinkers, coloured people*, maslach agus is ceart í a sheachaint.

I gcomhthéacs na hÉireann is cóir an téarma *non-Catholic* a sheachaint. Tá meas Caitlicigh ag baill Eaglais na hÉireann orthu féin, agus is masla dóibh an téarma *non-Catholic* a úsáid ina dtaobh. Baineann sé le hábhar go bhfuil go leor daoine in Éirinn inniu nach nionannaíonn le reiligiún Críostaí ar bith. Níl feidhm leis an téarma *non-Catholic* sa chomhthéacs seo. Is gá freisin nach mbeadh glacadh leis gur le Críostaíocht a bhaineann na reiligiúin eile in Éirinn. Tá pobail de Mhuslamaigh, Hiondúigh, Chonfúiceaigh agus Iúdaigh in Éirinn chomh maith le reiligiúin eile ar cheart iad a aithint agus caitheamh leo le meas.

Tá téarmaí Béarla eile ann mar *fireman, postman, chairman, and spokesman* a tháinig chun cinn nuair ba iad na fir amháin a rinne an obair seo. Inniu, áfach, comhlíonann fir agus mná na feidhmeanna seo. Nuair is féidir, baintear úsáid as téarmaí inscne-chuimsitheacha mar *firefighter, postal worker, chairperson and spokesperson*. Mar mhalairt, d'fhéadfaí téarmaí baineanna a úsáid, nuair is mná atá á lua. I gcomhthéacsanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh sé oirúnach téarmaí mar *chairwoman* agus *spokeswoman* a úsáid. Ní féidir aon dearbhrialacha sa réimse deo, mar tagann athrú ar úsáid agus inghlacthacht teanga. Is í an sprioc gan tarcaisne a thabhairt, agus cleachtais na linne seo a chur san áireamh. Ni ceart *girls* a thabhairt ar mhná os cionn 18 mbliana, mura bhfuil sé inghlactha sa chomhthéacs tagairt d'fhir os cionn 18 mbliana mar *boys*. Is gá a bheith ríchúramach leis an téarma *ladies*. I gcoitinne, ní cóir an téarma *ladies* a úsáid ach amháin nuair a thagraítear do na fir mar *gentlemen*.  Tá daoine breacaosta ann, áfach, ar fearr leo an téarma *ladies* seachas *women*. Ar nós teangacha i gcoitinne, athraíonn úsáid agus inghlacthacht focal  .

I gcúrsaí spóirt, d'athraigh cuid den teanga níos moille ná mar a tharla sa chaint choitianta, agus d'fhéadfadh fadhbanna ar leith éirí as sin. Ba cheart tagairtí uasal-le-híseal neamhbheartaithe, cé dea-intinneach, a sheachaint. Ní dhéanann tráchtairí tagairt, de ghnáth, do bhuanna coirp lúchleasaithe fireanna. Níor cheart a dhéanamh amhlaidh ach oiread i gcás luchleasaithe baineanna.

Caithfidh clárhéantoirí a bheith mothálach maidir le caint homafobach. *Homosexuals, gays* agus *lesbians* na téarmaí a úsáideann an comhluadar hómaighnéasach ina dtaobh féin, agus is iad na téarmaí ba cheart do chlárdhéantóirí a úsáid.

## Taifeadadh faoi Choim, Úsáid Ceamaraí Ceilte agus TFCI (CCTV)

D'fhéadfadh sárú a bheith i gceist ar cheart duine ar phríobháideacht trí úsáid gléasanna taifeadta agus scannánaíochta faoi choim. Nuair is mian le clárdhéantóirí na gléasanna seo a úsáid, is gá cead an Phríomh-Stiúrthóra a lorg roimh ré trína gCeannasaithe Roinne. **Sainordú is ea é gur gá cead an Phríomh-Stiúrthóra a fháil, <u>sula</u> dtosaítear ar thaifeadadh nó scannánú**. Má dheontar cead, is i ndhá chéim a bheidh sé. Tabharfar cead taifeadta ar dtús. Ansan déanfar breith ar chead craolta. Baineann na cúinsí thuas mar an gcéanna le cláir inmheánacha agus cláir choimisiúnaithe.

Ní dheonfar cead ach más le leas an phobail é. Déantar plé ar chineál an leasa poiblí sa mhír ar **Phríobháideachas**. Ni mór don ghníomhaíocht atá á thaifeadadh a bheith *mídhleathach* nó frithshóisialta nó neamhinniúil nó ina bhagairt ar shláinte nó ar shábháilteacht an phobail. Ní liosta uileghabhálach an liosta cúinsí seo, d'fhéadfadh cúinsí eile a bheith i gceist. Roimh cead a thabhairt, déanfaidh an Príomh-Stiúrthóir measúnú ar fhéidearthacht na gníomhaíochta atá faoi iniúchta a bheith taifeadta trí aon mhodh eile ach faoi choim. Ní mór do chlárdhéantóirí a thaispeáint gur chuir siad modhanna eile taifeadta san áireamh agus nach mbeadh an éifeacht eagarthóireachta chéanna leo agus a bheadh leis na taifeadtaí faoi choim.

Baineann na rialacháin seo le taifeadadh comhráití teileafóin, nuair nach fios do na baill den phobal go bhfuiltear á dtaifeadadh.

**Cláir *Cheamara Fhírinnigh***

Ní bhaineann na cúraimí seo le scannánú le haghaidh cláir siamsaíochta mar chláir Cheamara Fírinneach. Is gá i gcónaí cead na "n-íospartach" a mbeirtear orthu ar ceamara a fháil roimh chraoladh. Chun barántúlacht a bhfuil á thaifeadadh a choinneáil, is gá cead a lorg go siarghabhálach. Má dhiúltaítear an cead is gá an taifeadadh a scrios chomh luath agus is féidir. Éilíonn taifeadadh cheamara fhírinnigh cead an Eagarthóra Coimisiúnaithe ábhartha.

**Teicníceanna agallaimh *éirí slí***

Cineál iriseoireachta craolacháin dlisteanach is ea teicníc an agallaimh "éirí slí", cé nár cheart í a úsáid go rialta. Ba cheart í a úsáid mar sheift deiridh nuair atá teipthe ar gach seift eile. Baineann cúraimí príobháideachais agus cothroime le hábhar i gcónaí, áfach. Is cóir agallaimh dá leithéid a bheith in áiteanna poiblí. Ní cóir go dtarlóidís ach nuair a dhiúltaítear gnáthagallamh, nó nuair is é is dóichí go ndéanfaidh an duine iarracht agallamh a sheachaint. Ní ceart go dtuigfí go bhfuil smál na héagóra ar an agallaí ar an mbonn gur dóigh leis an tuairisceoir gur gá a leithéid d'agallamh a bheith ann. Ba chóir gur léir go bhfuil an tagallamh chun leasa an phobail.

**Sléachta ó Theilifis Chiorcaid Iata (TFCI) (CCTV)**

Ó d'éirigh Teilifís Chiorcaid Iata níos coitianta in áiteanna poiblí, d'fhéadfadh go ndéanfadh léiritheoirí teilifíse agus tuairisceoirí breithniú ar shleachta dá leithéid dá gcláir agus dá dtuairiscí. Is gá aghaidh a thabhairt ar cheisteanna tábhachtacha sula ndéantar sin.  An bhfuiltear deimhin de go bhfuil an t-ábhar

barántúil? An dtagann ceisteanna príobháideachais i dtreis? An bhféadfaí an t-ábhar a úsáid mar fhianaise in imeachtaí cúirte agus, más féidir, an míthriail nó díspeagadh cúirte an toradh ar a chraoladh? An bhfuil baol iomrall aitheantais ann agus, má tá, an bhféadfadh éileamh clúmhillte in aghaidh RTÉ a theacht as?

## Línte Cúnaimh agus Achainíocha Carthanais

D’fhéadfadh go mbainfeadh breathnóirí agus éisteoirí clár faoi ábhair íogaire áitithe, féinmharú, foréigean gnéis etc. leas as soláthar línte cúnaimh ag deireadh an chláir. I gcásanna áirithe d’fhéadfadh sé a bheith riachtanach sonraí teagmhála eagraíochtaí éagsúla a thabhairt nach ionann a gcur chuige nó a gcomhairle dhlisteanach ar an bhfadhb. Ba chóir do léiritheoirí agus do tuairisceoirí fios a fháil cad iad na heagraíochtaí is oiriúnaí chun cabhrú leis na breathnóirí agus éisteoirí, agus dul i gcomhairle leo sula gcraoltar an clár. Go háirithe, nuair atá sé i gceist ag léiritheoir uimhir na líne cúnaimh a chur ar fáil ar an aer, ba chóir dó/di a chinntiú go bhfuil eagraíocht feidhmithe na líne cúnaimh ar an eolas faoina bhfuil i gceist, agus go bhfuil ar a gcumas an líne chúnaimh a fheidhmiú ar feadh tréimhse i ndiaidh chraoladh an chláir. Áit a bhfuil léiritheoirí ag súil go bhféadfadh breathnóirí agus éisteóiríglaoch ar RTÉ tar éis an chraolta ag lorg comhairle, is cóir Maoirseoir an Lasc-Chláir agus an Oifig Phreasa agus Faisnéise a chur ar an eolas roimh an gcraoladh i dtreo gur féidir an teolas cuí a chur le chéile agus foireann bhreise a lorg más gá.

### Achainíocha Carthanais

D’fhéadfadh gur mian le RTÉ anois is arís, tús a chur, nó a bheith comhcheangailte, le achainíocha Carthannais. D’fhéadfadh go mbeadh sé seo i gceist, mar shampla, tar éis tuairiscithe ar thubaist nádurtha nó coibhlintí foréigneacha. **Sar a gcuireann siad tús le hachanaí ar bith, ba cheart do chlárdhéantóirí dul i gcomhairle leis an gCeannasaí Roinne ábhartha. Ní cheart aon gheallúintí a thabhairt sula dtugtar faomhadh.** Ba cheart don Cheannasaí Roinne dul i gcomhairle leis an mBord Feidhmeannais chun a chinntiú nach bhfuil aon dúbailt ar achainíocha nó an iomarca achainí. Ní mór do RTÉ *bona fides* aon eagraíochta nó duine aonair a bhainfeadh leas as an achainí a chinntiú. Caithfidh RTÉ a chinntiú chomh maith go bhfuil socraithe cearta déanta le haghaidh riaracháin na hachainí agus próiseas iniúchta ceart socraithe. Ní mór do RTÉ freisin a bheith cothrom le carthanais agus gníomhaireachtaí cúnaimh iomaíocha.

## Creidimh

Mar chuid dá thiomantas do chraolachán seirbhíse poiblí, léiríonn RTÉ ina tháirgeadh ginearálta ar raidió, ar theilifís, i bhfoilsitheoireacht gréasáin agus cló, luachanna cultúrtha agus spioradálta phobail na hÉireann. Toisc ionad lárnach a gcreidimh i saol a lán daoine, tá sé tábhachtach go mbeadh teacht acu ar RTÉ ar chláir a léiríonn suntas an reiligiúin in Éirinn sa lá inniu. Leanfaidh RTÉ de chraoladh seirbhísí reiligiúnacha ar raidió agus ar theilifis araon agus cuirfidh cláir ar fáil freisin go rialta a bhaineann le hábhair reiligiúnacha agus spioradáltas. I measc na bprionsabal eagarthóireachta is bunus leis an dtuairisciú sin tá:

**1. Meas ar gach dearcadh reiligiúnach**

Tabharfar meas ar an mbuncheart atá ann dearcaidh reiligiúnacha a bheith ag daoine. Aithneofar agus déanfar ceiliúradh ar áit an chreidimh i saol an phobail. Beidh RTÉ rannpháirteach i dtuiscint an luchta éisteachta / féachana ar cheisteanna idirnáisiúnta trí fhaisnéis agus anailís a sholáthar ar ról reiligiún domhanda.

**2. Caoinfhulaingt ilghnéitheachta na gcreideamh a bhíonn ag daoine**

Léireoidh RTÉ ina aschur na creidimh traidisiúnta in Éirinn. Ba cheart do RTÉ tuairisciú a dhéanamh mar is cuí ar reiligiúin na ngrúpaí nua ag sroichint na hÉireann agus ar chreidimh nua mar a éirionn siad aníos.Aithneoidh RTÉ ina gcláir chomh maith agnóisithe agus aindiachtaithe.

**3. Maslú daoine a bhfuil dearcaidh creidimh acu a sheachaint**

Tá mínmhothálacht i gceist i leith creidimh daoine, i leith comóradh agus féiltí reiligiúnacha, i leith íocón agus focal a bhaineann le creidimh daoine, i leith cleachtas agus deasghnáth lioturgach agus i leith eachtraí atá suntasach i stair reiligiúin áirithe. Ní cheadaítear dímheas ar chreidimh nó magadh a dhéanamh ar chreideamh. Tá sé inghlactha, áfach, institúidí agus taithí reiligiúnacha a iniúchadh go criticiúil i gcláir fhíriciúla, i ndrámaí agus i séanraí eile aschuir.

**Tuairisciú ar Cheisteanna Reiligiúnacha lasmuigh de Chláir Reiligiúnacha**

Toisc go bhfuil reiligiún lárnach i saol morán daoine, tá sé dosheachanta gur ábhar é a dtabharfar suntas dó i séanraí éagsula clár, mar chláir fhaisnéise, drámaíocht agus cláir ghrinn. Tá sé tábhachtach a chur san áireamh i scríbhneoireacht scripte agus i léiriú go bhféadfaí daoine a bhfuil creideamh daingean acu a mhaslú. Caithfear coimheá a shocrú idir sheachaint maslaithe agus saoirse chainte. Ní mór maslú gan tuilleamh a sheachaint riamh agus i gcónaí. **Caithfidh clárdhéantóirí a bheith airdeallach don íogaireacht seo. Ait a bhfuil seans go maslófaí traidisiún reiligiúnach, ba cheart do léiritheoirí a mbainistíocht eagarthóireachta a chur ar an eolas in am trátha le cinntiú go bpléifear an sceal go hiomlán agus go cuí.** Más dealtaitheach go gcuirfidh clár stuaic ar bhreathnóirí áirithe, d'fhradfadh gur gá an t-am craolta a mheas in athuair. Tá daoine ar cás leo an t-aos og a chosaint ar chonspóid reiligiúnach agus is lú an seans go mbeidh stuaic orthu más i ndiaidh an tairsigh, i gcás na teilifíse, nó nuair nach móide go mbeadh éisteoirí óga i measc an luchta éisteachta raidio. D'fhéadfadh gur gá rabhadh a thabhairt don lucht éisteachta / féachana roimh ré. B'fhéidir go mbeadh deis freagra riachtanach.

## Úsáid Pobalbhreitheanna agus Míreanna Vox Pop i gCláir

**Pobalbhreitheanna**
Is féidir ó am go ham, go ndéanfadh clárdhéantóirí breithniú ar thorthaí pobalbhreitheanna a chuimsiú chun cur lena gcláir. Agus pobalbhreitheanna á dtuairisciú ba cheart tuairisc a thabhairt ar thoradh na pobalbhreitheanna, méid an tsampla, teorainneacha na muiníne staitistiúla, dáta an tsaothair allamuigh agus an ghníomhaireachta coimisiúnaithe. Más dealraitheach go bhfuil leasa dílsithe i gceist ag an ngníomhaireacht coimisiúnaithe i gcás ceiste atá faoi fhiosrú ba cheart é sin a chur in iúl don lucht éisteachta / féachana (sampla de seo is ea pobalbhreith a choimisiúnú ag páirtí polaitíochta nó brúghrúpa).

Nuair atá coimisiúnú pobalbhreithe á mheas, caithfidh clárdhéantóirí a mbainisteoirí eagarthóireachta a chur ar an eolas. Tá sé seo i bhfeidhm maidir le cláir inmheánacha agus cláir neamhspleácha. Ba cheart, chomh maith, comhairle na Roinne Taighde ar Lucht Éisteachta / Féachana a lorg maidir le roghnú an comhlachta pobalbhreithe, i bhfrámú na gceisteanna agus, más gá, i léirmhíniú na gcinneadh. Is gá a bheith cáiréiseach i bhfrámú agus i gcur i láthair pobalbhreithe agus a sonraí, le cinntiú nach dtabharfar le fios ag ceisteanna nó cinneadh pobalbhreithe go bhfuil seasamh nó barúil ag RTÉ ar an gceist faoi iniúchadh.

Ní mór aire ar leith a thabhairt agus comh-phobalbhreitheanna le heagraíochtaí eile á mbeartú. Mar shampla, má roinntear costais na pobalbhreithe le nuachtán, ba cheart do chlárdhéantóirí a bheith feasach nach mbíonn an tsriantacht chéanna neamhchlaontachta i bhfeidhm maidir le nuachtáin is atá ar RTÉ agus go bhféadfadh aibhsiú sonraí ar leith sna nuachtáin baint de cháil neamhchlaontachta RTÉ.

Ní ceart sonraí pobalbhreitheanna a chur i láthair mar “chruthúnas” ar rud éigin, ach mar“leid”. In ainneoin chruinneas na bpobalbhreitheanna in Éirinn, cuimhnigh gur gá a bheith faichilleach i dtaobh na dtorthaí i gcónaí. Gnéithe criticiúla d’úsáid rathúil sonraí pobalbhreitheanna is ea fostú comhlachta iomráitigh, tuiscint ar shuntasacht tréimhse an tsaothair allamuigh agus tábhacht an fhráma samplála iomláin.

Ní ceart a thabhairt le fios i gclár go bhfuil úsáid pobalbhreithe ar bith nach bhfuil cuótarialaithe (mar shampla, cur síos at thorthaí fónála nó ríomhphoist ón lucht éisteachta / féachana) ar chomhluach nó ar chomhchruinneas le pobalbhreitheanna proifisiúnta. Thiocfadh míthreoir as na torthaí, b’fheidir, toisc gur féidir le brúghrúpaí an saghas seo pobalbhreith a ionramháil agus toisc nach bhfuil an “sampla” vótálaithe ionadaíoch don daonra i gcoitinne. Is cóir éiginnteacht na dtorthaí a lua i gcónaí, agus is ceart fiúntas pobalbhreitheanna a áireamh ar aon dul le *vox pop*.

Tá treoir ar úsáid pobalbhreitheanna ar fáil ag www.esomar.org.

**Úsáid *Vox Pop* i gCláir**

O am go chéile is féidir *vox pop* (tuairim an duine ar an sráid) a úsáid i dtuairiscí. Níl locht air. Ach tá sé tábhachtach go dtuigfeadh clárdhéantóirí gur féidir ionramháil a dhéanamh ar fhreagairtí *vox pop*. San eagarthóireacht, is furasta freagairtí an *vox pop* a chlaonadh. Ní ceadaithe riamh cruinneas eimpíreach a mhaíomh don *vox pop*. Caithfear é a chur i láthair ina cháilíocht, mar “shlis den saol” neamheolaíoch, randamach, freagra ó ghnáthdhaoine ar an sráid. Caithfidh clárdhéantóirí a chinntiú nach n-úsáidtear *vox pop* chun leataobh argóna a thabhairt, nuair is léir go bhfuil tuairimí eile ann.

## Lucht Féachana Stiúideo

Is gné thábhachtach de chláir áirithe stiúideo agus craolta seachtracha lucht féachana beo. Is cóir déileáil go cuirtéiseach tuisceanach le baill den phobal a fhreastalaíonn orthu. A oiread agus is féidir, níor chóir go mbeadh ar dhaoine tréimhsí rófhada a chaitheamh ag fanacht le tarchur nó taifeadadh. Má bhíonn moill i gceist, ba cheart fáil ar shólaistí a shocrú.

Amhail an *vox pop*, ní ceadaithe go dtuigfí gur sampla ionadaíoch den phobal i gcoitinne an lucht féachana stiúideo. A ndearcadh féin seachas tuairimí an mhórphobail a léiríonn lucht an stiúideo. Is gá rícháiréis nach ndéanfaí ginearálú ón lucht féachana stiúideo go dtí an pobal i gcoitinne. Má iarrtar ar lucht féachana stiúideo a lámha a chur in airde, agus má thugtar le tuiscint ansin go bhfuil a ndearcadh ionadaíoch ar dhearcadh pobail níos leithne, is ábhar míthreoir é a fhéadfadh an fhírinne a chur as a riocht.

Is gá rialacháin dóiteáin agus sábháilteachta a chur ar a súile do gach lucht féachana stiúideo. Seachas cláir a dhéantar go sonrach le haghaidh leanaí, is coinníoll é go mbeadh gach ball de lucht féachana stiúideo os cionn a 18 mbliana d'aois. Nuair atá leanaí faoi 18 mblian de dhíth, caithfidh leorsocruithe coimhdeachta a bheith déanta.

## Poiblíocht agus Faisnéis

Tá RTÉ in iomaíocht d'aird an phobail le craoltóirí eile. Tá réimse leathan cainéal agus clár ag gach breathnóir agus éisteoir mar rogha. Is féidir le poiblíocht réamh-chraolta cur go mór le méid an luchta féachana.. Ba chóir don fhoireann léiriúcháin iomlán, pé acu ag obair ar chláir inmheánacha nó choimisiúnaithe, a bheith lánsásta tacú le lucht poiblíochta i mbun oibre dóibh chun aird a tharraingt ar chláir atá le teacht. Chomh maith leis sin, ba cheart go soláthrófaí Oifig Fhaisnéise RTÉ le gach sonra ábhartha faoi chláir atá le teacht. Cuimsítear air seo sonraí teagmhála rannpháirtithe clár agus táirgí nó seirbhísí atá mar ghnéithe de chláir nuair is ábhartha. Ba cheart faisnéis a sholáthar freisin ar an rannóg ábhartha de Sheirbhís ArLíne RTÉ agus ar Aertel.

Tá fógraíocht ar an aer chomh tábhachtach chéanna le haghaidh chláir. Caithfidh clárdhéantóirí cabhrú leo siúd atá i mbun Réamhfhógraíochta agus ábhar réamhfheasachán agus réamhfhógraí cláir a sholáthar dóibh. Tá sé tábhachtach meas an phobail ar RTÉ a fhorbairt agus a spreagadh.

## Leanaí agus an Craolachán

Is í an tseirbhís is fearr is féidir le RTÉ a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ná cláir a dhéanamh agus a chraoladh a léiríonn a saol, na nithe is cás leo agus a bhfuil suim acu iontu. Éiríonn as sin go mbeidh baint ag leanaí leis na cláir ar bhealaí éagsúla. Is lucht éisteachta agus féachana iad, glacann siad páirt sna cláir (i gcláir a dhéantar do leanaí don chuid is mó, ach i gcláir fhíorasacha agus nuachta chomh maith), léirítear iad ar chláir, agus uaireanta fostaítear iad le hobair ar chláir.

Is gá cúram ar leith a dhéanamh de chosaint agus sábháilteacht na leanaí a bhfuil baint acu le teilifís agus raidió RTÉ. Mar chraoltóirí, nuair a phléann RTÉ le leanaí ní mór dó príomhthábhacht a thabhairt dá sláinte idir choirp, aigne agus mothúcháin. Ní féidir don mhír seo ar Leanaí agus an Craolachán a bheith ina treoir iomlán don deachleachtas i ngach cás, ná ní gá gurb í an focal scoir ar an ábhar í. Athróidh comhthéacs, pearsantachtaí, dearcadh. Is é atá tábhachtach i gcás ar bith ná léirthuiscint chiallmhar an chlárdhéantóra eolasaigh a bhfuil leas an linbh ar aigne aige/aici.

Chun críche na dtreoirlínte seo, mura ndeirtear a mhalairt, is é is “leanbh” ann ná duine in aois a 15 bliana nó faoina bhun. Is ionann “duine óg” agus an té atá in aois a 16 nó 17 mbliana d’aois. Tabhair faoi deara go mbreathnaíonn Coimisiún Craolacháin na hÉireann ar bhaill uile an luchta éisteachta / féachana faoina 18 mbliana mar leanaí cé go n-aithnítear go bhfuil tuiscint agus úsáid na meán níos soifisticiúla sna leanaí is sine.

**An Tairseach**

Ní ceart ábhar nach bhfuil oiriúnach do leanaí a chraoladh ag amanna a bhféadfaí a bheith agsúil go mbeadh roinnt leanaí sa lucht féachana. Glacann RTÉ leis, áfach, cé gurb é is dóichí go mbeidh roinnt leanaí sa lucht féachana i gcónaí, gur chóir go mbeadh réimse leathan clár oiriúnach do dhaoine fásta ar fáil. Is e an comhshocrú riachtanach ná polasaí “cláir do theaghlaigh” a ghlacann leis go laghdaíonn an céatadán leanaí i measc an luchta féachana i gcaitheamh an tráthnóna. Athrú dá leithéid chéanna atá riachtanach ó chlár go clár ar an sceideal ón luath-thráthnóna ar aghaidh: dá luaithe sa tráthnóna é, na cláir is oiriúnaí a bheith ar siúl; dá dhéanaí, na cláir is lú atá oiriúnach. Ar theilifís, breathnaítear ar an tréimhse 7.00pm - 9.00pm mar chláir do theaghlaigh, i.e. an chosúlacht ann go mbeadh tuismitheoirí agus leanaí ag faire le chéile agus d’fhéadfadh go mbeadh ar thuismitheoirí smacht a imirt ar ábhar faire a leanaí agus míniú nó comhthéacs a thabhairt ar ábhar ar scáileán dá leanaí. Sa tréimhse tar éis 9.00pm (an Tairseach) bíonn coinne fhorásach ann gur féidir go mbeidh cláir ar theilifís atá mí-oiriúnach do pháistí. Ba cheart caitheamh leis na cláir a chraoltar i rith an tairsigh mar chláir réamh-thairseacha. Ní mór cláir atá mí-oiriúnach go cinnte do leanaí a sceidealú go maith i ndiaidh tús an tairsigh.

Níl feidhm ag coincheap an tairsigh ar raidió. Ní mór déanamh dealraitheach agus ionchais an luchta éisteachta a chur san áireamh agus ábhar níos oiriúnaí do dhaoine fásta á chraoladh ar raidió. **Ní mór a bheith sárcháiréiseach i rith an lae le linn tréimhsí saoire scoile.**

**Léiriú ar Iompar Dáinsearach, Frithshóisialta nó Féinmharú**
Is ceart léiriú ar aon iompar dáinséarach, a bhféadfadh leanaí aithris a dhéanamh air go héasca, a sheachaint agus a ghearradh ar fad ag na hamanna a mbeifí ag súil le líon mór leanaí sa lucht féachana. Baineann seo ach go háirithe, ar bhealach a fhéadfadh a bheith mórdhíobhálach, le húsáid sceana agus airm ionsaitheacha eile, agus earraí agus substaintí a bhfuil teacht éasca ag leanaí orthu.

Maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta leanaí a léiriú i gcláir do leanaí, e.g. bulaíocht nó iompraíocht mhailíseach i leith leanaí eile, nó neamhshuim thromchúiseach in údarás a dtuismitheoirí, is ceart déileáil leis le ríchúram agus mínmhothálacht.

Ní ceart scannán nó clár ina dtaispeántar radhairc féinmharaithe, ná ullmhúcháin d'fhéinmharú, a bhféadfaí aithris éasca a dhéanamh orthu, a sceidealú le tosú le linn am féachana teaghlaigh. (Féach an mhír ar **Féinmharú).**

Caithfidh míreanna réamhbhlaiste agus gearrthóga réamhfhógraíochta cloí leis an bpolasaí um Chláir do Theaghlaigh. Má shocraítear clár do dhaoine fásta a fhógairt roimh 9.00pm. is gá an réamhbhlaiseadh a bheith oiriúnach don fhéachaint teaghlaigh.

**Rabhaidh Láithreoireachta**
Ba chóir rabhadh nó eolas cuí a chur roimh aon chlár/tuairisc nuachta a bhfuil ábhar ann ar dócha go bhfeicfidh leanaí é, agus a fhéadfadh cur isteach ar chuid acu. Ní lúide dá bharr an fhreagracht maidir le sceidealú mothálach na gclár, d'fhonn baol na déistine a bheith chomh beag agus is féidir. Cuireann Teilifís RTÉ suaitheantas ag tús gach cláir ag tabhairt comhairle faoi oiriúnacht an chláir le teacht le haghaidh leanaí. Cuirfidh Raidió RTÉ fógra ar aer má tá cláir atá le teacht mí-oiriúnach do leanaí.

**Leanaí mar Rannpháirtithe i gCláir**
Tá dualgas aireachais ar chlárdhéantóirí i leith na leanaí a bhfuil baint acu le léiriúcháin, mar rannpháirtithe nó lucht féachana. Is iad sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh is mó is cóir a bheith ar aigne nuair atá leanbh faoi chúram RTÉ. Ní ceart a iarraidh air/uirthi a bheith páirteach i mír ar bith a fhéadfadh díobháil coirp nó aigne tarlú dó dá bharr. Ní féidir dul chun cinn le rannpháirtíocht an linbh gan cead tuismitheora nó caomhnóra i scríbhinn roimh ré. Má chuireann rannpháirtíocht isteach ar fhreastal scoile an linbh, ansin is gá cead mhúinteoir an linbh nó príomhoide na scoile a fháil i scríbhinn.

Áit nach féidir le tuismitheoir nó caomhnóir a bheith leis an leanbh ceapfaidh RTÉ coimhdire, atá oiriúnach agus inniúil de thoradh a t(h)aithí ar an sórt san oibre, agus margheall ar eolas RTÉ ar a c(h)umas agus ar a c(h)arachtar. Déanfaidh an coimhdire maoirseacht ar leas agus smacht an linbh, ag ionad RTÉ nó ar an suíomh. Ball breise ar an ngnáthfhoireann léiriúcháin an coimhdire. Ní féidir le stiúrthóirí, láithreoirí, taighdeoirí etc. an obair seo a dhéanamh anuas ar a gcuid oibre féin. Cuirfidh an coimhdire bia agus deoch ar fáil don leanbh. Ba cheart béilí scamhardacha cothroma a thairiscint do na leanaí. Caithfidh an coimhdire a chinntiú go bhfuil socruithe taistil sábháilte in áirithe don leanbh. Ní mór go

mbeadh an leanbh tionlactha ó bhaile go RTÉ (nó an suíomh) agus ar ais abhaile ag tuismitheoir/caomhnóir nó ag an gcoimhdire. Ná fágtar an leanbh ag feitheamh nó gan tionlacan am ar bith. Is gá cloí leis an nósmhaireacht seo i gcónaí. **Tá toirmeasc ar leanbh nó grúpa leanaí a seoladh gan tionlacan i dtacsaí.**

Ní ceadaithe aslach airgid a thairiscint chun duine a mhealladh le bheith páirteach i gclár. Is cóir comhoibriú linbh a aithint le bronntanas nó bronntanais éigin oiriúnacha. Más dóigh le léiritheoir, i gcás eisceachtúil, go bhfuil táille in ord, ba chóir dóibh é seo a chur i gcead an Eagarthóra Choimisiúnaithe cuí. Is coir an táille a íoc le tuismitheoirí nó caomhnóir an linbh, nó leis an bhforas a chóitseálann agus chuireann seirbhísí an linbh ar fáil don chlár.

I gcás timpiste nó gortú do leanbh atá rannpháirteach i gclár nó ag freastal ar thaifeadadh, is cóir cloí le polasaithe agus nósanna imeachta RTÉ maidir le déileáil le agus tuairisciú ar thimpistí. Is cóir gach timpiste nó gortú do leanaí a thuairisciú i scríbhinn don Eagarthóir Coimisiúnaithe cuí, ag lua na bhfíricí go soiléir, agus ag tagairt go háirithe don mhaoirseacht a bhí i bhfeidhm ag an am cuí.

Tá idir leanaí, thuismitheoirí agus chaomhnóirí i dteideal a bheith ag súil go ndéileáilfear le cúram agus le meas i gcónaí le leanaí, fad a bhfuil baint acu le léiriúcháin RTÉ. Caithfidhiompar RTÉ i leith leanaí a bheith ar comhchéim le caighdeáin proifisiúnaigh cúraim leanaí.

Caithfidh an fhoireann a bheith mínmhothálach i gcónaí ar goilliúnacht linbh. Is coir urraim a thabhairt do phríobháideacht an linbh i seomraí feistis, seomraí folctha etc. Ní mór do chlárdhéantóirí caint gharbh agus trácht gáirsiúil a fhéadfadh an leanbh a náiriú, nó a bhféadfadh sí/sí  míbhrí a bhaint as, a sheachaint fiú nuair a bheadh a leithéid in úsáid i gcomhthéacs an ghrinn. A oiread agus is féidir, níor cheart do chlárdhéantóir ar bith a bheith ina (h)aonar le leanbh. Cúram do leanaí i ngrúpaí is fearr.Children, parents and guardians are entitled to expect that children will be at all times treated with care and respect while involved in RTÉ productions. RTÉ’s behaviour towards children must measure up to the standards of childcare professionals.

**Leanaí agus Daoine Óga i gCláir Fhíorasacha, Cláir Chúrsaí Reatha agus Nuachta**

Ba cheart do léiritheoirí agus tuairisceoirí tionchar an chláir nó na míre nuachta ar an leanbh atá rannpháirteach ann a mheas le cúram, maidir le modh a dhéanta agus maidir le haon tionchar a fhéadfadh a bheith aige nuair a chraoltar é. Baineann seo le hábhar pé acu an bhfuil toiliú na dtuismitheoirí agus/nó an linbh faighte nó nach bhfuil. Is minic fonn ar leanaí cabhrú le clárdhéantóirí, ach is féidir leo a bheith ar easpa breithiúnais faoina leas gearrthéarmach nó fadtéarmach féin. Moltar do chlárdhéantóirí dul i gcomhairle le proifisiúnaigh agus eolaithe nuair a bhíonn plé acu le leanaí agus le hábhair ghoilliúnacha agus córas tacaíochta chun leanaí a chosaint a chur i dtreo roimh, le linn agus i ndiaidh déanamh an chláir.

Nuair atáthar ag plé le gníomhaíocht dháinséarach nó mídhleathach i measc leanaí, tógáil drugaí nó striapachas, cuir i gcás, is inmholta go minic d'fhoirne léiriúcháin gníomhaireacht neamhspleách a bheith leo le linn a dteagmhála leis na leanaí.

Le linn a dtaighde, d'fhéadfadh clárdhéantóirí teacht ar chásanna mar a gcreideann siad leas linbh a bheith i mbaol ó dhaoine eile. I gcásanna mar seo caithfear tús áite a thabhairt do leas agus sábháilteacht an linbh, agus is cóir do chlárdhéantóirí, i gcomhairle leis na Stiúrthóirí Nuachta, Teilifís nó Raidió, cuimhneamh ar a bhfuil ar a n-eolas a thuairisciú do na húdaráis chuí.

**Leanaí agus Ceist an Toilithe**

Is ceart toiliú tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla a lorg sula gcuirtear leanaí faoi agallamh, nó iad a thabhairt ar chláir ar bhealaí eile. I gcás a bhfuil na tuismitheoirí scartha, is gá toiliú na beirte tuismitheoir a fháil. I gcúinsí eisceachtúla amháin a bhíonn agallaimh ceadaithe gan an toiliú seo. Dá óige agus dá soleonta an leanbh, agus dá íogairí an t-ábhar, is ea is dóichí go mbeidh toiliú riachtanach. I gcás nach féidir toiliú tuismitheoir nó caomhnóir a fháil, is dóchúil go gcaithfear céannacht an linbh a cheilt. Ní ceart aon aslaigh airgid a thairiscint do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí le hiad a mhealladh chun toilithe, cé go bhfuil íocaíocht dhlisteanach ar chostais inghlactha.

Is ceart toiliú an linbh féin a lorg i gcónaí i gcás agallaimh. Is cóir ábhar an agallaimh agus an comhthéacs a mhíniú go soiléir don leanbh i dteanga agus i dtéarmaí is féidir leis/léi a thuiscint. Ní ceart diúltú an linbh a bheith rannpháirteach a shárú. Braitheann cumas toilithe an linbh ar an leibhéal forbartha agus tuisceana a léiríonn an leanbh, chomh maith lena (h)aois. D'fhéadfadh gur mhaith le clárdhéantóirí dul i gcomhairle le proifisiúnach cuí, nó le duine fásta a bhfuil aithne aige ar an leanbh, chun cabhrú leo breithiúnais dá leithéid a dhéanamh.

**Áit a ndiúltaíonn tuismitheoir toiliú, nó nach féidir an toiliú sin a fháil, is gá comhairle na Stiúrthóirí Bainistíochta Nuachta, Teilifís nó Raidió a lorg sula ndéantar aon chinneadh dul chun cinn.** Níl sé seo inchosainte de ghnáth, ach i gcás go mbaineann leorthábhacht phoiblí leis an mír, agus go bhfuil rannpháirtíocht an linbh lánriachtanach.

**Léiriú Leanaí agus Agallaimh Leo**

Is gá cúram ar leith i gcás agallaimh le leanbh. Is furasta leanaí a stiúradh i gcás ceistiúcháin, agus go minic tagann siad faoi thionchar an leathfhocail. Ba cheart d'agallóirí a bheith faichilleach nach dtugtar leideanna, agus ba cheart ligean do na leanaí labhairt ar a son féin. Nuair a bhíonn daoine óga páirteach in iompraíocht choiriúil nó fhrithshóisialta, is cóir do chlárdhéantoirí a fhios a bheith acu go ndéanann siad áibhéil uaireanta ar son na háibhéile. Ní ceart iompraíocht chóiriúil nó fhrithshóisialta a scaoileadh thart. I gcás ábhair an-íogair, ar nós mí-úsáide nó cliseadh teaghlaigh, is cóir do chlárdhéantóirí machnamh ar dhul i gcomhairle le proifisiúnach, ag a bhfuil taithí ar agallú agus comhairliú leanaí, faoin gcaoi is fearr leis an agallamh a dhéanamh agus an fhulaingt a mhaolú.

Nuair a léiríonn cláir fhíriciúla nó tuairiscí nuachta leanaí atá páirteach in iompraíocht mhídhleathach nó fhrithshóisialta, is féidir le cruacheisteanna eitice éirí as má bhíonn siad inaitheanta. D'fhéadfadh suim phoiblí a bheith ann na leanaí a aithint, ach gurb é leas fadtéarmach linbh a bheith dí-ainm. D'fhéadfadh nár leorchúis é toiliú an tuismitheora an páiste a bheith inaitheanta, dá mb'fhearr as an leanbh sa bhfadtéarma a bheith dí-ainm. Is cóir do chlárdhéantóirí ceisteanna mar seo a chur i gcead a mbainisteoirí eagarthóireachta.

Nuair a bhíonn cleachtais choiriúla nó fhrithshóisialta de chuid leanaí á dtaifeadadh, agus é mar aidhm aird a dhíriú ar an *gcleachtas* seachas ar an *duine*, is é an riail ghinearálta leanaí ar leith a bheith ó aithne.

Is gá cúram i gcás agallaimh a chur ar leanbh. Ní ceart leanaí a cheistiú chun tuairimí a bhaint astu ar ghnóthaí príobháideacha clainne, ar ghnóthaí atá thar a mbreithiúnas, nó gnóthaí arbh fhearr daoine fásta á bplé. Is gá ríchúram i gcás agallaimh le leanbh i dtaobh eispéiris atá tragóideach léanmhar, pléascadh buama, tragóid fharraige, timpiste gluaisteáin, dóiteán, tragóid teaghlaigh agus a leithéid.

Maidir le caitheamh tobac, nó úsáid alcóil agus drugaí, is gá cúram speisialta i gcás clár a fhéadfadh lucht féachana óg a mhealladh ar eagla go gcuirfí cuma luisneach ar na nósanna seo nó go spreagfaí a gcleachtadh.

**Tuairisciú ar Leanaí os comhair na gCúirteanna**

**Is riail dhaingean í nár cheart do RTÉ ar aon chlár nó ar aon mhír nuachta, ainm, seoladh, scoil ina bhfuiltear, pictiúr nó faisnéis ar bith eile lena bhféadfaí céannacht a chinntiú de chuid linbh nó duine óg (faoi 18 mbliana) os comhair cúirte i gcás cóiriúil, pé acu a láithreacht cúirte de bharr *é/í* a bheith cúisithe i gcoir, ina f(h)inné sa chás, ina íospartach sa choir nó i gcás dlí teaghlaigh, ach amháin má d'iarr an breitheamh ar na meáin sin a dhéanamh.**

I gcás cionta gnéis agus leanaí, ba chóir do thuairiscí nuachta agus cláir eile a bheith anchúramach gan leanaí beo a bhfuil baint acu le fiosraithe Gardaí nó imeachtaí cúirte a aithint, mar íospartaigh, finnéithe nó cosantóirí. Is gá cúram a léiriú, chomh maith, maidir le leanaí a luaitear i gcásanna cúirte a shainaithint, mar go bhféadfaí daoine eile a shainaithint as a sainaithint siúd, in aghaidh mhian na cúirte. In aon tuairisc ar chás a bhaineann le cion gnéis in aghaidh linbh, is gá a bheith airdeallach go seachnaítear aon ní a dtiocfadh sainaithint an linbh de, go díreach nó go hindíreach, ainmniú an chúisí san áireamh, nó uaireanta an té atá ciontaithe. Go háirithe, i gcás an duine fásta a bheith sainaitheanta, ní coir na focail 'ciorrú coil' a úsáid mar bheadh baol ann go sainaithneofaí an leanbh.

**Leanaí i gCúram**

Sonraíonn an tAcht um Chúram Leanaí 1991 nach féidir leanbh ar bith a bhí nó atá ina ábhar faoi réir ordú aireachais a shainaithint. Tá cuinsí eisceachtúla ann ar féidir go dtarscaoilfidh breitheamh an fhoráil acu. Is ceart comhairle dhlíthiúil a lorg sna toscaí seo roimh craoladh ar bith.

**Leanaí i Lucht Féachana Stiúideo**
De ghnáth, níor chóir do leanaí a bheithi láthair i lucht féachana stiúideo ach ar chláir do leanaí agus be cheart taifeadadh cláir dá leithéid a chríochnú faoi 9.00pm. Is ceart leanaí atá i láthair mar chuid den lucht éisteachta a bheith á dtionlachan ag tuismitheoir, caomhnóir, múinteoir nó duine fásta freagrach eile. B'fhearr ticéid lucht féachana do chláir mar seo a dháileadh trí scoileanna, clubanna óige agus a leithéid, nó ar iarratas ó thuismitheoirí nó ó chaomhnóirí. Ní cóir ticéid a dháileadh go neamhchúiseach ar leanaí de ghnáth.

Ní cóir aon táille a íoc le leanaí as freastal mar lucht féachana stiúideo. Is féidir comharthaí beaga mar earraí cláir (T-léinte, mugaí, pinn etc.) a thabhairt don lucht féachana. I gcás go dtugtar cuireadh do leanaí ó scoil nó club óige nó eile a bheith sa lucht féachana nó a bheith rannpháirteach i gclár, is féidir leis an léiritheoir socruithe réasúnta iompair a dhéanamh do na rannpháirtithe.

De ghnáth, ní cóir leanaí a ligean isteach mar lucht féachana go dtí cláir nach ndearnadh go hiomlán le haghaidh leanaí e.g. cláir siamsaíochta, seónna cainte, nó seónna eile a thaifeadtar nó a chraoltar tar éis 9.00pm. Ba chóir a thaispeáint go soiléir ar thicéid an luchta féachana do sheónna mar seo nach gceadófar leanaí isteach. An Stiúrthóir Bainistíochta a cheadaíonn eisceachtaí do na rialacha seo. Ní ceart aon leanbh bachlainne nó leanaí an-óg a ligean i measc lucht féachana stiúideo, mura bhfuil aidhm éigin leis atá faofa ag an stiúrthóir Teilifíse nó an Stiúrthóir Raidió.

**Leanai Fostaithe mar Aisteoirí/Oirfidigh**
Is gá na coinníollacha seo leanas a chomhlíonadh nuair a bhíonn leanbh fostaithe maraisteoir/oirfeadach ag RTÉ: -

<u>1. Leanbh faoi bhun seacht mbliana d'aois</u>
Ní ceadaithe leanbh faoi bhun seacht mbliana d'aois a bheith i láthair in ionad na fostaíochta –

- Níos sia ná cúig uair an chloig so ló.
- Roimh 9.30am nó tar éis 4.30pm ach i gcúinsí speisialta.
- Ní ceadaithe dó/di a bheith páirteach i dtaispeántas nó cleachtadh leanúnach lá ar bith ar feadh níos mó ná 30 nóiméad gan sos scíthe, nó dhá uair an chloig san iomlán.

<u>2. Leanaí idir seacht mbliana agus 13 bliana d'aois</u>
Ní ceadaíthe leanbh idir seacht mbliana agus 13 blian d'aois a bheith i láthair in ionad na fostaíochta –

- Níos sia ná 7 ½ n-uair an chloig so ló.
- Roimh 9.30am nó tar éis 4.30pm ach i gcúinsí speisialta.
- Ní ceadaithe dó/di a bheith páirteach i dtaispeántas nó cleachtadh leanúnach lá ar bith ar feadh níos mó ná 45 nóiméad gan sos scíthe, nó trí uair an chloig san iomlán.

<u>3. Leanaí os cionn 13 bliana d'aois</u>

Ní ceadaíthe leanbh os cionn 13 blian d'aois a bheith i láthair in ionad na fostaíochta –

- Níos sia ná ocht n-uair an chloig so ló, nó
- Roimh 9.00am nó tar éis 7.00pm ach i gcúinsí speisialta.
- Ní ceadaithe dó/di a bheith páirteach i dtaispeántas nó cleachtadh leanúnach lá ar bith ar feadh níos mó ná uair an chloig gan sos scíthe, nó ceithre huaire an chloig san iomlán.

**Obair Oíche**
Is féidir le leanbh páirt a bheith aige/aici i léiriú, i ndiaidh an ama chuí is déanaí atá ceadaithe, san aonchás go bhfuil sé riachtanach go dtarlódh an taispeántas i ndiaidh an ama sin.

**Riachtanais ceadúnaithe um Leanaí a Fhostaítear in Imeachtaí Craolacháin**

1. Thug an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 riachtanais bhreise isteach i dtaobh leanaí sa chraolachán. Faoi alt 3(2) den Acht, ní mór do chraoltóirí iarratas a dhéanamh leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le haghaidh ceadúnais chun leanbh a fhostú in imeachtaí cultúrtha, ealaíne, spóirt nó fógraíochta. Níor cheart go gcuirfeadh a leithéid d'fhostaíocht isteach ar fhreastal scoile an linbh.

2. Ba cheart iarratas ar an gceadúnas a dhéanamh 21 lá ar a laghad sula thosaíonn an fhostíocht.
3. Ní mór ceadúnas ar leith do gach leanbh.

4. Cuimsítear a leanas san iarratas le haghaidh gach ceadúnais:

   Ainm, Seoladh agus Dáta Breithe linbh;

   Ainm, Seoladh agus uimhir theileafóin teagmhála do thuismitheoir nó caomhnóir an linbh;

   Cineál na fostaíochta, e.g., craoladh teilífíse;

   Sonraí an tionscnaimh (script, má tá ar fáil) ar a bhfuil an leanbh le fostú;

   Fáthanna a sheasann le fostú linbh den aois atá i gceist;

   Fad na fostaíochta;

   An méid Oibre Oíche, más ann dó;

   Seoladh na phríomhláithreach oibre (más éagsúil ó sheoladh an fhostora);

   An tsuim le tuilleamh ag an leanbh;

   Socraithe múinte malartacha (mar ar gá);

   Cóip de chonradh nó dréacht-chonradh ar bith a bhaineann le fostaíocht an

linbh.

5. Ar fáil an iarratais, cinneann an Roinn ar dheonú nó diúltú an cheadúnais; chun cabhrú leis an gcinneadh ar dheonú nó diúltú an cheadúnais, is féidir go ndéanfaidh an Roinn pé fiosrú a síltear is gá chun a leithéid de chinneadh a dhéanamh.

6. Tar éis críoch an fhostaithe seoltar ar aghaidh chuig an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an líon uaire an chloig a bhí an leanbh i láthair ag an ionad léirithe agus cleachtaidh. Ní ceadaithe do dhaoine óga (os cionn 16 bliana agus faoi bhun 18 mbliana) obair tar éis 10.00pm nó roimh 6.00am gan údaraithe ceadúnais, faoi Alt 7(1) den Acht.

**<u>Tosca ar féidir go mbainfeadh siad lena leithéid de cheadúnas; Faoi Alt 3(2);</u>**

**1. Leanbh faoi bhun seacht mbliana d'aois**

Ní ceadaithe leanbh faoi bhun seacht mbliana d'aois a bheith i láthair in ionad na fostaíochta;

– níos sia ná cúig uair an chloig so ló,

– roimh 9.30am nó tar éis 4.30pm ach i gcúinsí speisialta,

– ní ceadaithe é/í a bheith i láthair ag ionad fostaíochta ar feadh tréimhse iomlán os cionn 250 uair an chloig i dtréimhse 12 bliain

– ní ceadaithe do/di cleachtadh nó oirfeadadh a dhéanamh ar feadh níos mó ná dhá uair an chloig san aon lá amháin agus ní mór sos scíthe a thabhairt do/di tar éis gach 30 nóiméad de chleachtadh nó d'oirfeadadh.

**2. Leanaí idir seacht mbliana agus 13 blian d'aois**

Ní ceadaíthe leanbh idir seacht mbliana agus 13 blian d'aois a bheith i láthair in ionad fostaíochta

– ar feadh níos sia ná seacht n-uair an chloig go leith sa ló

– roimh 9.00am nó tar éis 5.00pm ach i gcúinsí speisialta.

– Ní ceadaithe é/í a bheith i láthair ag an ionad fostaíochta ar feadh tréimhse iomlán os cionn 700 uair an chloig i dtréimhse ar bith 12 bliain.

– Ní ceadaithe dó/di cleachtadh nó oirfeadadh a dhéanamh ar feadh níos mó ná trí uair an chloig san aon lá amháin agus ní mór sos scíthe a thabhairt do/di tar éis gach 45 nóiméad de chleachtadh nó d'oirfeadadh.

**3. Leanaí os cionn 13 blian d'aois**

Ná bíodh leanbh os cionn 13 bliana d'aois i láthair in ionad na fostaíochta

- ar feadh níos sia ná ocht n-uair an chloig so ló, nó
- roimh 9.00am nó tar éis 7.00pm ach i gcúinsí speisialta
- Ní ceadaithe é/í a bheith i láthair ag an ionad fostaíochta ar feadh os cionn 900 n-uair an chloig in aon tréimhse 12 mí.
- Ní ceadaithe dó/di cleachtadh nó oirfeadadh a dhéanamh ar feadh níos mó ná ceithre uair an chloig san aon lá amháin agus ní mór sos scíthe a thabhairt do/di tar éis gach uair an chloig de chleachtadh nó d'oirfeadadh.

**4. Obair Oíche**
Is féidir le leanbh páirt a bheith aige/aici i léiriú, i ndiaidh an ama chuí is déanaí atá ceadaithe, san aonchás go bhfuil sé riachtanach go dtarlódh an taispeántas i ndiaidh an ama sin.

**5. Sosanna Béile agus Scíthe**
Ní mór go mbeadh sos uaire an chloig ar a laghad ag leanbh chun béile nó scíthe agus sos scíthe ar leith de 15 nóiméad in aghaidh gach tréimhse trí huaire a chloig go leith ag an ionad fostaíochta.

Ní ceadaithe do leanbh a bheith páirteach i léiriú nó i gcleachtadh ach i rith cúig lá i dtréimhse ar bith seacht lá, (nó i rith sé lá i dtréimhse ar bith seacht lá ach gan léirithe nó cleachtaí a tharlú ach i 20 lá i dtréimhse 28 lá ar bith).

**6. Coimhdirí**
Bíodh coimhdire atá cáilithe go cuí i bhfeighil an linbh i gcónaí fad atá an leanbh i láthair ag an ionad fostaíochta ach amháin agus an leanbh i gcúram tuismitheora nó caomhnóra.

**7. Oideachas**
Má éilíonn uaireanta oibre an linbh neamhláithreacht os cionn seachtaine ón scoil, déantar socruithe múinteoireachta cuí.

**<u>Cúinsí a fhéadfadh feidhm a bheith acu i leith ceadúnais faoi Alt 7(1)</u>**
Ní cheadaíonn ceadúnas faoi Alt 7(1) do dhuine óg de 16 bliana nó 17 mbliana d'aois a bheith páirteach i léiriú i ndiaidh 10.00pm agus roimh 6.00am ach nuair atá sé riachtanach go dtarlódh an léiriú laistigh de na huaireanta an chloig sin agus ar na coinníollacha seo leanas;

- Ná bíodh an duine óg páirteach in aon léiriú nó cleachtadh eile go dtí go mbíonn 12 uair an chloig imithe thart ó dheireadh a p(h)áirt sa léiriú.
- Ceadaítear sos scíthe cúiteach don duine óg laistigh den seacht lá dar gcionn.

## Caithreamh Alcóil agus an Craolachán

Aithnítear go forleathan go bhfuil tromfhadhb i sochaí na hÉireann maidir le ró-chaitheamh alcoil. Níl aon dabht ann faoina thionchar díobháileach maidir le sláinte, an eachnamaiocht, an fhoréigean agus iompar frithshóisialta. Ní mór do RTÉ a chion a dhéanamh agus cur le meon freagrach i leith alcóil. Tá bearta ina n-ionad le cinntiú go bhfuil smacht ar fhógraíocht alcoil ar RTÉ. Tá freagracht freisin ar chlárdhéantóirí, áfach, i leith an scéil seo leis. Is ceart draíochtú an alcóil a sheachaint agus gan tabhairt le tuiscint gur gné den ghnáthshaol é ól iomarcach. Ba cheart do láithreoirí a bheith faichilleach gan dearchadh a spreagadh ins an lucht éisteachta / féachana nach mbíonn iarmhairtí fad-téarmach agus gearr-théarmach leis an ól iomarcach. Is gá aire ar leith nuair is í an aos óg an sprioc lucht éisteachta / féachana. Níor cheart, mar shampla, go mbeadh sé le tuiscint gur gá go mbeadh ceangal idir ghníomhaíocht cheiliúrtha agus caitheamh alcóil.

### Alcól agus Imeachtaí Spóirt

Agus tuairisciú ar imeachtaí spóirt atá urraithe ag brandaí alcóil, ní ceart go mbeadh aon rólua ar ainm an urraitheora. Má chuimsíonn teideal an imeachta ainm an urraitheora ní gá tagairt a dhéanamh dó seo gach uair a luaitear an t-imeacht. Is leor úsáid an teidil iomláin ó ham go ham.

# Cláir Ghaeilge

Tá RTÉ ag craoladh as Gaeilge ar an raidió ó thús Radio Éireann i 1926 agus ar theilifís ó 1961 nuair a thosaigh RTÉ ar chraoladh. Sna deichmblianta déanacha bunaíodh Raidió na Gaeltachta agus Teilifís na Gaeilge (TG4 anois) chun cláir chuimsitheacha Ghaeilge asholáthar. Leantar d'úsáid na Gaeilge ar chainéil eile RTÉ, RTÉ Radio 1, RTÉ 2FM, RTÉ Lyric fm, RTÉ One Television agus RTÉ Two Television. Is é polasaí RTÉ cineál dátheangach sochaí na hÉireann a léiriú agus úsáid na Gaeilge a spreagadh. Gríosaítear craoltóirí le roinnt Gaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil compórdach mar chuid den ghnáthchraoltóireacht. Úsáidtear an Ghaeilge go suntasach ar ócáidí oifigiúla mar chuairteanna Stáit, cuimhneacháin, insealbhaithe etc.

**Oibleagáidí Dlíthiúla**

Tugtar faoi deara go bhfuil oibleagáidí reachtúla ar leith ar RTÉ maidir leis an nGaeilge. Sonraíonn an tAcht um Údarás Craolacháin 1960

*Ag comhlíonadh a fheidhmeanna don Údarás coimeádfaidh sé i gcuimhne i gconaí na haidhmeanna náisiúnta atá ann an Ghaeilge a aisiriú agus an tsaíocht náisiúnta a chaomhnú agus a fhorbairt agus déanfaidh sé dícheall ag cabhrú leis na haidhmeanna sin a chur i gcrích.*

Shonraigh an tAcht Craolacháin (Leasú) 1976go gcinnteoidh RTÉ

*go léireoidh na cláir na haraíona éagsúla dá bhfuil saíocht phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta, agus beidh cás ar leith aige do na haraíona a shainíonn an tsaíocht sin agus go háirithe don Ghaeilge.*

Sonraíonn an tAcht Craolacháin  2001 gur ceart do RTÉ

*Provide a comprehensive range of programmes in the Irish and English languages that reflect the cultural diversity of the whole island of Ireland*

Chomh maith lena bhfuil thuas tugtar faoi deara go gcuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iallach ar chomhlachtaí poiblí baill den phobal ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Bhéarla nó trí Ghaeilge a éascú. Ciallaíonn sé seo nach mór éascú a dhéanamh ar bhaill den phobal ar mian leo a ngnó a dhéanamh le RTÉ trí Ghaeilge.

Is é polasaí RTÉ úsáid na Gaeilge a éascú agus a chur chun cinn ina sheirbhísí uile. Déanadh chlárdhéantóirí ar mian leo a scileanna teanga a fheabhsú teagbháil lena mbainisteoirí mar tá scéimeanna agus dreasachtaí éagsúla le fáil.

## Meas ar Ilghnéitheacht

Sna cláir, caithfidh RTÉ léiriú a thabhairt ar an ilghnéitheacht chultúir, reiligiúin, tuairimí polaitíochta, chumais agus míchumais choirp, aoise, aicme, chine agus eitneachas, agusclaonadh gnéise, atá le fáil in Éirinn inniu. Caithfidh RTÉ íomhá chuimsitheach d'Éire a chur chun tosaigh agus gan leathcheal a dhéanamh ar ghrúpaí imeallaithe. De réir mar afhabhraíonn Éire ina náisiún níos ilchultúrthaí agus níos ilghnéithí ó thaobh cine de, tá sé tábhachtach go léireodh RTÉ na hathruithe seo. Ach is cóir clárdhéantóirí a bheith mothálach chomh maith i leith réimsí tuairime atá lasmuigh den dioschúrsa poiblí de dheasca leisce dhaoine áirithe a dtuairimí a chur in iúl. Tá doiciméad ar a Pholasaí Ilghnéitheachta ag RTÉ a thagraíonn do na cláir agus cúrsaí oibre i RTÉ. Sonraíonn sí

*An aidhm atá leis an bpolasaí ilghnéitheachta ná timpeallacht oibre a chruthú atá saor ó leatrom, go háirithe maidir le hinscne, stádas pósta, stádas clainne, claonadh gnéis, reiligiúin, aois, míchumas, aicme nó ballraíocht den lucht siúil.*

*Mar chraoltóir seirbhíse poiblí tá ceangal ar RTÉ freastal ar gach aicme sa tsochaí, agus léireoidh RTÉ ilghnéitheacht na sochaí sna cláir agus sna gníomhaíochtaí gaolmhara, sna dearcthaí a léirítear ar an aer, agus inár gcuid foilseachán.*

Is minic a úsáideann cláir ghrinn ar an raidió agus ar an teilifís, steiréitíopanna (sampla is ea carachtar an fhreastalaí ón Spáinn ar *Fawlty Towers*, cuir i gcás). Is gá do chlárdhéantóirí leas a bhaint as a mbreithiúnas sna cúrsaí seo. Is iomaí steiréitíopa nach bhfuil greannmhar i súile an té a ndéantar steiréitíopáil air/uirthi. (Cuimhnigh ar dhearcadh na nÉireannach ar an steiréitiopáil is léir ar an *Irish joke* sa Ríocht Aontaithe.) Is féidir le steiréitíopa ar bhonn gnéis, eitneachais, reiligiúin etc. masla a thabhairt go héasca, chomh maith le tionchar a imirt, uaireanta, ar íomhá an ghrúpa mionlaigh i measc an phobail mhóir. Is gá go gcosnódh an teachtaireacht i sceitse cuimsiú charachtair steiréitíopach ann. An dtugann an sceitse aghaidh ar steiréitíopanna nó an dtreisíonn sé iad? An bhfuil aidhm leis an sceitse ar chúl na scripte éadomhain?

## Craoladh don Náisiún Iomlán agus don Domhan Mór

Mar is cuí i gcás craoltóra seirbhíse poiblí, is é gnó RTÉ freastal ar mhuintir uile na hÉireann (agus cúram méadaitheach, orthu siúd thar lear ar mian leo a bheith eolach i dtaobh Éire). Is gá do láithreoirí agus do thuairisceoirí cuimhneamh i gcónaí go sroicheann cláir RTÉ gach cúinne den tír. Ní ceart a cheapadh, mar sin, má tá an aimsir go dona sa phríomhchathair gur amhlaidh i ngach ball eile. Is ceart do láithreoir a thuiscint, chomh maith, go bhfuil níos mónā Carraig Dhubh agus Sráid Uí Chonaill amháin in Éirinn. Ná ceaptar go bhfuil aithne ag an lucht éisteachta / féachana ar cheantar Bhaile Átha Cliath ná go bhfuil leoreolas ar an tíreolaíocht acu chun Béal Átha hAmhnais ná Ioma a aimsiú. Is gá cúram a bheith ann le cruinnfhoghraíocht logainmneacha. Níl an lucht éisteachta / féachana aonchineálach, mar is éasca dúinn a bhraith. Níorbh amhlaidh riamh agus is lú atá sé amhlaidh anois. Is cóir d’ábhar eagarthóireachta na gclár an réimse leathan téamaí is suim le muintir an oileáin a léiriú.

Tá sé tábhachtach ó thaobh leas fadtéarmach RTÉ go mbraithfeadh an pobal gurb iadsan *úinéirí* an chraoltóra náisiúnta seirbhíse poiblí. Ba chóir go mbraithfeadh daoine ó na cláir go bhfuil siad san áireamh. Ciallaíonn sé seo gur chóir go dteagmhódh an lucht éisteachta / féachana le ceisteanna agus luachanna sna cláir a fhreagraíonn do shaol laethúil ar fud an oileáin. Ciallaíonn sé chomh maith, go léireódh an réimse guthanna ar na haertonnta an réimse ilghnéitheachta sin ina iomláine.

**An Domhan Mór**

Is leithne an fhreagracht ná an t-oileán seo: caithfidh cláir RTÉ an lucht éisteachta / féachana a chur ar an eolas faoi luachanna agus fadhbanna an domhain mhóir. Is de ghnó RTÉ mar sheirbhís phoiblí tuiscint agus meas ar chultúir agus luachanna tíortha agus pobal eile a chothú. Gan amhras, baineann tús an chúraim lenár gcomharsana béal dorais, an Ríocht Aontaithe, ach baineann sé leis an gcuid eile den Eoraip, agus leis an saol lasmuigh den Eoraip, chomh maith céanna. Ní ceart dearmad a dhéanamh ar leas agus riachtanais andomhain thearc-fhorbartha. Caithfidh cláir RTÉ scóip a sholáthar don saol idir áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Agus rochtain ar RTÉ ag fás toisc satailíte agus an t-idirlíon, tá ar chumas RTÉ cuid mhéadaitheach mór dá sheirbhísí a sholáthar d’Éireannaigh atá ina gcónaí thar lear. Is féidirle RTÉ a bheith ina nasc tábhachtach do a lán Éireannaigh thar lear .

## Aitheantas do Ghrúpaí Imeallacha

Tá oibleagáid as a chairt ar Chraolachán na Seirbhíse Poiblí freastal ar an bpobal iomlán. Tá grúpaí imeallacha mar bhaill den lucht taistil, inimircigh, daoine faoi mhíchumas etc. san áireamh. Is ceart guth a thabhairt do na daoine seo ar RTÉ. Ba chóir do chlárdhéantóirí baill de ghrúpaí imeallaithe a thabhairt ar a gcláir seachas a bheith ag brath ar shaineolaithe a d'fheidhmeodh mar urlabhraithe dóibh. Ba cheart do chlárdhéantóirí ionadaithe ó ghrúpaí imeallaithe a chuimsiú i bplé faoi phríomhcheisteanna, seachas gan a rannpháirtíocht a bheith san áireamh ach maidir le ceisteanna a bhaineann, don chuid is mó, leo siúd atá imeallaithe .

Tá freagracht ar chláirdhéantóirí an tsochaí a léiriú go cruinn. Gné den fhreagracht is ea dearcadh cuimsitheach a chuireann daoine faoi mhíchumas san áireamh. Is gá, chomh maith, féachaint chuige nach léirítear grúpaí imeallaithe faoi thosca diúltacha i gcónaí.

Tá bealach isteach do chathaoireacha rothaí ar áiseanna taifeadta RTÉ ar fad san Ionad Raidió agus sna Stiúideonna Teilifise inrochtana. Ba cheart do chlárdhéantóirí rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn go beo i gcláir.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI)

Tá geall le gach comhlacht agus gníomhaireacht Rialtais, chomh maith le formhór na gcomhlacht poiblí faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003. Ní bhaineann na hAchtanna seo le heagraíochtaí príobháideacha, comhlachtaí tráchtála nó formhór na gcomhlachtaí státurraithe. Tugadh isteach an reachtaíocht seo d'fhonn trédhearcacht agus freagracht níos mó a thabhairt isteach, sa saol poiblí. Spreagtar clárdhéantóirí RTÉ le feidhm a bhaint as na próisis saorála faisnéise RTÉ mar chuid dá dtaighde iriseora. Tá an pobal i dteideal rochtana ar réimse iomlán taifead a cruthaíodh ó Aibreán 1998 i leith, faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Ní mór do gach comhlacht atá faoi riar na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise oifigeach um shaoráil faisnéise sainithe a bheith acu. Go ginearálta, bíonn ar na hoifigigh seo freagairt a thabhairt laistigh de cheithre seachtaine ar iarratais ar thaifid. Ní mór do gach comhlacht poiblí Leabhair Thagartha Saorála Faisnéise a bheith acu a thugann achoimre ar na taifid atá inrochtana agus an modh rochtana. Tá próiseas achomhairc ann freisin má dhiúltaítear d'iarratas. Taispeánann formhór na gcomhlacht poiblí a bhfaisnéis Saorála Faisnéise go suntasach ar a láithreáin ghréasáin. Is féidir taifead a bheith i bhfoirm leictreonach nó mar chruachóip. Tá méid áirithe díolúine ann a bhfuil feidhm acu i leith gach comhlacht faoi riar na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise lenar féidir taifid a shiarchoinneál. Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas iomlán agus na díolúintí le fáil ar láithreán gréasáin an Choimisinéara Faisnéise (www.oic.gov.ie).

Nuair a tháinig RTÉ faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2000, thug an Rialtas isteach Ionstram Reachtach (I.R. 115/2000) a sholáthraigh breis díolúintí ar RTÉ, d'aon ghnó chun feidhmeanna iriseoireachta agus clárdhéanta RTÉ a chosaint. Is iad RTÉ agus TG4 an taon dá mheán atá faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Tá an dá chraoltóir uathúil chomh maith sa mhéid is go bhfuil siad ina n-úsáideoirí ar na próisis chomh maith le bheith faoi réir ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

### Feidhmeanna RTÉ Iniata agus Eisiata

Liostálann Sceideal 2 den Ionstraim Reachtaíochta na feidhmeanna de chuid RTÉ atá faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Is iad na feidhmeanna sin Bainistíocht, Riarachán, Airgeadas, Tráchtáil, Cumarsáid, agus Déanamh Conradh. Liostálann Sceideal 3 feidhmeanna RTÉ atá eisiata ó na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Is iad na feidhmeanna sin:

1. Bailiú agus taifeadadh i bhfoirm ar bith ar nuacht, eolas, sonraí, tuairimí, sleachta a tugadh go hoifigiúil nó go neamhoifigiúil, nó dearcadh ó dhuine nó eagraíocht nó foinse ar bith, ar mhaithe le hábhar iriseoireachta nó cláir, pé acu (a) ar léiríodh clár ar bhonn a leithéid d'eolas nó (b) ar craoladh é nó nach ndearnadh.

2. Aithint ar aon fhoinse eolais nó ábhair ar baineadh úsáid aisti ar mhaithe le cláir a dhéanamh, pé acu féideartha nó fíor í, pé acu a léirítear nó a gcraoltar an clár nó nach ndéantar, agus gan dochar dá bhfuil luaite roimhe seo áirítear measúnú ar iarratais mholta cláir ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha.

3. Eagarthóireacht agus stóráil ar aon ábhar a taifeadadh trí mhodh ar bith, pé acu ábhar scríofa, cloiste nó físe, ar mhaithe le cláir a bhunú, pé acu a léirítear nó a gcraoltar a leithéid de chlár nó nach ndéantar.

4. An próiseas déanta cinntí eagarthóireachta maidir le cláir nó le hábhar clársceidil, agus gan dochar dá bhfuil roimhe seo, áirítear réamhbhreitheanna ar mholtaí clár, pleanáil clár agus cinntí deireanacha roimh chraoladh.

5. An próiseas athbhreithnithe inmheánaigh iarchraolta agus an próiseas anailíse ar aon chlár, nó sceideal clár, a craoladh.

Sonraíonn an nóta mínithe ag bun na hIonstraime Reachtúla (nach léirléamh dlíthiúil é) nach bhfuil RTÉ faoi réir ag rialacháin na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise ach maidir lena *fheidhmeanna neamhchlárnasctha*. Ar bhonn an léirléamha seo is féidir le clárdhéantóirí a bheith muiníneach nach ndéanfaidh daoine atá ag feidhmiú próiseas na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise rochtain ar a bhfoinsí, a dtaighde nó a próisis eagarthóireachta.

Tá leabhrán RTÉ, **Saoráil Faisnéise - treoir don phobal ar thaifid RTÉ** ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ (http://www.rte.ie/about/foi).

## An tAcht um Chosaint Sonraí

Tá RTÉ cláraithe mar úsáideoir faoin Acht um Chosaint Sonraí 1988. Leagann an tAcht seo dualgas ar RTÉ maidir le bailiú agus úsáid sonraí **pearsanta** atá stórálta go leictreonach nó i bhfoirm cruachóipe. Is ionann sonraí pearsanta agus sonraí a bhaineann le pearsa bheo ar féidir é/í a aithint ó na sonraí, nó ó na sonraí i gcomhar le heolas eile. Ó thaobh an chlárdhéantóra de, ciallaíonn sé seo go gceadaítear rochtain ar eolas pearsanta a bailíodh d'fhonn cláir a dhéanamh ag an duine a dtagraíonn na sonraí dó/di. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara nach dtugann an tAcht um Chosaint Sonraí rochtain ach don duine a mbaineann an t-eolas leis/léi. Ní féidir le haon duine é a úsáid chun eolas pearsanta ach fúthu féin a rochtain.

Is oibleagáid é faoin Acht, i measc nithe eile, gur chun cuspóirí sainithe amháin a choimeádfaí sonraí pearsanta, agus nach n-úsáidfí nó nach nochtfaí na sonraí ar aon bhealach nach mbeadh ag teacht leis na cuspóirí sin, agus nár cheart sonraí pearsanta a choimeád níossia ná mar is gá. Tá oibleagáid ar RTÉ na sonraí a bheith cruinn agus suas chun dáta, sábháilte agus slán. Cé gur léir nach dócha go gcúngóidh an tAcht um Chosaint Sonraí mórán ar chlárdhéanamh, ba chóir d'fhoirne léiriúcháin a thuiscint gur ann dó, go bhféadfaí glaoch air, agus a bheith eolach ar fhreagrachtaí na ndaoine a stórálann sonraí go leictreonach dá chionn.

Baineann Treoir 95/46/CE an Aontais Eorpaigh ar chosaint an duine maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht sonraí mar iad le hábhar, chomh maith. I dtús báire, níor chuimsigh Cosaint Sonraí ach eolas a bhí taiscthe go leictreonach ach leathanaigh Treoir an AE dualgais chosanta sonraí chuig sonraí ar chóras lámhchomhdaithe, agus leag sé síos coinníollacha níos mine maidir le próiseáil sonraí íogaire chomh maith le riachtanais nua ag sainiú an eolais is gá a thabhairt don té a gcoinnítear sonraí air/uirthi. Is gá cead rochtana a bheith ag daoine ar eolas pearsanta orthu féin atá i seilbh eagraíochta, agus cead a bheith acu an t-eolas sin a cheartú, a leasú nó a scrios má tá sé míchruinn. Má iarrtar é, caithfidh RTÉ an t-eolas seo leanas a chur ar fáil:

- Sainaitheantas an duine i RTÉ a bhfuil de dhualgas air/uirthi an tAcht um Chosaint Sonraí a riaradh (dá ngairtear an Rialtóir Sonraí)
- Aidhm na próiseála don a bhfuil na sonraí beartaithe
- Aon eolas eile atá riachtanach le próiseáil chothrom a chinntiú, ar nós cé a bhfaighidh nó cé hiad na catagóirí daoine a fhaighidh na sonraí, agus an ceart a bheith ann teacht ar na sonraí a bhaineann leo agus iad a chur ina gceart.

Is cóir aire speisialta a thabhairt i gcás sonraí pearsanta a bhaineann le bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitíochta, creidimh reiligiúnacha nó fhealsúnacha, ballraíocht ceardchumainn agus sláinte. Mar a bhfuil sé indéanta, is cóir cead an duine a lorg i gcáspróiseála ar na sonraí seo. D'fhéadfadh go mbeadh RTÉ gafa, ó am go ham, i ngníomhaíochtaí tráchtála mar a gcnuasaítear eolas pearsanta (mar shampla, sonraí cártaí creidmheasa, uimhreacha fón póca etc.). Is gá a bheith sár-chúramach le cinntiú nach núsáidfear a leithéid d'eolas ach amháin chun na críche dár bailíodh é. Is féidir tuilleadh comhairle a fháil ó Aturnaetha RTÉ agus ó Rialtóir Sonraí RTÉ (Ceannasaí Pholasaí Gnóthaí Poiblí).

# RTÉ agus Gníomhaíochtaí Polaitiúla

Níl cead ag aicmí áirithe foirne i RTÉ a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí polaitiúla. Shamhlófaí go raibh sé seo in aghaidh chearta bunreachtúla an duine. Mar sin féin, más mian le duine a cheart ar bhallraíocht de pháirtí polaitíochta a fheidhmiú, nó a bheith gafa le gníomhaíocht pholaitiúil, tá RTÉ i dteideal catagóir fhostaíochta an duine a athrú go ceannmar nach dtarraingíonn rannpháirtíocht sa pholaitíocht amhras ar neamhchlaontacht RTÉ. Ní chuirtear na srianta seo i bhfeidhm chun saoirse a chúngú, ach chun a dhearbhú don phobaléisteachta agus féachana go bhfuil RTÉ neamhchlaonta agus oibiachtúil. Is léir gur gá cothrom a chothú idir cearta an duine aonair agus an fhreagracht choiteann. I measc na gcatagóirí srianta nach ceadaithe dóibh a bheith páirteach i ngníomhaíocht pholaitiúil, tá:

- An Príomh-Stiúrthóir, agus baill eile an Bhoird Fheidhmeannais, Grúp-Rúnaí RTÉ, Stiúrthóir Feidhmeannais na nGrúpaí Oirfide, Stiúrthóir Feidhmeannais Foilsitheoireachta RTÉ, Stiúrthóir Feidhmeannais Líonra Tarchur RTÉ Teo., Ceannasaí Pholasaí Gnóthaí Poiblí,

- Sna Rannóga Clár Raidió agus Teilifíse, baill na mBord Raidió agus Teilifíse, baill Ghrúpa Bainistíochta Eagarthóireachta Radio 1, baill Ghrúpa Bainistíochta Eagarthóireachta Raidió na Gaeltachta, Ceannasaí RTÉ Lyric fm, eagarthóirí coimisiúnaithe, leas-eagarthóirí coimisiúnaithe, láithreoirí, tuairisceoirí, taighdeoirí, stiúrthóirí, leas-léiritheoirí, comhordaitheoirí craolacháin agus cúntóirí craolacháin.

- Sa Roinn Nuachta agus Cúrsaí Reatha, baill an Ghrúpa Bainistíochta Eagarthóireachta, an fhoireann iriseoireachta uile, iadsan a fheiceann an pobal agus iadsan a bhíonn ag plé le léiriú nuachta.

- Sna Rannóga Ar Líne agus Foilsitheoireachta baill an Ghrúpa Bainistíochta, na hiriseoirí uile.

Tá gníomhaíocht nach bhfuil toise phoiblí léi (mar shampla, obair chúlseomra i bpáirtí polaitíochta) san áireamh sa sainmhíniú ar ghníomhaíocht pholaitiúil (mar shampla, obair mar dhuine chúlseomra i bpáirtí polaitíochta). Tá mionghníomhaíocht pholaitiúil neamhpháirtí ceadaithe, mar shampla páirtíocht i ngrúpaí áitritheoirí, i mbrúghrúpaí comhshaoil, etc. Ach is gá a bheith cáiréiseach nach dtarraingítear amhras ar RTÉ i slí ar bith.

Caithfidh daoine a oibríonn i gcatagóirí srianta a chur in iúl don Phríomh-Stiúrthóir trína gCeannasaithe Roinne má tá sé ar intinn acu seasamh mar iarrthóirí do Pharlaimint nahEorpa, do Dháil Éireann, do Sheanad Éireann nó i dtoghcháin áitiúla. Ní thagann sé le hoibleagáidí reachtúla RTÉ ligean do dhaoine atá ag seasamh mar iarrthóirí obair do RTÉ i mball a ngabhann freagracht eagarthóireachta leis. Caithfidh siadsan atá ag seasamh mar iarrthóirí cead neamhláithreachta a lorg óna bpoist. Más mian leo filleadh ar obair tar éis toghcháin, ní féidir le RTÉ dul i mbannaí air gur féidir leo filleadh ar na poist chéanna. Is féidir le daoine a oibríonn i gcatagóirí srianta, ar mian leo filleadh ar RTÉ tar éis teip i dtoghchán, a bheith ag súil le moratoriaum sula gceadaítear dóibh filleadh ar an seanphost. Baineann na catagóirí srianta le gach aon duine,

is cuma faoina stádas conartha. D’fhéadfadh gur gá clárdhéantóirí a bhíonn ag obair do chomhlachtaí neamhspleácha ar chláir atá coimisiúnaithe ag RTÉ a shrianadh chomh maith. Déanfar cinntí ar bhonn cáis i ndiaidh cáis.

Caithfidh baill fhoirne a oibríonn i gcatagóirí neamhshrianta discréid a léiriú ina ngníomhaíocht pholaitiúil chun aon choinbhleacht le hoibleagáidí reachtúla RTÉ a sheachaint. Is coinníoll seirbhíse é gan aon duine aon rud a dhéanamh a tharraingeodhdrochamhras ar RTÉ.

## Feachtais Toghcháin agus Reifrinn

Is ar an aer a tharlaíonn mórchuid de thoghchánaíocht agus d'fheachtais nua-aimseartha agus tá ról lárnach ag RTÉ sna próisis seo. Tá léirithe ag taighde go mbraitheann an pobal ar an raidió agus ar an teilifís do mhórchuid de na fíricí a sholáthar a imríonn tionchar ar chinnteoireacht ag am toghcháin. Seachas deiseanna díospóireachta polaitíochta a chur ar fáil, is cuid riachtanach de ról RTÉ aimsir thoghcháin an chothroime agus an neamhchlaontacht. Tagann feidhmiú na láithreoirí agus na dtuairisceoirí faoi ghéarscrúdú. Chomh maith le bheith neamhchlaonta gan cháim sa tslí a dhéileáiltear leis an díospóireacht pholaitíochta, caithfidh sé a bheith le feiceáil go bhfuil RTÉ amhlaidh.

Is cuid thábhachtach d'imeachtaí RTÉ aimsir thoghcháin agus reifrinn an mhonatóireacht ar an aschur raidió agus teilifíse. Cuireann RTÉ ina ionad Grúpa Stiúrtha atá ionadaíoch ar gach réimse aschuir le haghaidh gach Ollthoghchán, Toghchán Eorpach, Toghchán Uachtaránach agus Reifreann. Déanann an Príomh-Stiúrthóir cathaoirleacht ar an nGrúpa seo agus cuimsíonn sé lucht bainistíochta sinsearaí ós na Ranna Nuachta agus Cúrsaí Reatha, Clár Raidió, Clár Teilifíse, agus Seirbhísí Ar Líne RTÉ. Comhordaíonn an grúpa seo tuairisciúRTÉ ar an bhfeachtas agus deimhníonn go bhfuil tuairisciú RTÉ cothrom i leith gach páirtí. Is gá coimheá a chothú laistigh de chláir ar leith agus san aschur iomlán. Cuirtear monatóireacht fhoirmiúil ina ionad ag druidim le toghcháin chun eolas cruinn faoi thuairisciú toghcháin ar chainéil uile RTÉ agus le cinntiú go mbaintear amach an coimheá. Déantar neasúnú ar theacht i láthair gach iarrthóir agus a bhfoirne toghcháin. Ba cheart d'fhoirne léirithe cabhrú leo siúd atá ag déanamh monatóireachta agus eolas cruinn a sholáthar.

Ag druidim le toghcháin, d'fhéadfadh go srianfaí teacht i láthair polaiteoirí agus iarrthóirí ar chláir nach Cláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha iad. Ba cheart do chlárdhéantóirí comhairle a lorg ar an mbainistíocht eagarthóireachta ríomh ghealltanais a thabhairt do pholaiteoirí agus iarrthóirí.

Tá ar gach clárdhéantóir tuairisciú cothromaithe a bhaint amach laistigh dá gcláir féin (pé aculaistigh de chláir ar leith nó cláir chomhcheangailte). Áit a dtarlaíonn eachtraí gan coinne a chuireann isteach ar an gcothroime (e.g. iarrthóir gan teacht le haghaidh agallaimh nó nasc ag teip) caithfear é sin a chur in iúl don Ghrúpa Stiúrtha chomh luath agus is féidir. Laistigh den Roinn Nuachta, aithnítear go bhféadfadh luachanna nuachta tús áite a fháil ar aird chomhréireach a chionroinnt ar iarrthóirí. Am ar bith a tharlaíonn sé seo, caithfear an Grúpa Stiúrtha a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir chun go ndéanfaí plé iomlán ar an iarmhairt.

## Gníomhaíocht Choiriúil agus an Craolachán

Cuireann reachtaíocht chraoltóireachta ceanglas ar gach déantóir cláir gan rud ar bith a chraoladh is dócha a ndéanfadh coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú. D'fhéadfadh go n-eascródh ceist na coireachta i gcláir nuachta, chúrsaí reatha agus drámaíochta. Tá sé tábhachtach agus iad ag déileáil leis an gcoireacht nach molfadh nó nach spreagfadh déantóirí clár aon ghníomhaíocht choiriúil ar shlí ar bith. D'fhéadfadh, uaireanta, gur mian le déantóirí clár agallamh a chur ar dhaoine ar cúisíodh i ngníomhaíocht choiriúil iad nó a mbeadh baint acu léi. Tá sé tábhachtach, ar na hócáidí sin, a chinntiú go dtuigfidh an lucht féachana cén fáth a bhfuil an t-agallamh á dhéanamh agus nach gciallaíonn craoladh an agallaimh go bhfuiltear ag moladh na gníomhaíochta coiriúla. D'fhéadfadh agallamh léargas a thabhairt ar chúiseanna agus iarmhairtí na coireachta. Mar sin féin, ní féidir leo spreagadh a thabhairt do dhaoine dul i mbun coireachta.

Ba chóir go mbreithneofaí íospartaigh coireachta a chur san áireamh sna tuairiscí ina mbíonn na daoine a théann i mbun coireachta rannpháirteach. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh déantóirí clár íogaireach do chearta íospartach coireachta i leith príobháideachas. D'fhéadfadh go mbeadh gá uaireanta taithí íospartach a chur san áireamh i bhfoirm inaithnid. Caithfear a bheith cúramach gan mór a dhéanamh den ghníomhaíocht choiriúil.

Caithfear a bheith cúramach freisin nach gcuirfeadh tuairisciú na gníomhaíochta coiriúla an iomarca faitís nach bhfuil gá leis ar an bpobal.

Tá daoine ar cúisíodh i ngníomhaíocht choiriúil iad agus a bhfuil a bpianbhreitheanna curtha isteach acu i dteideal a ndea-cháil a athshlánú. Sa chás go dtugtar mionsonraí faoi stair choiriúil duine roimhe seo i dtuairisc ba chóir go mbreithneofaí go cúramach an bhfuil údar maith eagarthóireachta leis sin a chur san áireamh. Sa chás nach n-éilíonn comhthéacs thuairisc faoi leith go ndéanfaí tagairt do ghníomhaíocht choiriúil roimh ré ba chóir tagairtí den sórt sin a sheachaint. Caithfear cead ón mbainistíocht a lorg má táthar ag breithniú duine atá ar chlár na gciontóirí gnéis a aithint.

D'fhéadfadh gur mian le déantóirí clár gníomhaíocht choiriúil a thaifeadadh uaireanta mar chuid de thuairisc (mar shampla, íomhánna de dhíol drugaí ar an tsráid). Sa chás go measann déantóirí clár go bhfuil sin riachtanach caithfidh an bhainistíocht eagarthóireachta cead a thabhairt sula ndéantar taifeadadh.

Tá oibleagáid ar dhéantóirí clár mar shaoránaigh gníomhaíocht mhídhleathach a chur in iúl do na póilíní. Sa chás go gcreideann déantóirí clár go bhfuil leas an phobail níos tábhachtaí ná an oibleagáid sin agus le cead faighte roimh ré ón mbainistíocht eagarthóireachta, féadfar tuairisc ina bhfuil léiriú ar ghníomhaíocht choiriúil a chraoladh gan í a chur in iúl do na Gardaí roimh ré. Tá líne thanaí a chaitear a tharraingt idir oibleagáidí saoránach maidir lena chinntiú go gcuirtear an dlí ar choirpigh agus leas an phobail maidir le gníomhaíocht choiriúil a nochtadh. Ní mór do thuairisceoir a bhíonn i staid mar sin comhairle a lorg ón mbainistíocht eagarthóireachta. Caithtear an

chomhairle sin a lorg in am tráth le go mbeifear in ann comhairle dlí a bhreithniú chomh maith. Caithfear tosaíocht a thabhairt do leas an phobail i gcónaí.

Caithfear a bheith cúramach a chinntiú nach mbeifear ag déanamh aithris ar ghníomhaíocht choiriúil tar éis tuairisc uirthi a fheiceáil. Sa chás go bhféadfadh go mbeadh mar éifeacht ag clár léiriú a thabhairt ar an tslí le gné éigin de ghníomhaíocht mhídhleathach a dhéanamh, ba chóir cothromaíocht iomlán leas an phobail i ndáil le tuairisciú den sórt sin a bhreithniú go cúramach. Baineann go leor de na ceisteanna a bhaineann le tuairisciú ar choireacht le tuairisciú ar iompar frithshóisialta chomh maith.

Cruthaítear fadhbanna eile trí ábhair chartlainne nó stoc-seatanna a úsáid chun gníomhaíocht choiriúil nó iompar frithshóisialta a léiriú. Ní mór an comhthéacs eagarthóireachta inar taifeadadh an t-ábhar i dtús báire a chur san áireamh. B'fhéidir nach mbeadh sé iomchuí ábhar cartlainne nó stoc-seatanna a úsáid i gcomhthéacs agus i bhfráma ama éagsúil. D'fhéadfaí fadhbanna a chruthú freisin trí chlár ina bhfuil gníomhaíocht choiriúil nó iompar frithshóisialta a athchraoladh. Ní mór imeacht ama a chur san áireamh agus d'fhéadfadh íomhánna de dhuine a bhí i mbun coireachta nó iompair frithshóisialta san am atá caite a bheith éagórach don duine sin ina dhiaidh sin.

## Fógraíocht, Urraíocht agus Cúrsaí Tráchtála

### Fógraíocht

Faigheann RTÉ tuairim is leath a chuid ioncaim as foinsí tráchtála. Mar sin féin, ní mór éiteas chraolachán na seirbhíse poiblí, neamhspleách ar thionchair thráchtála, a bheith i gcónaí agRTÉ. Tá treoirlínte a chaithfear a chomhlíonadh ar fáil ar fhógraíocht, leanaí agus craolachán, suíomh táirgí agus urraíocht. Caithfidh an breathnóir agus an t-éisteoir a bhraith nach raibh tionchar ar bith ag fógróir ar ábhar cláir.

### Urraíocht

Is gá na socruithe urraíochta uile, le haghaidh clár inmheánach agus coimisiúnaithe araon, a bheith comhordaithe ag Bainisteoirí Urraíochta RTÉ sa Roinn Teilífíse nó sa Roinn Raidióagus aontaithe ag Coiste Urraíochta RTÉ. Ní ceadmhach do léiritheoirí, bídís inmheánach nó neamhspleách, socruithe conartha a dhéanamh le hábhar urraí, gan gafacht na mBainisteoirí Urraíochta.

Tá saghasanna éagsúla urraíochta ann. Is féidir le heagraíocht nó comhlacht tráchtála conradh tráchtála a dhéanamh d'urraíocht ar chlár nó ar shraith clár. I líon teoranta cásanna, is féidir sainchonradh a shocrú faoin a n-úsáidfí cuid nó iomlán an airgid urraíochta ar bhuiséad an chláir, chun an clár a fheabhsú. I dtosca eisceachtúla, is féidir an t-ioncam urraíochta a úsáid chun an léiriúchán a airgeadú go díreach. Baineann seo le cás nach bhféadfaí an clár a dhéanamh gan airgead urraíochta. Ní féidir socrú mar seo a dhéanamh gan cead an Bhoird Teilifíse nó an Bhoird Raidió. Baineann na treoirlínte chéanna le léiritheoirí neamhspleácha agus a bhaineann le léiritheoirí inmheánacha. Ní cheadaítear urraíocht ar chláir do Leanaí, ar chláir Reiligiúin, nó ar chláir Nuachta nó Cúrsaí Reatha.

Chomh maith le RTÉ a íoc as aitheantas urraíochta, is féidir le cuideachtaí tráchtála urraíocht chomhchineáil a chur ar fáil i bhfoirm seirbhísí nó earraí le haghaidh cláir. Is ionann na treoirlínte do chásanna mar seo is d'urraíocht i bhoirm íocaíochtaí airgid.

### Duaiseanna

Is cineál urraíochta é duaiseanna a chur ar fáil do chláir raidió agus teilifíse. D'fhéadfadh míúsáid duaiseanna "mar bhronntanais" a bheith díobhálach do chraolachán na seirbhíse poiblí. Is gá a bheith aireach maidir leis an gcaint agus an tuin nuair a thagraítear do dhuaiseanna. Ní cóir do láithreoir cláir cóip fhógraíochta a léamh amach a bhaineann le duaiseanna a sholáthraítear saor in aisce do RTÉ. Is gá maíomh áibhealach i dtaobh an táirge a sheachaint. Is gá tuin na cainte a bheith neodrach (i.e., ná bíodh an cuma air go bhfuil an láithreoir ag cur chun cinn an táirge). Caithfidh léiritheoirí féachaint chuige nach bhfuil comhlachtaí a chuireann duaiseanna ar fáil á úsáid san chun fógraíocht raidió nó teilifíse a sheachaint.

Tá **Sponsorship Guidelines** RTÉ le fáil ar láithreán gréasáin RTÉ (http://www.rte.ie)

**Suíomh Táirgí**

Ní cheadaítear suíomh táirgí (i.e. táirge nó seirbhís a áireamh mar chuid de chlár ar íocaíocht) ar aon chúinse. Tá cead ag léiritheoirí imeachtaí urraithe ligint don phobal ról an urraithe a aithint, ach ba cheart dóibh gach dícheall a dhéanamh i gcláir teilifíse comharthaíocht iomarcach a bhaineann leis an urra a sheachaint.

## Cóipcheart, Cearta agus Dleachtanna

**Cearta agus Dleachta**

Tháinig forbairt ar an dlí maidir le Cearta Maoine Intleachta le blianta beaga anuas. Tá cearta tagtha ina gcúinsí an-tábhachtacha i gcleachtas chraolacháin. Caithfidh clárdhéantóirí iad féin a chur ar an eolas i gceart ar chuid de na cúinsí is tábhachtaí. Is féidir le saothar intleachta a bheith ina “mhaoin” lán chomh maith le saothar láimhe. Údair, cumadóirí, dearthóirí, is féidir leo ar fad a bheith ina n-úinéirí ar “mhaoin intleachta”, agus más mian le clárdhéantóirí an mhaoin seo a úsáid, caithfidh sé/sí ceadúnas a fháil, agus tá na húinéirí i dteideal íocaíochta. Caithfear a bheith ríchúramach chun nach mbeadh bradaíl le cur ina leith. Tharlódh go bpléifeadh léiritheoirí formáideanna agus smaointe le daoine cruthaitheacheacha agus go ndéanfaí cláir ar ball ina mbeadh cuid de na heilimintí a pléadh i gcomhráití nó ag cruinnithe. D’fhéadfaí a mhaíomh gur “goideadh” smaointe nó gur sáraíodh cóipcheart.

Is gá do chlárdhéantóirí cuimhneamh go bhféadfadh táillí coipcheart agus/nó dleachtanna a bheith ag dul do threasphháirtithe as cláir a chraoladh. Tá sé de dhualgas ar chlárdhéantóirí a chinntiú go líontar isteach na tuairiscí ar cheol a úsáideadh, go mbíonn socruithe conarthalánsoiléir, agus go mbíonn an céadú cuí faighte d’ábhar nach le RTÉ é, etc.

Is gá a fhios a bheith ag clárdhéantóirí chomh maith go bhfuil siad freagrach as a dheimhniú go síníonn rannpháirtithe conarthaí a thugann cearta dá rannpháirtíocht do RTÉ. Maidir le cláir, d’fhéadfadh gur cóir Conarthaí ar an Láthair a shíniú le rannpháirtithe agus oirfidigh nuair a dhéantar an taifeadadh. Nuair a bhíonn níos mó ná agallamh simplí i gceist le rannpháirtí, bíonn conradh níos cuimsithí riachtanach de ghnáth. Tá sé tábhachtach go ndéileáilfeadh na conarthaí seo go cuimsitheach le gach saincheist chearta agus go gcosnófaí leas RTÉ. Sa Nuacht, mar a tharlaíonn craoladh beagnach láithreach i ndiaidh taifeadta, níl gá le Conarthaí ar an Láthair. Aithnítear aontú a bheith páirteach san agallamh mar chead an tagallamh a chraoladh.

**Leiriúcháin Neamhspleácha**

Tá Cód Cleachtais ag RTÉ le déileáil le moltaí cláir ó léiritheoirí neamhspleácha. Déileáileann an Cód Cleachtais seo go sonrach le saincheist na húinéireachta agus cosaint idéanna, formáidí, etc. a chuirtear faoi bhráid RTÉ, nó atá ina n-ábhar plé idir RTÉ agusléiritheoirí neamhspleácha. Is ceart do dhaoine atá ag obair i RTÉ, a fhaigheann moltaí cláirnó scripteanna as lasmuigh de RTÉ, iad féin a chur ar an eolas faoi chur chuige RTÉ i leith na ngnóthaí seo. Chomh maith leis na gnáthoibleagáidí conarthacha a shonraítear sa chonradh cláir idir RTÉ agus cuideachtaí neamhspleácha léiriúcháin, caithfidh gach clár a choimisiúnaíonn RTÉ ón earnáil neamhspleách cloí leis na treoirlínte céanna le léiriúcháin óntaobh istigh. Bíonn freagracht dlí ar RTÉ i leith gach cláir a chraolann sé. Ina ainneoin seo tá dualgas ar léiritheoirí neamhspleácha féachaint chuige nach sáraíonn na cláir a chuireann siad ar fáil do RTÉ cóipcheart aon treasphháirtí, agus go réitíonn siad le dlí an chlúmhillte agus le díspeagadh cúirte, mar is ábhartha. Tá an chumarsáid idir chomhlachtaí neamhspleácha léiriúcháin agus

Eagarthóirí Coimisiúnaithe RTÉ lán chomh tábhachtach le cumarsáid inmheánach RTÉ. D'fhéadfadh comhairle dhlíthiúil ó aturnaetha RTÉ a bheith ar fáil do chomhlachtaí neamhspleácha, áit a bhfuil fadhb le hábhar cláir. Caithfidh léiritheoirí neamhspleácha ar mhian leo comhairle dhlíthiúil a lorg é sin a dhéanamh tríd an Eagarthóir Coimisiúnaithe raidió nó teilifíse cuí.

## Cartlanna

Tá cartlanna sárluachmhara fuaime agus físe a cnuasaíodh ó 1926 ag RTÉ. Chomh maith lena n-olltábhacht náisiúnta agus chultúrtha, tá na cartlanna seo ar fáil mar mhaithe le cláir. Is gá do chlárdhéantóirí luach na cartlainne a thuiscint agus gan aon ní a dhéanamh a laghdódh an luach sin. Is gá do chlárdhéantóirí a mheabhrú, chomh maith, go mbeidh a gcláir agus a dtuairiscí féin anois ina gcuid de chartlann RTÉ ar ball. Is gné thábhachtach d'obair na gclárdhéantóirí í cúram ábhair tar éis a tharchuir lena dheimhniú go ndéantar cartlannú agus innéacsú i gceart ar théipeanna. Is ar na clárdhéantóirí atá an fhreagracht a chinntiú go soláthraítear don chartlann gach eolas maidir le srianta ar chearta, chomh maith le húinéireacht chóipchirt ar phíosaí agus ar ghrianghraif a úsáideadh i gcláir, sa bhfoirm a éilíonn an leabharlann. Mura gcuirtear na sonraí seo ar fad ar fáil, ní féidir leis an bhfoireann cartlainne na taifid a chomhlánú. Cruthóidh taifid atá neamhiomlán deacrachtaí taighde do chlárdhéantóirí ar ball agus thiocfadh sárú cóipchirt dá bharr i gcásanna áirithe. Bheadh deacrachtaí ag RTÉ leas a bhaint as poitéinseal, tráchtála na cartlainne chomh maith. Is mó go mór luach na cartlainne má tá gach socrú conarthach soiléir agus taifid chearta á gcoimeád. Má bhíonn sonraí cóipchirt in easnamh, tharlódh nach mbeadh ar chumas RTÉ acmhainn tráchtála na cartlainne a chur chun tairbhe.

Tá foireann na Leabharlann ann chun sealúchas RTÉ a chosaint agus a fheabhsú. Is gá cloí lena gcuid rialachán maidir le taighde, cóipeáil agus iasachtaí. Má sháraítear, nó má dhéantar neamhaird de rialacháin, is féidir leis an Leabharlann cearta rochtana clárdhéantóra a chealú. Níl údarás ag clárdhéantóirí socruithe conarthacha a dhéanamh le comhlachtaí léiriúcháineile, áit a dtáirgítear cartlanna RTÉ ina gcomhchineál mar chuid de thiomantas RTÉ i leith an léiriúcháin. Caithfidh léiriúcháin ón dtaobh istigh, comhléiriúcháin agus léiriúcháin neamhspleácha costais chartlainne a chur san áireamh ina mbuiséid nuair a phleanáiltear cláir a mbeidh gá acu le Cartlanna RTÉ. Áit a bhfuil cláir á bpleanáil, gurb é is dóichí úsáid mhaith mhór a bheith acu d'ábhar cartlainne, is cóir é seo a chur in iúl do Cheannasaí na Leabharlainne chomh luath agus is féidir sa phróiseas léiriúcháin. Baineann na rialacháin le gach meán, agus seirbhísí gréasán-bhunaithe trína bhfuil teacht ar chartlanna san áireamh, chomh maith le léiriúchán raidió agus teilifíse.

# Seirbhísí Ar Líne RTÉ

Cuireann Seirbhísí Ar Líne RTÉ seirbhís fhorleathan ar fáil do dhaoine ina gcónaí in Éirinn agus thar lear. Soláthraíonn sé nuacht, siamsaíocht, gnó, spórt, faisnéis cláir agus cartlanna. Is é an chéad áit a theann daoine anois chun eolas a fháil ar réimse iomlán ábhar. Na caighdeáin chéanna a bhaineann le seirbhísí RTÉ ar raidió agus ar theilifís, baineann siad chomh maith le Seirbhisí RTÉ Ar Líne. Tá úsáideoirí Sheirbhísí ar Líne RTÉ i dteidealbheith ag súil le nuacht neamhchlaonta chruinn, tuairimíocht chóir agus trédhearcacht ina seirbhísí uile. Ba cheart do chlárdhéantóirí ag obair ar raidió agus ar theilifís an breisluach is féidir le Seirbhisí Ar Líne a chur lena gcláir a chur san áireamh. Is féidir gurb é atá sa mhéid seo soláthar ábhair bhreise faoi ábhair ar tuairiscíodh orthu i gcláir, nó aiseolas ón lucht éisteachta / féachana, nó díospóireacht sínte, nó siamsaíocht idirghníomhach, nó cnuasach leabharlainne fairsinge clos-amhairc den saol comhaimseartha.

Is i méid a bheidh rochtain gréasáin daoine ar sheirbhísí raidió agus teilifíse RTÉ. Mar a fhorbraíonn an teicneolaíocht sna blianta atá romhainn amach, ní bheidh na difríochtaí idir na seirbhísí éagsúla chomh suntasach chéanna. Ansan is ionann do bhaill áirithe den phobalRTÉ agus Seirbhisi Ar Líne RTÉ. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an iontaoibh agus an mhuinín ard chéanna ag an bpobal as Seirbhisí Ar Líne RTÉ is atá acu as Raidió agus Teilifís RTÉ.

Nascanna le láithreáin ghréasáin eile is ea cuid de na seirbhísí a sholáthraíonn Seirbhísí Ar Líne RTE. Nuair a chuirtear nascanna le láithreáin ghréasáin treaspháirtí ar fáil, ní mór go mbeadh RTÉ deimhin go bhfuil ábhar na láithreán sin cuí. Toisc nach bhfuil smacht ar bithag RTÉ ar ábhar láithreán ghréasáin nasctha, d'fhéadfadh go mbeadh gá le séanadh dlíthiúil. Is ga a bheith san airdeall nach ndéantar dochar d'ionracas agus do chlú RTÉ trí chomhcheangal ar bith le láithreán gréasáin. Ní mór fógraíocht ar bith ar Sheirbhísí Ar Líne RTÉ a bheith aitheanta go soiléir mar fhógraíocht. Ní féidir ábhar eagarthóireachta a bheith faoi thionchar chuinsí fógraíochta nó cúinsí tráchtála ar bith eile.

Ní mór dóibh siúd a bhfuil freagracht eagarthóireachta acu as Seirbhisí Ar Líne RTÉ a bheith feasach i gcónaí go bhféadfadh leanaí gan mhaoirseacht tuismitheora rochtain a dhéanamh ar láithreáin ghréasáin.

# Préimh-Ghlaonna

Baintear úsáid as préimh-línte teileafóin agus préimh-sheirbhisí téacs chun réimse seirbhisí,lena mbíonn an lucht éisteachta / féachana idirghniomhach, a sholáthar do Chláir RTÉ. Orthu seo tá idir línte votála agus linte tuairime. Tá seirbhisí Préimh-Ghlaonna faoi riar ag Riaraitheoirí na Seirbhísí Préimh-Theileachumarsáide (Regtel). Ní mór costas iomlán glaonna Préimh-ráta d'usáideoirí a thabhairt (in aghaidh noiméid nó in aghaidh glaoigh). Ní mór an fhaisnéis a thaispeáint ar scáileán i gclár teilifíse fada go leor agus soiléir go leor le gur féidir í a léamh go héasca.

**Cláir do Leanaí**

Áit ar féidir go mbeidh an lucht éisteachta / féachana faoi bhun 18 mbliana, is gá a shainiú gur cheart cead íocora an bhille a lorg. Ba cheart go sochrofai praghas préimh-ghlaoch le haghaidh cláir do leanaí ag bun an speictrim praghais. I gcoitinne, níor cheart go gcosnódh glaonna nios mo ná costais poist.

**Téarmaí agus Coinníollacha**

Ba cheart go mbeadh teacht ar Théarmai agus Choinníollacha ar láithreán greasáin RTÉ agus ar Aertel.

**Athchraolta**

Ba cheart iarracht a dhéanamh le cinntiú nach n-úsáidfidh daoine an tseirbhis Préimhghlaonna tar éis scoir dá chuspóir beartaithe (má bhionn críoch le votáil ag am áirithe, taispeántar an fhaisneis sin go soiléir nó tugtar an t-eolas ar ghuthú, le cinntiú nach gcaithfidh daoine votaí tar éis dúnadh an vótála). Is gá a bheith airdeallach nuair a athchraoltar cláir go bhfuil breathnóirí feasach gur athchraoladh atá á fhaire acu agus go bhfuil an votáil thart. D'fhéadfadh go mbeadh gá le fortheideal ar scáileán ag cur in iúl gur athchraoladh atá ann agus nach clár beo.

Baineann na riachtanais seo mar an gceanna le cláir inmheánacha agus cláir choimisiúnaithe. **Ní mór gach moladh maidir maidir le húsáid seirbhísí préimh-ghlao a cheadú roimh ré le hAonad Idirghníomh Lucht Éisteachta / Féachana RTÉ.**

## Ag déileáil le Gearáin faoi Chláir

Ta pobal féachana agus éisteachta RTÉ i dteideal a dtuairimí a chur in iúl, agus gearán a dhéanamh faoina gcraoltar. Tá aiseolas ón lucht éisteachta / féachana tábhachtach do chlárdhéantóirí RTÉ. Caithfih RTÉ gach teachtaireacht réasúnata ón bpobal i dtaobh ábhair cláir a fhreagairt. Is é polasaí RTÉ i gcás gach gearán freagra le dealramh a thabhairt ina ndéantar iarracht déileáil leis na ceisteanna a ardaítear. Ó am go chéile, ciallaíonn sé seo go nglacfaí leis go raibh craoladh easnamhach. Más é tuairim na gclárdhéantóirí go raibh, is ceart i gcónaí comhairle agus treoir ó na maoir eagarthóireachta a fháil, sula bhfreagraítear. Is gá cuimhneamh ar na himpleachtaí dlí a fhéadfadh a bheith i gceist sula n-eisítear freagra.

Leantar an modh imeachta seo leanas nuair fhaightear gearán:

- Is cóir gach gearán a chur in iúl do na bainisteoirí eagarthóireachta

- Is cóir gach gearán a fhaightear i scríbhinn nó ar an ríomhphost a fhreagairt laistigh de fiche lá oibre.

- Is cóir go ndéileáilfeadh freagraí le gearáin ar bhealach críochnúil. Ní leor an “gearán a nótáil” nó “do thuairimí a sheoladh ar aghaidh go dtí an láithreoir”.

- Is cóir a chur in iúl do ghearánaithe, más amhlaidh nach bhfuil siad sásta lesi an bhfreagra a fhaigheann siad, go bhfuil próiseas athbhreithnithe ar fáil dóibh laistigh de RTÉ. Bainisteoir eagarthóireachta níos sinsearaí ná an ball foirne a d’fhreagair an gearán sa chéad dul síos a dhéanfaidh an t-athbhreithniú i gcónaí. Is cóir do bhaill den phobal nach bhfuil sásta leis an bhfreagra a fhaigheann siad scríobh chuig Athbhreithniú gearán, RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath, 4. Beidh eolas faoi cheart an phobail gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin sa chomhfhreagras ó Athbhreithniú Gearán. Is féidir an ríomhphost a úsáid do chomhfhreagras. An seoladh ríomhphoist ná complaints.review@rte.ie

- Is cóir cóipeanna de gach gearán a mheastar a bheith tromchúiseach mar aon leis na freagraí orthu a choimeád ar comhad go ceann dhá bhlian tar éis an chláir faoinar rinneadh an gearán a bheith craolta.

Más é rogha daoine glaoch teileafóin a dhéanamh le RTÉ lena ngearáin agus a dtuairimíocht, ceanglófar de ghnáth iad le hOifig Fhaisnéise RTÉ, áit a gclárófar a ngearáin agus a nachoimreofar iad in achoimre sheachtanúil a mheasfar ag na boird eagarthóireachta éagsúla. Déanfar gearáin ríomhphoist chuig complaints@rte.ie a chlárú agus a scaipeadh chomh maith. Más gá, athsheolfaidh foireann na hOifige Faisneise comhfhreagras lena bhfuil gá le sainfhreagra ó láithreacha clár. Má shroicheann gearáin teileafóin láthair cláir go díreach, ba cheart go dtabharfaí an aird atá tuillte don ghearánaí. Má bhíonn sprioc-amanna clár a éilíonn aird phráinneach agus gan am go leor chun éisteacht le gearán nó tuairimíocht, ba cheart uimhir a iarraidh ar ghlaoiteóirí agus glaoch ar ais tar éis an sprioc-ama. Athchomhairleofar glaoiteóirí maslacha agus seasamhacha agus scoirfear a nglaonna.

## An Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin

Bhunaigh an tAire Poist agus Teileagraf an Coimisiún un Ghearáin Chraolacháin ar an 31 Márta 1977, faoi fhoráil Alt 4 den Acht um Údarás Craolacháin (Leasú) 1976. Is ar ghearáin faoi réimsí teoranta de ghníomhaíochtaí RTÉ is féidir leis an CGC breithiúnas a thabhairt. Is é sainchúram an CGC fiosrúchán a dhéanamh ar ghearáin dá leithéid seo leanas:

**Craolacháin Nuachta**

- Tuairiscí nuachta nach n-éirionn leo a bheith oibiachtúil agus neamhchlaonta

- Tuairiscí nuachta a ghríosaíonn chun coireachta nó a bhaineann an bonn d’údarás an stáit

- Tuairiscí nuachta a mbíonn tuairimí an Údaráis féin iontu. (Is í an bhrí a bhaintear as seo nár cheart do na tuairiscí tuairimí na n-iriseoirí a chur in iúl nó a chur chun cinn.).

**Cúrsaí Reatha**

- Chomh maith leis na riachtanais i leith clár Nuachta, clár ar bith a dtagraíonn ábhar ann do cheisteanna atá faoi chaibidil reatha, ní mór dó a bheith cothrom le gach leas

**Cláir go Ginearálta**

- Is foras gearáin é chomh maith má bhraitheann baill den phobal gur sáraíodh a bpríobháideacht go míréasúnta.

- Is féidir gearáin a dhéanamh más dóigh le breathnóir nó éisteoir gur sáraíodh na treoirlínte cuibhis agus cuibhiúlachta. Tá na Treoirlínte seo le fáil i gCód Caighdeán Clár Choimisiúin Craolacháin na hÉireann (CCÉ) atá le teacht isteach go luath i 2007 (ar fáil ag http://www.bci.ie nó http://www.bcc.ie).

- Is féidir gearáin a dhéanamh má líomhnaítear gur rinneadh dearbhú fíricí nó eolais míchruinn i dtaobh an ghearánaí, atá ina ionsaí ar a (h)oineach nó a d(h)ea-cháil. Tagraítear do seo mar clúmhilleadh. (Féach an mhír ar Chlúmhilleadh)

**Fógraíocht**

- Is féidir gearán a dhéanamh má bhraitheann ball den phobal gur sháraigh fógra a craoladh ar raidió nó ar theilifís Cód Ginearálta i Leith Fógraíocta an CCÉ nó an Cód i leith Fógraíochta do Leanaí (ar fáil ag http://www.bci.ie nó http://www.bcc.ie)

Is féidir gearáin faoi fhógraíocht a dhéanamh freisin leis hÚdaráis um Chaighdeáin Fógraíochta na hÉireann (ASAI).

Ní mór do chlárdhéantóirí, pé acu inmheánach nó ag obair do chomhlachtaí léiriúcháinneamhspleácha a coimisiúnaíodh ag RTÉ, cabhair a thabhairt i ndréachtadh aighneachta marfhreagairt ar ghearán atá tar éis a sheolta chuig RTÉ ag CGC. Má thacaíonn CGC le gearán, ní mór do RTÉ, i gcoitinne, cinneadh an CGC a chraoladh ag am craolta comhchosúil le ham craolta an chláir faoina rinneadh an gearán. Gan amhras, is féidir le craoladh cinnidh ar bith a thacaíonn le gearáin dochar a dhéanamh do chreidiúnacht RTÉ. Mar sin, is ar leas RTÉ é an aighneacht is fearr is féidir ar a chuid craolta a ullmhú. Ní hé polasaí RTÉ craoladh dochosanta a chosaint. Ní féidir, mar sin, le clárdhéantóirí a bheith ag súil le cosaint uathfheidhmeach RTÉ i bhfreagairt do ghearán os comhair an Choimisiúin. Más dóigh le RTÉ gur sháraigh clár na hoibleagáidí dlíthiúla, déarfaidh RTÉ é sin.

Is féidir gearáin a dhéanamh i scríbhinn leis an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin, 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2 nó ar ríomhphost chuig http://www.bcc.ie  Is é 01 6761097 an uimhir gutháin.

# Ceisteanna Sláinte agus Sábháilteachta

Tá dualgas reachtúil ar gach duine atá ag obair i RTÉ nó do RTÉ, cúram a dhéanamh dá s(h)ábháilteacht féin agus de shábháilteacht daoine eile agus iad ag obair. Tá dualgas ar fhostóir guais a aithint, priacal a laghdú agus a dheimhniú go bhfuil an timpeallacht oibre sábháilte. (Is ionann guais agus aon ní a fhéadfadh díobháil a dhéanamh. Is ionann priacal agus an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil sin.) Tugann **Ráiteas Sábháilteachta** RTÉ cuntas ar na príomhghuaiseanna a bhaineann le craolachán, agus na beartais is gá lena dtabhairt faoi smacht.

Ó am go chéile beidh foirne léirithe ag obair faoi chúinsí nó in áiteanna a mbaineann priacal áirithe leo (ag tuairisciú ar chíréib, mar shampla). Is ar an léiritheoir nó ar an duine i gceannas a thiteann dualgais an fhostóra ansin, ar an té atá freagrach as sábháilteacht fhoriomlán na foirne léirithe go léir. Caithfidh an léiritheoir na guaiseacha agus na priacail a chur san áireamh, breith a thabhairt ar inniúlacht agus oiliúint gach ball den fhoireann léiriúcháin, tábhacht an ghiota taifeadta a mheas, agus cinneadh a dhéanamh dul chun dul chun cinn nó gan dul chun cinn leis an taifeadadh.

Má dhéantar pleanáil ar an gcraoladh fada go leor roimh ré, ba cheart, i gcomhairle le baill eile na foirne, plean sábháilteachta a dhréachtú, ina bhfuil cuntais ar na guaiseacha agus na priacail agus conas mar a chosnófar sábháilteacht na foirne. Ait a aithnítear guaiseacha agus a bhfuil neart ama ann, ní mór do léiritheóirí tuairisc measúnaithe priacail a ullmhú. Cuirtear i gcrích aon bheart a laghdaíonn an leibhéal priacail (mar shampla an fhéadfadh sé a bheith níos sábháilte taifeadadh a dhéanamh níos sia ó láthair ná mar is gnách). Má mheastar go bhfuil priacal suntasach ann, tá ball ar bith den fhoireann léirithe i dteideal cúlú ón ionad.

Cé go bhfuil dualgas cúraim ar gach fostaí i leith a chomhoibrithe, fostaithe de chuid RTÉ agus saorchonraitheoirí, chomh maith le baill den phobal, is ar an léiritheoir (nó an duine i gceannas) a thiteann na príomhdhualgais dhlíthiúla.

**Grúpaí leochaileacha**

Is gá cáiréis ar leith nuair a bhíonn grúpaí leochaileacha, mar leanaí, agus seandaoine, i gceist.

**Sluaite**

Ábhar buartha eile ia ea áit a mbíonn sluaite (mar shampla, ag cluiche peile caitheann foirne léirithe baol don lucht féachana, nó ón lucht féachana, a chur san áireamh).

**Arda**

Is gá aire sa bhreis nuair is gá dul ar ard chun scannánaithe. Scaffalóirí inniúla amháin is cóir a fhostú. Is gá a bheith sárchúramach nach dtógtar ar chonradh oibre ach oibreoirí inniúlacha ar ardaitheorí hiodrálacha (cliabháin ardaithe). Línte leictreachais, treo na gaoithe, réimsí sábháilteacha, maoirseacht – baineann a sainchúramaí féin leo ar fad.

**Guaiseacha eile**
Nuair a thagann substaintí guaiseacha nó dóiteáin i gceist i gcás léiriúcháin, is gá aire ar leith a dhíriú ar smachtú na guaise. De ghnáth is gá freagracht speisialta a shainiú ar dhuine ar leith. Ní cóir éacht ar bith a thriail gan comhordaitheoir cáilithe a bheith i láthair. D'fhéadfadh cúnamh cáilithe paramíochaine a bheith riachtanach. D'fhéadfadh gá a bheith le láimhseoirí speisialta d'ainmhithe. Tá go leor guaiseacha eile ann (fisiciúil, ceimiceach, bitheolaíoch agus síceolaíoch). I gcás amhrais, lorgaítear comhairle.

Nota: Ní shaorann clúdach breise árachais léiritheoir ó dhliteanas sibhialta ná cóiriúil.

Má tá riachtanas le tuairisceoireacht ó ionad cogaidh idirnáisiúnta nó mar ar tharla mórthubaist nádúrtha, cuirfidh RTÉ oiliúint speisialta agus cumhdach árachais bhreise ar fáil. Tá sé ríthábhachtach go n-ullmhaítear tuairisc measúnaithe priacail chruinn sar a dtaistealaíonn aon duine chuig ionaid chomh dáinséarach sin. Cuirfear comhairliúcháin ar fáil ar filleadh dó/di más gá.

Is féidir eolas úsáideach a fháil ag:
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta http://www.hsa.ie

Tá comhairle ar Shláinte agus Sábháilteacht ar fáil ó **Oifigeach Sábháilteachta** RTÉ**.**

## Rabhaidh Buama agus Slándáil ag RTÉ

**Rabhaidh Buama**
Ní ceart neamhshuim a dhéanamh de rabhaidh buama agus bagartaí dá leithéid riamh, fiú mura bhfuil cuma na dóchúlachta ar an rabhadh. Cuimhnigh go mb'fhéidir go n-úsáidfí RTÉ chun an rabhadh a chur ar aghaidh. Dá luaithe a sheoltar an rabhadh chuig na seirbhísí éigeandála is ea is fearr. An chead chúram i gcónaí sábháilteacht an phobail.

Is gá a bheith an-chúramach maidir le poiblíocht neamhriachtanach do rabhaidh mar d'fhéadfaí duine a mhealladh chun a thuilleadh rabhaidh bréaga a thabhairt.

D'eisigh an Príomh-Oifigeach Slándála na treoirlínte seo leanas

1 Déan nóta d'am cruinn an rabhaidh

2. Déan nóta cruinn d'fhocail an rabhaidh – ionad an bhuama nó eile go háirithe, agus an tam a deir an té a ghlaoigh is dóichí atá sé le pléascadh nó le tarlú.

3. Fiafraigh:

Cá bhfuil an buama nó an bhagairt eile anois? Cén chuma atá air? Cathain atá sé le pléascadh? Cé a chuir ann é? Cén fáth ar cuireadh ann é?

4. Nótáil an guth fireann nó baineann atá ann

5. Nótáil tuin chainte an té a ghlaoigh

6. Nótáil an bhfuil cuma na meisce ar an té a ghlaoigh

7. Nótáil fuaimeanna sa chúlra, trácht, ceol, guthanna, etc.

8. Nótáil an bhfuil an guth aithnidiúil - cé hé/hí?

9. Nótáil an t-am a chroch sé/sí suas.

**Má bhaineann an bhagairt le foireann nó sealúchas RTÉ, cuir seo in iúl do Shlándáil láithreach. Má táthar ag iarraidh ar RTÉ bagairt níos forleithne a sheoladh ar aghaidh, cuir go dtí na Gardaí agus do Bhainisteoir féin é a luaithe agus a fhaightear an glaoch. Nótáil gurb é 999 (nó 122) an bealach is fearr le teagmháil leis na Gardaí.**

**Slándáil ag RTÉ**
Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh an lucht léiriúcháin rialú na slite isteach agus polasaithe slándála RTÉ. Má fhéadfadh aon phróiseas léiriúcháin dul i bhfeidhm ar cheisteanna slándála, is cóir dul i gcomhairle leis an bPriomh-Oifigeach Slándála. Ceist sárthábhachtach is ea na rialacháin dóiteáin, sábháilteachta agus slándála i ndéanamh aon chláir. Tá sé tábhachtach go mbeadh an fhoireann

léiriúcháin láneolach ar na rialacháin reatha dóiteáin, aslonnaithe agus sábháilteachta go léir.
Ní cóir do chlárdhéantóirí a bheith páirteach, nó aon duine eile a ghríosú chun a bheith páirteach, in aon ghníomhaíocht a laghdódh an tslándáil ag RTÉ, nó baill den fhoireann nó den phobal a chur i mbaol ar aon slí.

Ní féidir cead isteach i ngach láthair i RTÉ a thabhairt do dhaoine atá i mbun cláir a dhéanamh ach nach bhfuil fostaithe ag RTÉ. Mar shampla, is cóir lucht féachana nó lucht éisteachta a choimeád ar láthair theoranta aontaithe. Is gá a bheith an-chúramach nachngoidtear nó nach ndéantar damáiste do shealúchas RTÉ ná na foirne. Ní ceart cuireadh isteach i gcóiríocht RTÉ a thabhairt do dhuine ar bith atá ina bhaol don fhoirgneamh nó don fhoireann, de bharr a nádúir nó an staid ina bhfuil sé. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach uaireanta baill den phobal a thionlachan le linn a gcuairte ar RTÉ.

Ní ceart tabhairt faoi aon ghníomhaíocht sa chlárdhéanamh a fhéadfadh an córas aláraim dóiteáin a mhúscailt. Is ceart na foirgintí a fhágáil nuair a airítear an córas aláraim. Is féidir le haslonnuithe neamhriachtanacha de thoradh aláraim bhréige sábháilteacht na foirne a chur i mbaol gan ghá. D'fhéadfaí an craolachán a stop, chomh maith.

Is ceart aon ghné de dhéanamh clár a thrasnódh an mhír seo a chur faoi bhráid an Phríomh-Oifigigh Shlándála. Cuimhnigh gur ábhar cúraim do gach duine sábháilteacht agus slándáil.

Baineann sainchúram agus cáiréis dá leithéid chéanna le hobair amuigh ar shuíomh.